

Rogha dánta as LS G 167 i Leabharlann
Náisiúnta na hÉireann

Tráchtas PhD

2021

Philip Mac a' Ghoill

DEARBHÚ / DECLARATION

Dearbhaím nár cuireadh an saothar seo faoi bhráid na hOllscoile seo ná faoi bhráid Ollscoil ar bith eile roimhe seo, mar chuid de scrúdú céime, is gurb é mo shaothar féin go hiomlán é.

Ceadaím an tráchtas seo a chur i dtaisce i dtaisclann institiúide rochtana oscailte na hOllscoile, nó ceadaím don leabharlann amhlaidh a dhéanamh ar mo shon, de réir Dhlí Cóipchirt na hÉireann, agus de réir choinníollacha úsáide agus admhála Leabharlann Choláiste na Tríonóide.

* * *

I declare that this thesis has not been previously submitted as an exercise for a degree at this or any other university and that it is entirely my own work.

I agree to deposit this thesis in the University's open access institutional repository or allow the Library to do so on my behalf, subject to Irish Copyright Legislation and Trinity College Library conditions of use and acknowledgement.



Philip Mac a' Ghoill

Márta / March 2021

BUÍOCHAS

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le achan duine a thug lámh chuidithe dom an tráchtas seo a chur i gcrích.

Táim buíoch d'fhoirne na leabharlann a chuir fáilte romham agus a bhí sásta cabhrú liom agus mé ag obair leis na LSÍ. Táim buíoch den fhoireann i Leabharlann an Ruiséalaigh in Ollscoil na hÉireann Má Nuad go háirithe a bhí thar a bheith fáilteach agus cabhrach le linn mo chuairste, agus do David Knight, Cartlannaí Choláiste Stonyhurst, a sheol grianghraif ardchaighdeáin de LS chugam nach raibh ar fáil aon áit eile.

Táim buíoch d'fhoireann Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, an tOllamh Damian McManus go háirithe a mhúin modúil ar an Dán Díreach nuair a bhí mé i mbun na bunchéime, agus a thug aiseolas luachmhar dom le linn na tuairisce ar dhul chun cinn sa dara bliain den taighde. Gabhaim buíochas le Caoimhení Bhraonáin freisin, a bhí i gcónaí ar fáil agus sásta cabhrú le deacrachtaí riarracháin. Táim buíoch de Peter, d'Eimear agus d'Ariana as a gcuid comhluadair agus cairdis.

Tá buíochas speisialta ag dul don Dr Deirdre Nic Chárthaigh as cóip dá tráchtas PhD féin a chur ar fáil dom, agus as dréacht luath den tráchtas seo a léamh agus athraithe éagsúla a mholadh. Táim buíoch freisin d'Áine Nic an Mhuilinn a chabhraigh liom leis an teanga agus leis an bhfrásáiocht in áiteanna, agus as a cairdeas. Gabhaim buíochas leis an bhfoireann agus leis na taighdeoirí eile i Mol an tSeomra Fhada, Coláiste na Tríonóide, as a gcuid tacaíochta le linn na bliana deireanaí den taighde, go háirithe le linn phainindéim COVID-19.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le mo thuismitheoirí, le mo thríúr deirfiúracha, agus le mo chéile, Lucas, a thug misneach agus tacaíocht shárluachmhar dom.

Táim buíoch den Ollamh Damian McManus agus den Dr Eoghan Ó Raghallaigh a mhol athruithe éagsúla chun barr feabhas a chur ar an tráchtas seo.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo stiúrthóir, an Dr Eoin Mac Cá尔thaigh, as a shaineolas, a thacaíocht bhuan, agus a fhoighne gan deireadh. Bhí sé mar fhoinsí inspreagtha ón gcéad lá, agus táim go mór faoi chomaoin aige.

Mé féin faoi deara gach botún agus dearmad.

ACHOIMRE

Is éard atá sa tráchtas seo ná eagráin de shé dhán ón séú haois déag, le haistriúcháin orthu, bunaithe ar na cóipeanna díobh a mhaireann i LSÍ ón seachtú agus ón ochtú haois déag. Cumadh na dánta seo de réir rialacha teanga agus meadarachta na Nua-Ghaeilge Clasaicí. Tá cóip de gach dán i LS G 167 i Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus cumadh na dánta ar fad do phátrúin ó chlann Dálaigh, muintir Uí Dhomhnaill, a bhí i gceannas ar Thír Chonaill don chuid is mó den tréimhse chlasaiceach (1200–1650). Baineann na dánta atá sa tráchtas seo le triúr de na tiarnaí a bhí i gceannas i dtreo dheireadh na tréimhse clasaicí, 1537–1602: Maghnas Ó Domhnaill (†1563), Aodh Ó Domhnaill (†1600) agus Aodh Ruadh Ó Domhnaill (†1602).

Sa réamhrá, déantar cur síos ar na LSÍ ina bhfuil cóip de dhán(ta) atá in eagarr sa tráchtas seo. I gcás Dhán 6, a bhfuil naoi bhfinné ag baint leis, déantar seachadadh an dáin a rianú trí stair na naoi LSÍ a iniúchadh agus trí chomparáid a dhéanamh idir na leaganacha éagsúla atá acu den dán féin. Leagtar amach an polasaí eagarthóireachta sa réamhrá chomh maith.

Cuirtear réamhrá ar leith le Dánta 1–4, agus réamhrá ar leith le Dán 5 agus le Dán 6. Déantar cur síos ar na pátrúin, ar na filí, agus ar ábhar na ndánta. Déantar plé ar ghnéithe den mheadaracht, den teanga agus de stíl an fhile sna réamhráite seo chomh maith, agus leagtar amach polasaí ar leith do na filí éagsúla maidir le roinnt gnéithe den teanga.

Cuirtear an t-eagrán criticiúil de gach dán ar fáil taobh le leagan dioplómaitiúil ó LS amháin, chomh maith le haistriúchán Béarla. Nuair atá níos mó ná finné amháin i gceist, cuirtear léamha ar fáil thíos faoin eagrán ar gach leathanach. Leanann nótaí na heagráin agus déantar plé ansin ar ghnéithe spéisiúla den téacs agus ar dheacraícheataí ar leith a bhaineann leis an téacs agus leis an aistriúchán.

Dánta 1–4 — Cú Choigcríche (mac Dhiarmada mhic Thaidhg Chaim) Ó Cléirigh a chum na dánta seo do thiarna Thír Chonaill, Maghnas Ó Domhnaill, timpeall na bliana 1546.

Ollamh re seanchas ab ea Cú Choigcríche do mhuintir Uí Dhomhnaill i dTír Chonaill, ach d'éirigh idir é agus Maghnas Ó Domhnaill nuair a fuair Domhnall Ó Domhnaill, deartháir Mhaghnais, bás i mí Aibreáin 1546. Bhí Domhnall faoi chosaint Chú Choigcríche ag an am a maraíodh é, agus cuireadh Cú Choigcríche ar díbirt as Tír Chonaill tar éis an bháis. Chuaigh sé go Tuamhain, áit ar chum sé na dánta seo ag iarraidh ar Mhaghnais ligint dó teacht ar ais. Tá téama an dlí lárnach síos trí na dánta, agus maíonn an file go mbeidh an tiarna thíos leis an díbirt ar deireadh thiar, agus faigheann muid léargas ar ról an *ollaimh re seanchas* sa tsochaí.

Dán 5 — Uilliam Óg Mac an Bhaird a chum an dán seo d'Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill tar éis do Chineál Chonaill bua suntasach a bhaint amach ar fhórsaí Sheaáin Uí Néill i gcath Fhearsaid Mhór, a thit amach ar 8ú Bealtaine, 1567. Cur síos ar an gcath féin agus ar an méid a tharla ina dhiaidh atá sa chuid is mó den dán, ach tá roinnt rann ag déanamh cur síos ar luach an dáin féin, agus ceithre rann ag an deireadh ag moladh bhean an phátrúin (i.e. Fionnghuala iníon Mhic Dhomhnaill, ‘an Inghean Dubh’).

Dán 6 — Eochaidh (mac Mhaileachlainn Óig) Ó hEódhasa a chum an dán seo d'Aodh Ruadh Ó Domhnaill thart ar an am a ndearnadh tiarna d'Aodh Ruadh sa bhliain 1592. Cuireann an file a mhíshásamh in iúl faoin gcaoi ar theip ar ríthe na hÉireann ord agus síocháin a bhaint amach agus a choinneáil sa tír. Molann an file Aodh Ruadh mar oidhre dlisteanach ar an ardríocht, ag rá gurb eisean an t-aon duine a fhéadfaidh ord agus síocháin a thabhairt do mhuintir na hÉireann. Tá apalóg faoi Chonaire Mór sa dán seo, chomh maith le rann iargcomhairc ag an deireadh d'Aodh Mág Uidhir.

Ag deireadh an tráchtas, tá innéacsanna le léarscáileanna agus léiriú ar chraobh ghinealaigh chlann Dálaigh. Tá dhá aguisín ag deireadh an tráchtas freisin: tras-scríbhinn ar Dhán 6 ó LS eile atá in Aguisín 1, agus in Aguisín 2 tá aistriúchán ar chodanna de Dhán 6 le O’Grady a foilsíodh in *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library* (1926).

CLÁR

Réamhrá

Lámhscríbhinní	1
Polasaí eagarthóireachta	10

Dánta 1–4

Réamhrá.	16
Téacs, léamha agus aistriúchán	40
Nótaí	80

Dán 5

Réamhrá.	105
Téacs agus aistriúchán	116
Nótaí	134

Dán 6

Réamhrá.	144
Téacs, léamha agus aistriúchán	154
Nótaí	174
Aguisín 1: Tras-scríbhinn ar Dhán 6 as LS E	189
Aguisín 2: Aistriúchán O’Grady ar chodanna de Dhán 6	193
Giorrúcháin	195
Leabharliosta	198

Innéacsanna

Léarscáileanna	204
Craobh ghinealaigh chlann Dálaigh	209
Céadlínte na ndánta	210

LÁMHSCRÍBHINNÍ

Ní raibh cóip de na téacsanna sa tráchtas seo ar fáil taobh amuigh de na LSÍ go dtí gur foilsíodh *ABM* sa bhliain 2010, nuair a cuireadh tras-scríbhinn, le heagarthóireacht éadrom, de gach ceann acu ar fáil. Tá na téacsanna in eager agus aistrithe den chéad uair sa tráchtas seo.

LS G 167

- G 167** Tá cóip de gach dán atá in eager sa tráchtas seo i LS G 167,
(LS D) Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, duanaire dánta ar chlann Dálaigh. As na sé dhán sa tráchtas seo, níl aon chóip eile de cheithre cinn acu (dánta 2–5) ar fáil i LS ar bith eile. Tá alt in *Éigse* 1 (Ó Cléirigh 1939, 51–61, 130–42) ina bhfuil cur síos cuimsitheach ar an LS seo, agus tá cur síos uirthi i gcatalóg LSÍ Leabharlann Náisiúnta na hÉireann chomh maith (Ní Shéaghda 1979, 8–15). Séamus Mág Uidhir a scríobh an LS ar fad, an chuid is mó di sa bhliain 1727, agus chuir sé 19 leathanach eile léi ní ba dhéanaí, am éigin tar éis na bliana 1738. Aodh Ó Domhnaill, Ceathrú Mhic Oireacht, Co. Liatroma, a choimisiúnaigh an LS. Tá 406 leathanach inti ([viii] + 398), agus 112 dán éagsúil (chomh maith le hocht sliocht as Saltair na Rann ag an túis).

Dhá rud ar leith atá an-luachmhar faoin LS áirithe seo ná: (i) go bhfuil 29 dán inti, ar a laghad, nach bhfuil ar fáil in aon LS eile;¹ (ii)

¹ De réir an bhunachair filíochta ar líne (bardic.celt.dias.ie a ceadaíodh ar 10 Meitheamh 2020), is i LS G 167 amháin atá na dánta seo a leanas (ag baint úsáid as uimhreacha na ndánta mar atá siad sa bhunachar sonraí): 234, 312, 425, 462, 472, 655, 666, 690, 720, 760, 835, 905, 987, 1082, 1131, 1225, 1374, 1384, 1394, 1509, 1556, 1602, 1638, 1656, 1737, 1751, 1874, 1888, 1905.

go dtugtar eolas breise faoi chúlra roinnt dánta sna ceannscríbhinní a chuir an scríobhaí leo, ar foinse luachmhar iad do thaighdeoirí.

Ar na leathanaigh seo atá cóipeanna na ndánta atá in eager sa tráchtas seo:

Dán 1—112–7 [120–5]²

Dán 2—117–8 [125–6]

Dán 3—118–9 [126–7]

Dán 4—120–2 [128–30]

Dán 5—129–34 [137–42]

Dán 6—224–8 [232–6]

Tagraím do LS G 167 mar LS D sna léamha agus na nótaí.

Stonyhurst	Go bhfios dom, níl ach cóip amháin eile de Dhán 1 ar marthain. Tá sí sin ar leathanaigh 131–4 de LS A II 20, iml. ii, cuid B, i gColáiste Stonyhurst, Lancashire. Scríobh Conchubhar Ó Corbáin an LS sin sna blianta 1701–2 d'Easpag Chorcaí, Chluana is Rois, Eoin Baiste Mac Sleighne, a bhí i bpríosún ag an am. Bhí Ó Corbáin ag cóipeáil ó LS eile a chuir an tEaspag ar fáil dó. Thug an tEaspag an eiseamláir sin abhaile leis ó Fhlóntras (Mac Cárthaigh 2017, 106).
A II 20, iml. II, cuid B, (LS S)	

² Tá dhá shraith uimhreacha leathanaigh sa LS seo, na huimhreacha de réir an scríobhaí (a chuirim chun tosaigh), agus uimhreacha de réir an chatalógaí (atá idir lúibíní cearnacha agam).

Is le Dán 6 amháin a bhaineann na LSÍ eile seo a leanas:

Leabhar Uí Tá an chóip is luaithe de Dhán 6 ar fhóiliónna 190r–192r de Leabhar

Chonchubhair Uí Chonchubhair Dhoinn i dTeach Chluain Mhalais. Aodh Ó

Dhoinn Dochartaigh a scríobh an LS seo ar fad sa bhliain 1631 in Ostend, sa

(LS A) Bheilganois, do Shomhairle Mac Domhnaill (c. 1592–1636). Tá 58 rann sa leagan seo.

23 F 16 Tá 40 rann (1, 2, 21–58) de Dhán 6 ar leathanaigh 56–8 de LS 23 F

(LS B) 16 (Leabhar an Athar Ó Gadhra) in Acadamh Ríoga na hÉireann.

Fearghal Dubh Ó Gadhra a scríobh an LS in Lille, oirthuaisceart na Fraince, sna blianta 1655–9. Scríobhadh an chuid di ina bhfuil Dán 6 sa bhliain 1655.

Tá sé luaite ag Tomás Ó Cléirigh ina alt faoi LS G 167 (Ó Cléirigh

1939, 51–61, 130–42) go bhfuil cosúlachtaí idir an LS seo agus LS

G 167. Is cinnte nár tháinig an chóip atá i LS G 167 ón LS seo, áfach, agus an chóip seo 16 rann níos giorra.

24 P 27 Ar leathanaigh 152–8 de LS 24 P 27, Acadamh Ríoga na hÉireann,

(LS C) atá an chóip seo, a scríobhadh i dtreo dheireadh an seachtú haois déag i dtuairim an chatalógaí (O’Rahilly 1926, 27). Níl a fhios againn cé

a scríobh an chuid di ina bhfuil an chóip seo dár ndán. Tá an LS seo

ina dhá leath, agus is filíocht a bhaineann le clann Dálaigh atá sa dara cuid di. 56 rann atá sa leagan seo.


- LS 1280** Meascán de phrós, d’fhilíocht agus de ghinealeolaíocht atá i LS 1280, Coláiste na Tríonóide (H I 6). Aodh Ó Dálaigh a scríobh an LS ar fad sa bhliain 1758 don Dr Ó Súilleabhadhán, comhalta de chuid Choláiste na Tríonóide. Ar fhóiliónna 119b–121b atá an chóip seo de Dhán 6, agus tá 57 rann inti (rann 3 ar iarraighe).
- 23 L 17** Filíocht mholtá atá i LS 23 L 17, Acadamh Ríoga na hÉireann. Tá an chóip dár ndán ar fhóiliónna 83r–85r agus tá 58 rann inti. Seán Ó Murchadha na Ráithíneach a scríobh an LS i gCarraig na bhFear, Co. Chorcaí, sna blianta 1744–5. Tá rainn 4 agus 8 malartaithe, agus rainn 20 agus 21 malartaithe. Seachas LS A, seo an t-aon chóip eile a bhfuil na 58 rann ar fad inti.
- 23 C 33** Tá an chóip seo dár ndán ar leathanaigh 278–83 de LS 23 C 33, Acadamh Ríoga na hÉireann, agus is é Mícheál Óg Ó Longáin a scríobh an chuid is mó di sna blianta 1810–28, an chuid di ina bhfuil Dán 6 san áireamh. Deir sé ag barr leathanach 278 gur cumadh an dán sa bhliain 1572, ach ní fhéadfadh sé sin a bheith fíor: ní dhearnadh tiarna d’Aodh Ruadh Ó Domhnaill go dtí 1592.

Egerton 111 Tá 40 rann (1, 2, 21–58) de Dhán 6 ar fhóiliónna 116r–117r de LS (LS H) Egerton 111, Leabharlann na Breataine. James Hardiman a choimisiúnaigh an LS, agus scríobhadh í sa bhliain 1818. Bhí O’Grady (1926) den tuairim gurbh é Finghin Ó Scannail a scríobh an LS seo.

M 13 Mícheál Ó Longáin a scríobh an chuid is mó den LS seo don Athair Seághan Ó Murchadha sa bhliain 1820, an chuid di ina bhfuil Dán 6 san áireamh. Tá an chóip seo de Dhán 6 ar leathanaigh 144–7, agus tá 56 rann inti.

Seachadadh Dhán 6

Seo achoimre ar an tuiscint atá agam ar sheachadadh Dhán 6:



LS A — Tar éis na finnéithe ar fad a chur i gcomparáid lena chéile, ní léir dom aon nasc díreach idir an leagan seo agus leaganacha na bhfinnéithe eile. Tá roinnt mionrudaí, mar a fheicimid sna léamha, atá sa leagan seo nach bhfuil in aon cheann de na leaganacha eile (m.sh. 19a: A báoghal, CDEFGJ baoghlach; 40d: A gan fear, BH ni uil, CF ní fhuil, D ni bfuil, EG ní fuil, J ní bhfuil).

LSÍ B agus H — Níl aon dabht ach gur cóipeáladh an leagan den dán atá i LS H ó LS B. Tá an nasc idir an dá LS seo tugtha faoi deara ag O’Grady (1926), agus deir sé ina chur síos ar LS H gur tháinig an filíocht chlasaiceach atá i LS H ó LS B. Tá rainn 3–20 ar iaraidh sa dá leagan seo, agus is dócha go raibh fóilió (le 9 rann ar gach taobh de) ar iaraidh ón eiseamláir óna raibh scríobhaí LS B ag cóipeáil, nó gur chaill an scríobhaí na 18 rann de trí thimpiste ag iompú dhá leathanach ina eiseamláir in áit leathanach amháin a iompú. Níl éagsúlachtaí ó LS H curtha san áireamh sna léamha.

LSÍ C, D, G agus J —

Rud a dhealaíonn an grúpa LSÍ seo ó na LSÍ eile ná lín agus ord na rann: tá 56 rann iontu seo ar fad, tá rann 3 agus rann 52 ar iaraidh, agus tá rann 8 agus rann 9 malartaithe iontu ar fad.

LSÍ C, G agus J — Tá an nasc idir LS J agus LS C tugtha faoi deara ag Ó Fiannachta (1965, 24) agus an nasc idir LS G agus LS C tugtha faoi deara ag O’Rahilly (1926, 28) ina chuntas catalóige ar LS G. Tháinig LSÍ G agus J chugainn ó theaghlach scríobhaithe mhuintir Longáin, agus tá a fhios againn go raibh LS C i seilbh Pheadair Uí Longáin ag am éigin (féach O’Rahilly 1926, 27). I bhfianaise na nasc seo idir na LSÍ, agus tar éis na cóipeanna seo a chur i gcomparáid lena chéile, is léir nach bhfuil i LS G agus LS J ach cóipeanna de LS C. Níl éagsúlachtaí ó LS G ná LS J curtha san áireamh agam sna léamha.

LSÍ C agus D

Tá nasc idir LS C agus LS D tugtha faoi deara ag Mac Cá尔thaigh (2013, 67–68), a mheasann gur cóipeáladh cuid de LS D ó LS C. Is cinnte nach bhfuil mórán idir leaganacha LSÍ C agus D dár ndán; tá ord agus líon na rann mar an gcéanna, agus is iomaí cosúlacht eatarthu a fheicimid sna léamha. Dá ainneoin sin, tarraingíonn roinnt neamhréiteach idir an dá LS amhras ar ár dtuiscint ar an gcaidreamh eatarthu.

Tá trí shampla d’fhocal a bheith ar iarraigdh i leagan C, nach bhfuil ar iarraigdh i leagan D. Feicimid go bhfuil na focail ar iarraigdh i LSÍ G agus J chomh maith. Tagann an méid atá i LS D leis na finnéithe eile, agus tugaim léamh LS A thíos freisin chun é sin a léiriú:

Líne 29d

- | | |
|----------------------------------------|--------------------------------|
| A <u>dol</u> do ghnáthaslach gáoidheal | C do gnathaslach gaoidheal |
| | G do gnáthaslach gáoidheal |
| D <u>dol</u> do ghnathasnach gaoidheal | J do ghnáthaslach gáoidheal |

Líne 35d

- | | |
|----------------------------------------|-----------------------------------|
| A <u>ní</u> ad rí iomchubaigh eirionn | C at Rígh iomchubhaidh érionn |
| | G at Rígh iomchubhaidh erionn |
| D <u>ni</u> at Rí iomchubhaigh eirionn | J at Rígh iomchubhaidh eirionn |

Líne 55a

- | | |
|----------------------------------------|----------------------------|
| A Do chuiris <u>dhíot</u> do dhocra | C Do chuiris do dhocra |
| | G Do chuiris do dhóchra |
| D Do chuiris <u>dhíot</u> do dhocra | J Do chuiris do dhocra |

Chomh maith leis sin, tá neamhréiteach suntasach ann i leathrann 24ab:

- | | |
|-------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|
| D <i>Gidheadh dob adhbhar teigte /
da ghnúis shuaimhnidh shoiléirthe</i> | C <i>Giodheadh dob adhbhar
deargtha
da ghnúis chruthghil
choinnealta</i> |
|-------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------|

Tagann LS C leis na finnéithe eile ar fad maidir leis an leathrann áirithe seo, agus níl aon rud cosúil leis an méid atá i LS D le feiceáil in aon cheann de na finnéithe.

Tá a mhacasamhail le feiceáil, áfach, i ndán eile, is é sin *IBP* 29.16ab:

Gidh eadh, is adhbhar téighthe / dhá ghnúis shuaithnidh shoiléirthe

Níl cóip den dán sin i LS C ná i LS D, ach tá cóip de ar fhóiliónna 248v–248r de Leabhar Uí Chonchobhar Dhoinn (.i. LS A) agus ar leathanach 5 de Leabhar an Athar Ó Gadhra (.i. LS B), agus cé nach bhfuil na cóipeanna sin agus na cóipeanna dár ndán in aice a chéile taobh istigh de na LSÍ, seans maith go raibh an dán sin ós comhair an scríobhaí nuair a bhí sé ag cóipeáil an rainn seo de Dhán 6 agus gurb as an dán eile sin a tháinig na línte seo.

Ní hamháin go dtreisíonn an fhianaise seo ár dtuiscint ar an nasc idir LSÍ C, G agus J ach, ag an am céanna, soiléiríonn sí ár dtuiscint ar an nasc idir LSÍ C agus D. I bhfianaise na ndifríochtaí seo idir LS C agus LS D, pléim le LS D mar chóip neamhspléach sna léamha a bhaineann le Dán 6 thíos.

LS E — Is cosúil go raibh drochbhail ar chodanna d’imill na leathanach san fhinné óna raibh Ó Dálaigh ag cóipeáil, ós rud é go bhfeicimid difríochtaí suntasacha ag túis agus ag deireadh cuid de na leathrainn i gcomparáid le finnéithe eile. Fágann sé sin freisin go bhfuil sé deacair an caidreamh idir an LS seo agus na LSÍ eile a mheas, agus tá sé níos deacra a bheith ag brath ar na léamha chun nasc eatarthu a fheiceáil. Feicimid nasc ar

leith idir an LS seo agus LSÍ C agus D sa mhéid is go bhfuil rann 3 ar iarraigdh, agus go bhfuil rann 8 agus rann 9 malartaithe. Tá cóip de rann 52 sa leagan seo, áfach, nach bhfuil i leaganacha C agus D. Is féidir linn an leagan seo a chur sa ghrúpa céanna le LSÍ C agus D, ach is cinnte go bhfuil an caidreamh sin i bhfad níos faide amach ná an caidreamh idir C agus D féin, agus nár tháinig siad díreach ón eiseamláir chéanna.

LS F —Ós rud é go bhfuil an leagan seo níos deireanaí ná gach ceann de na finnéithe neamhspleácha eile, agus go bhfuil na 58 rann ar fad ann, ní féidir nasc díreach a chruthú le LSÍ B, C, D, E, G, H ná J bunaithe ar an téacs seo. I gcomparáid le LS A, tá rann 4 agus rann 8 malartaithe, chomh maith le rann 20 agus rann 21. Feicimid roinnt difríochtaí sna léamha (m.sh. 28d. A éirinn, F fhéilim; 42c. A ó chathair cuinn, F a ccathuibh chuinn) freisin. Chomh maith leis sin, tá os cionn céad bliain idir scríobh LS A (1631) agus scríobh LS F (1744–5). Pléim le leagan F mar chóip neamhspleách sna léamha a bhaineann le Dán 6 thíos.

Úsáidim leagan A mar leagan dioplómaitiúil den dán seo agus, san eagrán, cloím le hord na rann de réir mar atá sé sa leagan sin. Tugaim léamha as na finnéithe neamhspleácha ar fad, is iad sin leaganacha A, B, C, D, E³ agus F, ach fágaim léamha as leaganacha G, H agus J as an áireamh.

³ De bharr na n-éagsúlachtaí aisteacha atá i gcodanna áirithe den leagan seo, níl na léamha ar fad ó LS E curtha san áireamh agam faoin eagrán féin, ach tá tras-scríbhinn ionlán den chóip seo in Aguisín 1 agus tá éagsúlachtaí le LS A marcálte agam i gcló dearg ansin.

POLASAÍ EAGARTHÓIREACHTA

Ord na ndánta

Cloím le hord na ndánta de réir mar atá siad i LS D, agus fágann sé sin iad in ord croineolaíoch chomh maith:

Dán 1—*Fada a gcairt ó chloinn Dálaigh*

Dán 2—*Truagh gan Mhaghnas 'na mhac riogh*

Dán 3—*Dlighidh file fagháil aisig*

Dán 4—*Tréan ríogh uaisligheas ollamh*

Dán 5—*Gréas dearbhtha Duan na Feirsde*

Dán 6—*Díol fuatha flaitheas Éireann*

An leagan dioplómaitiúil

Cuirim leagan dioplómaitiúil de gach dán ar fáil taobh leis an eagrán criticiúil. Tá noda na LSe scaoilte agam i gcló iodálach. Tá *e*-ard scaoilte agam i gcló iodálach mar *ea* go hiondúil, ach mar *e* nó *ei* in áiteanna freisin nuair is cuí. Tá comharthaí séimhithe scaoilte agam mar ‘h’, gan a bheith i gcló iodálach ach amháin nuair atá an comhartha séimhithe mar chuid de líne chrochta shéimhithe. Coinnítear cibé poncaíocht agus ceannlitreacha atá ag an scríobhaí sa leagan dioplómaitiúil. Is liomsa scaradh na bhfocal agus suíomh an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla. Ciallaíonn lúibíní uilleacha go bhfuil doiléire sa LS, agus léiríonn líne trí fhoca(i)l (m.sh. *einiadh*) botún de chuid an scríobhaí a cheartaigh sé féin sa LS. Pléitear aon éiginnteacht nó doiléire eile a bhaineann leis na leaganacha dioplómaitiúla sna nótaí.

Léamha

Is le Dán 1 agus Dán 6 amháin a bhaineann na sonraí seo thíos.

Tá éagsúlachtaí le finnéithe neamhspleácha eile ar fáil sna léamha thíos faoi na heagráin.

Ní chuirim na héagsúlachtaí seo a leanas san áireamh sna léamha, ach amháin nuair atá tábhacht ar leith ag baint leo, dar liom, nó doiléire ó thaobh bhrí na bhfocal de:

- Éagsúlacht i litriú focal coitianta neamhaiceanta (*i / a* (=‘in’), *as / is* (an chopail/an cónasc), *gor / gur*, srl.);
- Éagsúlachtaí ó thaobh comhartha séimhithe os cionn litreach de, ach amháin ag túis focal má tá amhras ann faoi athruithe tosaigh, nó má tá sé ar iarraigdh sa leagan dioplómaitiúil;
- Áit an tsínidh fhada taobh istigh de shiolla, nó síneadh fada ar dhéfhoghair a bheith ann nó as;
- Sleadhnóga a bheith ann nó as;
- Éagsúlachtaí maidir le gutaí neamhaiceanta nach bhfuil fada (m.sh. Dán 1.12a LS S *oirbirt*, LS D *oirbheirt*);
- Éagsúlachtaí coitianta ortagrafacha (*cc* in áit *gc-* nó *g*, *tt* in áit *dt-* nó *d*, srl.);
- Noda a bheith in úsáid nó gan a bheith in úsáid nuair a bheadh an litriú céanna ann agus na noda scaoilte (m.sh. Dán 6.2a: ‘cheasrach’ atá in B agus C, ‘cheasrach’ atá in F, tá sé sin léirithe agam sna léamha mar: BCF cheasrach).

An t-eagrán criticiúil

San eagrán criticiúil:

- Mé féin faoi deara an phoncaíocht agus na ceannlitreacha.
- Baintear síntí fada de na défhoghair *ao(i)*, *ia*, agus *ua* (m.sh. Dán 1.2b *ríamh > riamh*) ach coinnítear síneadh fada ar an défhoghar *eó*, agus cuirtear síneadh

fada leis de réir mar is cuí nuair atá sé ar iarraigdh sa LS (m.sh. Dán 4.30a *leonta > leónta*).

- Baintear síntí fada neamhchlasaiceacha (m.sh. Dán 6.7c *snádhmhadh > snadhmadh*), agus cuirtear síntí fada ar fáil áit a bhfuil siad ar iarraigdh (m.sh. Dán 1.3c *fein > féin*).
- Cuirtear sleamhnóga ar fáil áit a bhfuil siad ar iarraigdh sa LS (m.sh. Dán 4.1a *tréan > tréan*).
- Déantar normalú ar:
 - litriú roinnt focal coitianta neamhaiceanta: *a > i* (= an réamhfocal *iⁿ*), *as > is* (an chopail/an cónasc), *gor > gur*.
 - *cc- > gc-* (m.sh. Dán 1.5d *ccrích > gcrích*), *tt- > dt-* (m.sh. Dán 1.3c *ttréad > dtréad*), *st- > sd-* (m.sh. Dán 5.17d *stuagh > sduagh*).
 - *cc* i lár nó ag deireadh focail *> g* (m.sh. Dán 6.9c *do coscc > do chosg*) *nó > gc* (m.sh. Dán 6.34b *éuccosmhail > éagcosmhail*) de réir mar is cuí.
 - úsáid *dh* agus *gh* (m.sh. Dán 1.2b *Gaoigheal > Gaoidheal*) agus úsáid *bh* agus *mh* (m.sh. Dán 1.53d *deichneabhra > deichneamhra*)
 - gutaí neamhaiceanta gearra (m.sh. Dán 1.4c *sheanchuidh > sheanchaidh*).
- Déanaim iarracht ionannas gutaí a choinneáil nó a chur ar fáil i gcásanna a bhfuil siolla neamhaiceanta meánach ag glacadh páirte i gcuibheas (m.sh. Dán 1.3c *Chonuill > Chonaill : faill*). Féach ABP, 170–1.
- Athraím *it* (.i. an réamhfocal *i* agus an forainm sealbhach, 2 uatha *do*) go *id* nuair a thosaíonn an t-ainmfocal ina dhiaidh ar chonsan (m.sh. Dán 2.11a *it ghruaidh > id ghruaidh*) agus a mhalaírt nuair a thosaíonn an t-ainmfocal ar ghuta. Mar an gcéanna le *dot / dod, let / led* srl. (m.sh. Dán 6.45c *dot ghnúis > dod ghnúis*).

- Athraím *-rr-* > *-r-* nuair nach bhfuil sa dara *-r-* ach léiriú ar shíneadh meánach agus nach cuid de bhunlitriú an fhocail é (m.sh. Dán 5.16c *fir dhorrdha* > *fir dhordha*). Mar an gcéanna le *-ll-* > *-l-* (m.sh. Dán 3.6a *Briathra millsi* > *Briathra milse*), agus *-nn-* > *-n-* (m.sh. Dán 6. 37d *Ní hionnrádha* > *Ní hionrádha*).

Athruithe tosaigh:

Is beag áit i leaganacha na LSÍ nach gcloítear le teanga chaighdeánach na filíochta clasaicí. I gcásanna nach gcloítear, is iondúil go mbíonn cibé sárú ar na rialacha ag baint le hathruithe tosaigh. Chomh maith leis sin, nuair atá níos mó ná finné amháin i gceist, is minic a thagann siad salach ar a chéile ó thaobh athruithe tosaigh de. Féach, mar shampla:

Dán 6.36c:

A— ós *chrích ttairtigh tteamhruch mbreagh*
 C— ós *crích ttairthigh teamhrach bhreagh*
 F— ós *crích thairthigh theamhrach breadh*

Tá polasaí ar leith leagtha amach agam don triúr filí maidir le hathruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal agus aidiachtaí sna réamhráite roimh na dánta féin, agus tá na polasaithe sin bunaithe ar an bhfianaise sna LSÍ agus i ndánta eile dá gcuid.

Cloím leis na pointí seo a leanas síos trí na dánta ar fad:

- Ní chuirtear urú ar fáil ar lorg áinsíoch uatha nach bhfuil infhillte mura bhfuil sé sa LS (m.sh. Dán 1.20d *re ceart comhlainn*).
- Coinnítear urú ar lorg roinnt focal san ainmneach uatha a bhí neodrach sa tSean-Ghaeilge (m.sh. Dán 5.11a *Síol gConaill*).
- Baintear *t-* roimh *s(h)* ar lorg ainmfhocail (m.sh. Dán 5.11a *clann (t)Suibhne*).

An t-aistriúchán

Tá iarracht déanta agam aistriúchán a chur ar fáil atá chomh cóngarach do bhunbhrí an téacs agus is féidir gan dul i gcoinne rialacha agus rithim an Bhéarla. De bharr sholúbthacht chomhréir na Nua-Ghaeilge Clasaicí, ní bhíonn ord na línte i gcónaí díreach mar a bhíonn sé san eagrán. Ní aistrítear ainmneacha daoine, ach bíonn siad i bhfoirm an ainmnigh i gcónaí san aistriúchán (m.sh. Dán 2.3a *mac Aodha* = ‘Aodh’s son’)⁴. Ní aistrítear sloinnte nuair is páirt d’ainm duine ar leith iad (m.sh Dán 5.10d *Aodh Ó Domhnaill*), ach aistrítear sloinnte nuair is tagairt do theaghach iad (m.sh. Dán 5.40a *Síol Gallchobhair* = ‘The Gallagher family’). Is iad na leaganacha Béarla de logainmneacha a úsáidtear san aistriúchán nuair atá leaganacha Béarla ar fáil orthu cheana féin (m.sh. Dán 5.2c *tar Fheartais Mhóir* = ‘over Farsetmore’).

Is iomaí ainm/téarma a úsáidtear san fhlíocht chlasaiceach chun tagairt a dhéanamh d’Éirinn féin. Aistrítear na téarmaí seo a leanas mar ‘Ireland’:

Banbha	fód Lughaidh
Breagha	fód Oilill
clár Cobhthaigh	fonn Banbha
clár Cuinn	Fódla
clár Dá Thí	fonn Úna
críoch Airt	fiadh fuinidh
críoch Chuinn	gort Cuinn
críoch Ghaoidheal	gort Floinn
críoch Néill	inis Fhloinn
Éire	inis Néill
Fál	lios Lughaidh

⁴ Cloím le rialacha Ghaeilge an lae inniu maidir le séimhiú agus mé ag caint faoi dhaoine sna réamhráite agus sna notaí (.i. cuirim séimhiú ar fáil ar lorg *mac*, agus ar aidiachtaí a leanann ainmneacha sa ghinideach ar nós *mac Aodha Dhuibh*, áit nach mbeadh síúl le séimhiú sa teanga chlasaiceach).

fád Oiligh

Tá *fonn Cruachan* aistrithe agam mar “Connacht” i gcás Dhán 1.11b mar gheall ar an gcomhthéacs.

Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé acu dó féin nó don aos léinn mar ghrúpa atá an file ag tagairt nuair a úsáideann sé foirmeacha na chéad phearsan iolra sna dánta, ós rud é go raibh an rogha ag an bhfile an dá fhoirm a úsáid agus é ag caint faoi féin. Mar shampla:

Dán 2.6:

*Fachain diomdha, a ua na nAodh—
dot fhiodhbhaidh fa dual **ar** ndíon—
gan tú ag cur **linn** mar is lór,
ar n-ór red linn ar ndul **díom**.*

Déanaim iarracht an t-idirdhealú idir úsáid fhoirmeacha na chéad phearsan uatha agus iolra a léiriú san aistriúchán .i. nuair a chiallaíonn *sinn* ‘I, me’ agus nuair a chiallaíonn sé ‘we, us’. Pléim aon doiléire agus deacrachartaí san aistriúchán sna nótaí.

Na nótaí

Déanaim plé sna nótaí ar leasuithe sna heagráin agus ar mhíreanna den aistriúchán nuair atá gá le tuilleadh plé. Nuair a dhéanaim tagairt do dhánta eile sa chorpas sna nótaí, tagraím don fhoilseachán, má tá foilseachán ar fáil, chomh maith le huimhir an rainn agus na línte nuair is cuí (m.sh. *IBP* 29.16ab = Bergin, *Irish Bardic Poetry*, dán 29, rann 16ab) . Úsáidim idirstad idir focail nuair atá samplaí de chéilí cuibhis á dtabhairt agam (m.sh. Dán 5.7cd *Néill : oilbhéim*). Úsáidim an tsiombail ° le huaim a léiriú idir focail (m.sh. Dán 5.5c °léim, dar °linne).

Tagairtí as AFM, agus foinsí eile

Tugaim roinnt sleachta as *AFM* agus foinsí eile sa tráchtas seo (m.sh. *IGT*, *BST*, eagráin de théacsanna eile, srl.) agus ní dhéantar aon eagarthóireacht ar na sleachta sin (ach amháin gur mise a shocraigh ceannlitreacha sna sleachta Gaeilge as *AFM*). Ní liomsa na haistriúcháin, mura ndeirim a mhalaire.

DÁNTA 1–4: RÉAMHRÁ

An file

Cú Choigcríche (mac Dhiarmada mhic Thaidhg Chaim) Ó Cléirigh (fl. 1546) a chum Dánta 1–4 sa tráchtas seo. Chum sé na ceithre dhán ar an ábhar céanna agus don phátrún céanna, Maghnas Ó Domhnaill (†1563). Go bhfios dom, níor chum sé ach dán amháin eile a mhair go dtí an lá inniu, is é sin *Deacair iomlaoid chlann gConaill* (*ABM* 154; tá 19 rann de i gcló in Knott 1934, 67–9) a chum sé don Chalbhach (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill ar an ábhar céanna arís.

Ba *ollamh re seanchas* é Cú Choigcríche, seachas *ollamh re dán*. B'ollúna oidhreachtúla le seanchas iad muintir Uí Chléirigh ag an am sin, fir léannta agus cuid d'oireacht an tiarna i dTír Chonaill. Bhí sé de dhualgas orthu cuntas a choinneáil ar ghinealach mhuintir Uí Dhomhnaill, agus dheimhníodh na cuntais sin na cearta ag an tiarna ar thalamh agus ar an gceannasaíocht. Leagann an file béim ar a thábhachtaí is atá ról an *ollaimh re seanchas* i sochaí na nGael sna dánta a chum sé, agus faighimid léargas ar an ról sin iontu. Feicimid ina chuid filíochta gur tharraing sé ar eolas a bhí aige faoi ghinealas an phátrúin agus faoi stair Thír Chonaill. Cé nár bhí *ollamh re dán* é Cú Choigcríche, is léir óna chuid filíochta go raibh tuiscint mhaith aige ar rialacha teanga agus meadarachta na filíochta clasaicí.

An pátrún

Bhí Maghnas Ó Domhnaill i gceannas ar Thír Chonaill idir na blianta 1537 (nuair a fuair a athair, Aodh Dubh Ó Domhnaill, bás) agus 1555 (nuair a ghabh a mhac, an Calbhach Ó Domhnaill, ceannasaíocht ar Thír Chonaill uaidh; féach Bradshaw (1979)). Mhair sé ocht mbliana eile tar éis dó an cheannasaíocht a chailleadh. De réir *AFM*, fuair sé bás sa bhliain 1563, agus tugann *AFM* an teideal *Ó Domhnaill* air:

O Domhnaill, Maghnas mac Aodha Duibh, [...] do écc 9. February...

O'Donnell, Manus, the son of Hugh Duv [...] died on the 9th February...

Chomh maith le pátrúnacht mhór a thabhairt do na healaíona le linn a réime, ba é Maghnas a dhíolaim *Betha Choluim Chille* (1532), agus scríobh sé filíocht shiollach dá chuid féin a mhaireann go dtí an lá atá inniu ann, cuid di i gcló in O'Rahilly (1926). Tá tuilleadh plé ar shaol Mhaghnais Uí Dhomhnaill agus ar a chaithréim in Bradshaw (1979).

Comhthéacs agus ábhar na ndánta

Seachas na dánta iad féin, tá dhá phríomhfhoinse eolais againn a léiríonn an scéal taobh thiar de na ceithre dhán seo:

1) An sliocht seo as *AFM* faoin mbliain 1546:

Domhnall mac Aodha Duibh mic Aodha Ruaidh Í Domhnaill do marbhadh (an. 20. April) a ffiull lá hUa nGallchubhair, Eoghan mac Emainn *agus* lá a mhnaoi Onora inghean Tuathail Bailbh Uí Ghallchubhair iar na thóchuireadh dia saighidh go hInis Saimhér ar slanaibh Dé, *agus* Mheic an Baird Gofraidh, agus Chonchoicriche mic Diarmata mic Taidcc Caim Uí Cléiricch.

Donnell, the son of Hugh Duv, son of Hugh Roe O'Donnell, was treacherously slain, on the 20th of April, by O'Gallagher (Owen, the son of Edmond) and his wife Honora, daughter of Tuathal Balbh O'Gallagher, after they had invited him to Inis-Saimer, under the protection of God, of Mac Ward (Godfrey), and Cucogry, the son of Dermot, son of Teige Cam O'Clery.

2) An t-eolas a thugann an scríobhaí Séamas Mág Uidhir dúinn sa cheannscríbhinn a chuir sé roimh thús an chéad dáin ar leathanach 111 [= 119] de LS D.

LS D

Eagrán

Cu choigriche o cléirigh mac Diarmada
meic Taidg chaim do chum an dánso
d=ua=Dhomhnaill .i. Maghnas, iar tteacht
don Choin choigriche cheanna go
tuathMhumhain tre mharbadh Domhnaill
ui Domhnaill .i. Mac Aodha dhuibh, ar a
shlántaibh agus ar a chumairce et ar
cumairce Meic an bháird. gofraidh mac
eógain. le hua ngallchobhair .i. Eógan et le
a mhnaoi Onora inghean tuathail bhailbh ui
Ghallchobhair i ninis Saimhér. an. 20. la do
mhí April. 1540.

Cú Choigcríche Ó Cléirigh, mac Diarmada,
mheic Thaidhg Chaim, do chum an dán-so
d'Ua Domhnaill .i. Maghnas, iar dteacht
don Choin Choigcríche chéanna go
TuathMhumhain tre mharbadh Domhnaill
Uí Domhnaill .i. mac Aodha Dhuibh, ar a
shlántaibh, agus ar a chumairce agus ar
cumairce Mheic an Bháird, Gofraidh mac
Eóghain, le hUa nGallchobhair .i. Eóghan,
agus le a mhnaoi, Onóra, inghean Tuathail
Bhailbh Uí Ghallchobhair, i n-Inis Saimhéal
an 20 lá do mhí April, 1540 [lege 1546].

Cú Choigcríche Ó Cléirigh, son of Diarmaid, son of Tadhg Cam, composed this poem for Ó Domhnaill, Maghnas, after the same Cú Choigcríche had come to Thomond as a result of the slaying of Domhnall Ó Domhnaill .i. the son of Aodh Duibh, who was under his safekeeping and protection, and under the

protection of Mac an Bhaird, Gofraidh, son of Eóghan, by Ó Gallchobhair, Eóghan, and by his wife Onóra, the daughter of Tuathal Balbh Ó Gallchobhair, at Inis Saimhéar on the 20th day of April, 1540 [recte 1546].

Ar an 20 Aibreán, 1546, mharaigh Eóghan Ó Gallchobhair agus a bhean, Onóra, Domhnall (mac Aodha Dhuibh) Ó Domhnaill ag a dteach in Inis Saimhéar, gar do Bhéal Átha Seanaidh, Tír Chonaill. Ba dheartháir é Domhnall lenár bpátrún, Maghnas Ó Domhnaill, agus bhí sé faoi chosaint Chú Choigcríche Uí Chléirigh agus faoi chosaint Ghofraidh Mhic an Bhaird ag an am a fuair sé bás. Tar éis an mharaithe, d'éirigh idir Maghnas agus Cú Choigcríche go dtí gur chuir Maghnas ar díbirt é as Tír Chonaill sa deireadh. As sin, chuaigh ár bhfile go Tuamhain, áit ar chum sé na dánta seo (chomh maith leis an gcúigiú dán leis, don Chalbhach Ó Domhnaill, atá luaite agam thuas) ag iarraidh athmhuintearas a dhéanamh le Maghnas.

Níorbh annamh go dtarlódh a leithéid d'achrann idir pátrúin agus filí, ach ní thugtar mórán de léargas eile sna dánta féin faoi céard ba chuíos leis an achrann eatarthu ná cén fáth ar cuireadh an file ar díbirt:

Ní minic a nocht na filí fáth an aighnis sna dánta a chum siad ag iarraidh athmhuintearais, ach bíonn sé le tuiscint gurbh é mí-iompar an fhile ba chionsiocair leis an eascairdeas, agus gur leor uabhar agus easurraim ghnáith na bhfilí a áitiú mar bhonn comhthuisceana (Ó Hainle 2000, 1)

Cé nach dánta aoire iad na dánta atá sa tsraith seo, glacann an file seasamh ionsaitheach ag rá go minic go bhfuil Maghnas tar éis náire a tharraingt air féin agus ar chlann Dálaigh, agus bagraíonn sé go gcumfaidh sé aoir ar an bpátrún. Tá an cur chuige ionsaitheach seo níos láidre i ndánta 2–4, agus ní fheicimid tagairt dhíreach d'aoir a chumadh sa chéad dán. Aimsíonn an file cothromáiocht, áfach, idir moladh agus cáineadh síos tríd an tsraith.

Labhraíonn sé freisin faoin dílseacht bhuan atá aige do Mhaghnas agus do Thír Chonaill, ag tarraingt siar ó theanga níos diúltáí agus níos achrannaí i gcodanna eile de na dánta.

Tá a fhios againn gur úsáideadh an aoir go minic i sochaí na nGael chun conarthaí a chur i bhfeidhm. Seans maith gurb é Cú Choigcríche féin a shínigh an conradh clúiteach faoi chaisleán Shligigh sa bhliain 1539.⁵ Conradh idir Maghnas Ó Domhnaill agus Tadhg Ó Conchobhair Shligigh a bhí ann, agus bhí sé mar chuid de go mbeadh ar na filí a shínigh é aoir a chumadh ar Thadhg dá mbrisfeadh sé coinníollacha an chonartha:

Is iad slana na gcorsa do taobh aosa healaadna Eireann .i. *Concubhar ruadh mac an Baird* ⁊ **O Cleirigh** agus *Fearghal mac Domhnaill ruaidh mic an Baird* ⁊ a beith d’fhiachaib orra Tadhg d’aoradh leo féin ⁊ le haos ealadhna Eireann fá mur iarrfus **O Domhnaill** orra he.

These are the pledges of these contracts on the part of the poets of Ireland: i.e. Conchobhar Ruadh Mac an Bhaird and Ó Cléirigh and Fearghal son of Domhnall Ruadh Mac an Bhaird. And they shall be obliged to satirize Tadhg, they themselves and the poets of Ireland, as Ó Domhnaill shall demand it of them.

(Carney 1943, 289, 291)

Caithfidh gur thuig Cú Choigcríche an tionchar a bheadh i mbagairt aoire, agus baineann sé leas aisti sna dánta seo do Mhaghnas Ó Domhnaill chun cabhrú lena chás féin.

⁵ Níl ainm baiste luaite sa téacs agus ní féidir a dheimhniú ó fhoinsí eile gurbh é ár bhfile ceannaire a mhuintire (leis an teideal ‘Ó Cléirigh’) ag an am. Luann Carney (1943, 294) Giolla Riabhach mac Thuathail mhic Thaidhg Chaim Uí Chléirigh, col ceathrair le Cú Choigcríche, i measc na bhféidearthachtaí. Seans freisin gurbh é Tadhg Cam mac Thuathail mhic Thaidhg Chaim Uí Chléirigh, *ollamh Uí Dhomhnaill lé seanchus*, a fuair bás sa bhliain 1566 (de réir AFM) agus aois mhór aige.

Dán 1—Sa chéad dán sa tsraith, *Fada a gcairt ó chloinn Dálaigh*, déanann Cú Choigcríche argóint bunaithe ar luach eolais an *ollaimh re seanchas*. Maíonn sé go bhfuil cairt ina sheilbh (nó gurb é féin an chairt), agus de réir na cairte sin, tá sé de cheart ag Maghnas a bheith i gceannas ar Thír Chonaill, agus ar Éirinn ar fad, fiú. Dá réir sin, deir sé go bhfuil cánacha dlite dó nach bhfuil á bhfaileadh aige. An argóint atá ag an bhfile ná go bhfuil na cearta sin ag brath go hiomlán ar an gcairt atá ina sheilbh, ar chuimhne an *ollaimh re seanchas*, agus gan fianaise na cairte sin, nach bhfaighidh Maghnas an méid atá dlite dó.

I rainn 16–29, feicimid apalóg faoi Éigneachán mac Dálaigh (†902, de réir *AFM*), tiarna ar Thír Chonaill, agus faoin bhfile Flann mac Lonáin. Tagann loingeas Lochlannach i dtír ag Ceann Maghair (féach Léarscáil 2). Buann Éigneachán agus Cineál Chonaill ar na hionróirí, agus déanann sé a maoin a roinnt ar Chineál Chonaill. Ag an bpóinte seo sa scéal, agus an mhaoin ar fad roinnte, tagann Flann mac Lonáin (*primhfhile Gaoidheal uile*, de réir *AFM* 892) chuig Éigneachán, ach níl aon rud fágtha ag an tiarna le tabhairt dó. Tugann Cineál Chonaill an mhaoin ar ais d’Éigneachán le tabhairt don fhile. Tá leagan ón tríú haois déag den apalóg chéanna seo le feiceáil in *GB* 9.4–28. Tá sí le feiceáil freisin in *IF* 6.221–2, dán le Lughaidh Ó Cléirigh, garmhac Chú Choigcríche Uí Chléirigh (féach freisin Ó Caithnia 1984, 107). Tá an apalóg seo ina cuid den dán atá in eager anseo toisc go bhfuil ceacht le foghlaim ag an bpátrún uaithi de réir ár bhfile; ní fhágfadh sinsear Mhaghnais file gan dada, agus níor chóir do Mhaghnais féin é sin a dhéanamh ach an oiread.

I rainn 38–53, déanann an file cur síos ar an arm móir samhalta, *slógh Uladh* (42d), nó *slógh Oiligh* (38d). Dá roinnfeadh an file an t-eolas atá sa chairt, maíonn sé go dtiocfadh teaghlaigh mhóra Chúige Uladh chomh maith le teaghlaigh thuaisceart Chúige Chonnacht le chéile ag tabhairt tacaíochta do Mhaghnais agus dá chearta mar oidhre

dlisteanach ar ardríocht na hÉireann. Déanann an file liosta de 14 teaghlach a bheadh mar chuid de *slógh Uladh* (féach Léarscáil 1), á moladh i ndiaidh a chéile thar 15 rann. Cruthaíonn sé an íomhá idéalach seo den ollbhua a bheadh ag Maghnas agus ag *slógh Uladh*, sula n-iompaíonn sé ar ais ar phríomhábhar an dáin sna rainn deiridh: fad is atá sé ar díbirt, déanfaidh Cú Choigcríche dearmad ar an gcairt ar chearta Mhaghnais, agus ar chearta Chineál Chonaill.

Dán 2—Sna rainn tosaigh (1–5b), cruthaíonn an file íomhá idéalach dúinn dár bpátrún mar a bhí sé sula ndearnadh tiarna de – duine láidir, cumasach, dathúil agus flaithiúil. Seo na tréithe a shamhlaítear le ceannaire foirfe agus, de réir an fhile, bhí súil le tiarna foirfe nuair a dhéanfaí tiarna de Mhaghnais. Ní mar a samhlaíodh a bhí, áfach, agus maíonn Cú Choigcríche nach bhfaigheann na filí pátrúnacht ná cosaint ó Mhaghnais ó tháinig sé i gcumhacht. Maíonn sé go bhfuil Maghnas in éad le neart na bhfilí, agus gurb é sin is bunús leis an achrann eatarthu.

Léiríonn Cú Choigcríche an t-eolas atá aige mar *ollamh re seanchas* sa dán ag trácht ar theaghlach agus ar shinsearacht Mhaghnais nuair a mhaíonn sé go bhfuil Maghnas ag tarraigte náire air féin agus ar a mhuintir. Luann sé a athair (Aodh Dubh Ó Domhnaill) agus a sheanathair (Aodh Ruadh Ó Domhnaill) i líne 6a agus arís i rann 15. Tagraíonn sé dá nasc le muintir Uí Néill i rann 11, agus dá nasc le muintir Uí Bhriain i rann 9 (ba í Fionnghuala, iníon Chonchobhair na Sróna Uí Bhriain, bean Aodha Ruaidh, agus seanmháthair Mhaghnais; féach AFM 1528).

Is sa dara dán seo sa tsraith a fheicimid an chéad trácht ar aoradh, i rainn 8, 9 agus 13. Deir Cú Choigcríche os ard go gcumfaidh sé aoir ar Mhaghnais mar gheall ar a dhíbirt mura ndéanfar athmhuintearas.

Dán 3—Tá téama an dlí lárnach sa tríú dán. Tarraingíonn an file aird ar an méid atá cailte aige de bharr an achrainn idir é agus a phátrún: níl luach ná uaisleacht ag baint lena chuid filíochta a thuilleadh (rann 4, 6); caitheadh amach as a thír dhúchais é (rann 5); agus chaill sé an caidreamh lena phátrún (rann 6). Maíonn sé go bhfuil aisíocaíocht dlite dó ón bpátrún mar gheall ar gach rud a chaill sé le linn a dhíbeartha. Déanann sé pearsantú ar *an chóir* (1cd) agus maíonn sé go seasann an dlí ar a thaobhsan san achrann eatarthu.

Bagraíonn an file an dlí ar Mhaghnas agus deir sé go dtiocfaidh sé sa tóir ar an aisíocaíocht atá dlite dó, agus go mbeidh *tóir fhileadh* in éineacht leis, filí i *n-armaibh aoire* nach féidir an bua a fháil orthu (rann 10). Ní hiad na filí seo amháin atá ar thaobh Chú Choigcríche san achrann, ach Naomh Colum Cille chomh maith (rann 11). Tá an tagairt sin do Cholum Cille suntasach toisc gurb é Maghnas féin a dhíolaim *Betha Choluim Chille* sa bhliain 1532. Is cinnte go ndearna an file an tagairt d'aon ghnó d'ábhar a bheadh i ndeas don chnámh le Maghnas.

Sna rainn deiridh, iarrann Cú Choigcríche ar Mhaghnas a bhreithiúnas a thabhairt mar gheall ar an achrann eatarthu. Iarrann sé air an rud ceart dlíthiúil a dhéanamhanois agus athmhuintearas a dhéanamh leis ionas nach mbeidh gá le haoir a chumadh air.

Dán 4—An caidreamh idir filí agus pátrún agus an tairbhe a bhaineann an dá dhream as an bhfilíocht agus as an bpátrúnacht is príomhthéama don cheathrú dán sa tsraith. I rainn 3–4, tagraíonn Cú Choigcríche do cheathrar filí cáiliúla chun luach na pátrúnachta a fuair siad a léiriú: Torna Éigeas, a shamhlaítar leis an gcúigiú haois; Urard mac Coise (†1023), *árdchroinicidh na nGaoidheal* de réir *AFM*; Flann mac Lonáin (†892, de réir *AFM*); agus Muirchearach mac Conchartaigh mheic Liag (†1015), *árdollamh Ereann* de réir *AFM*.

Luann an file oireacht Uí Dhomhnaill i rainn 10–15, agus tugann sé le fios go raibh páirt acusan ina dhíbirt. Tagraíonn sé do chlann Ghallchobhair go háirithe i rann 13, tagairt

shuntasach ós rud é go bhfuil a fhios againn gurbh é Eóghan Ó Gallchobhair a mharaigh Domhnall Ó Domhnaill, a bhí faoi choimirce Chú Choigcríche, agus gur mar gheall ar an eachtra sin a díbríodh é. Is cosúil go bhfuil an file ag rá anseo gur trí Ó Gallchobhair a tháinig a dhíbirt, agus nár chosain Maghnas Ó Domhnaill é.

I rainn 20–23, luann an file na ‘geallta’ atá aige, amhail is dá mbeadh cás dlí ar siúl idir an dá pháirtí. Luann sé dhá gheall ar leith: go bhféadfaidh sé caithréim Uí Dhomhnaill a cheilt má thograíonn sé (rann 21), agus go bhféadfaidh sé faillí a dhéanamh i gcuntas a choinneáil ar chrann ginealaigh an tiarna (rann 22). Tugann an file le tuiscint nach eisean atá ag tréigean an phátrúin agus a thír dúchais ach a mhalairt, agus léiríonn sé an dílseacht bhuan atá aige d’Ó Domhnaill, agus do Thír Chonaill (rainn 25–29).

Sna ceithre rann dheireanacha, tagann deireadh leis an sraith gan tagairt d’aoir ná d’achrann, ach molann an file an pátrún.

Dán eile le Cú Choigcríche Ó Cléirigh

Níl aon eolas ann a thabharfadhl le fios gur éirigh le Cú Choigcríche Ó Cléirigh dul ar ais go Tír Chonaill mar gheall ar na dánta seo a chum sé do Mhaghnas Ó Domhnaill. Bhí fadhbanna níos mó ag Maghnas faoi dheireadh na 1540idí. Bhí a mhac, an Calbhach Ó Domhnaill, ag tosú ar a iarrachtaí féin ceannasaíocht a ghabháil uaidh, agus tá a fhios againn ó *AFM* go ndearna an Calbhach iarracht a athair a chur as cumhacht i mí Feabhra 1548. Cé nár éirigh leis ansin, lean an choimhlint eatarthu ar aghaidh go dtí 1555, nuair a ghéill Maghnas dá mhac faoi dheireadh agus nuair a rinneadh tiarna den Chalbhach.

Le linn na conspóide idir Maghnas agus an Calbhach Ó Domhnaill, is léir gur thuig Cú Choigcríche nach ngéillfeadh Maghnas dá bhagairtí, agus chum sé dán amháin eile, *Deacair iomlaoid chlann gConaill (ABM 154)*, don Chalbhach ar ábhar a dhíbeartha. De

réir na ceannscríbhinne a chuir Séamas Mág Uidhir roimh an dán eile seo i LS D, chum Cú Choigcríche an dán don Chalbhach sula ndearnadh tiarna de, rud a chiallaíonn gur cumadh an dán am éigin idir 1548 agus 1555:

Cū Choigcrīche Ó Cléirigh do chum so do mhac Uī Dhomhnaill
.i. an Calbhach mac Maghnusa ria ttighearna do ghairm don
Chalbhach fan dībhirt reimhsgrīobhtha.

(LS D, 125 [= 133])

Cú Choigcríche Ó Cléirigh composed this to the son of Ó Domhnaill .i. an Calbhach, son of Maghnas, before an Calbhach was called lord, regarding the aforementioned exile.

Níl teacht agam ar aon tagairt eile do Chú Choigcríche Ó Cléirigh i bhfoinsí eile a thabharfadh aon léargas dúinn faoinar tharla dó ina dhiaidh sin.

Meadaracht

Seo a leanas na meadarachtaí inar cumadh na dánta sa tsraith seo:

Dán 1—Deibhí, Dán Díreach

Dán 2—Rannaíocht mhór, Dán Díreach

Dán 3—Séadna, Dán Díreach

Dán 4—Deibhí, Dán Díreach

Tagann leaganacha na LSÍ leis na rialacha dochta a bhaineann leis na meadarachtaí sin den chuid is mó. Is beag áit iontu a sáraítear na riachtanais do na meadarachtaí sin.

Breacadh: Tugtar faoi deara go mbíonn cuibheas breise (comhardadh slán) le feiceáil taobh istigh de rainn/leathrainn go han-mhinic i bhfilíocht Chú Choigcríche Uí Chléirigh. Is samplaí iad na cásanna seo den ghléas ornáidithe *breacadh* (féach Ní Dhomhnaill 1975,

45–54), seachas lochtanna ar an meadaracht. Tá an cuibheas breise seo le feiceáil i 28% (34/120) de na rainn sa tsraith:

Dán 1

5a	<i>crích</i>	5b	—	5c	<i>crích</i>	5d	<i>gcrích</i>
6a	<i>cána</i>	6b	—	6c	<i>cána</i>	6d	<i>tána</i>
7a	<i>cóir</i>	7b	—	7c	<i>cóir</i>	7d	<i>dóibh</i>
9a	<i>bhfuil</i>	9b	<i>d'fhuil</i>	9c	<i>chuir</i>	9d	<i>Dhuibh</i>
16a	<i>sgéal</i>	16b	—	16c	<i>sgéal</i>	16d	<i>do-bhéar</i>
17a	—	17b	(<i>táinig</i>)	17c	<i>táin, áigh</i>	17d	<i>táin</i>
28a	—	28b	<i>fuair</i>	28c	<i>uair</i>	28d	<i>uair</i>
33a	—	33b	<i>thuaidh</i>	33c	<i>thuaidh</i>	33d	<i>uaim</i>
47a	—	47b	—	47c	<i>táin, tháir</i>	47d	<i>áigh</i>
56a	<i>chuimhne</i>	56b	—	56c	<i>duilghe</i>	56d	<i>chuimhne</i>

Dán 2

3a	<i>mac</i>	3b	<i>slat</i>	3c	<i>ghlac</i>	3d	<i>mhac</i>
4a	<i>díon</i>	4b	—	4c	<i>ndíon</i>	4d	<i>ríogh</i>
8a	<i>thír, thír</i>	8b	<i>tír</i>	8c	—	8d	—
9a	<i>d'fhuil</i>	9b	<i>bhfuil, guin</i>	9c	<i>fhuil</i>	9d	<i>fhuil</i>
11a	<i>fhuil</i>	11b	—	11c	<i>fuil</i>	11d	<i>fuil</i>
12a	<i>teann</i>	12b	<i>dteann</i>	12c	<i>team</i>	12d	<i>dteann</i>
14a	<i>tréan</i>	14b	—	14c	<i>dtréan</i>	14d	<i>sgéal</i>
15a	—	15b	—	15c	<i>rath, brath</i>	15d	<i>rath</i>

Dán 3

2a	—	2b	<i>Chonaill</i>	2c	<i>Conaill</i>	2d	<i>romhainn</i>
7a	—	7b	<i>dhíom, ríomh</i>	7c	—	7d	<i>ríogh</i>
9a	<i>tóir</i>	9b	—	9c	<i>dóigh</i>	9d	<i>tóir</i>

10a	<i>tóir</i>	10b	—	10c	<i>tóir, fhóir</i>	10d	<i>tóir</i>
14a	<i>bhreath</i>	14b	—	14c	<i>bhreath</i>	14d	<i>breath, breath</i>

Dán 4

1a	<i>ríogh</i>	1b	—	1c	<i>ríogh</i>	1d	<i>ndíon</i>
2a	<i>uaisle</i>	2b	—	2c	<i>uaisle</i>	2d	<i>uaisle</i>
3a	<i>tréan</i>	3b	—	3c	<i>tréan</i>	3d	<i>fréamh</i>
8a	—	8b	<i>thréan</i>	8c	<i>séan</i>	8d	<i>tréan</i>
10a	—	10b	<i>oireacht</i>	10c	<i>roineart</i>	10d	<i>d'oireacht</i>
14a	—	14b	—	14c	<i>mé, é</i>	14d	<i>mé</i>
21a	—	21b	—	21c	<i>geall, fhearr</i>	21d	<i>gheall, fhearr</i>
23a	—	23b	<i>agra</i>	23c	<i>mh'agra</i>	23d	<i>tagra</i>
24a	<i>fhuighle</i>	24b	—	24c	<i>duilghe</i>	24d	<i>t'fhuighle</i>
27a	—	27b	<i>slán</i>	27c	<i>chlár</i>	27d	<i>grádh</i>
29a	<i>tír</i>	29b	—	29c	<i>mín</i>	29d	<i>tír</i>

Tá dhá rann sa tsraith ina bhfuil rím dheiridh bhreise agus glacaim leis go bhfuil an rím bhreise seo lochtach:

Dán 1.43 *Lá aca re teacht tar tuinn,*
líon catha do chloinn Domhnuill;
tiocfa a tuaidh le crú gConaill,
rú ní ba huair araghaill.

Dán 4.11 *An dóigh leis nach leanfainn air,*
cuid d'oireacht airdríogh Murbhaigh?
Cia dhíobh nach beódha mbagair,
deóra dhíom go ndearnadair?

Dúnadh: Tá dúnadh cuí ag deireadh gach dáin:

Dán 1:

1a. *Fada a gcairt ó chloinn Dálaigh*

57d. *ag rígh eile nach anfadadh*

Dán 2:

1a. *Truagh gan Mhaghnas 'na mhac ríogh*

15d. *gá lá nar sduagh a rath rú?*

Dán 3:

1a. *Dlighidh file fagháil aisig*

15d. *cuirim air déineamh a ndligh.*

Dán 4:

1a. *Tréan ríogh uaisligheas ollamh*

33d. *fa theagh Oilill a aintréan?*

Teanga

De réir na riachtanas do rannaíocht mhór, dán díreach, ní mór cuibheas inmheánach de shaghas éigin a bheith ann idir na haiceantaigh i línte *a–b* (féach Ní Domhnaill 1975, 25), ach glactar leis nach mbeadh gá le comhardadh slán chomh déanach seo sa tréimhse (tuilleadh plé in Breatnach 2017). Feicimid céilí cuibhis suimiúla sna línte seo as Dán 2:

1ab: *Truagh gan Mhaghnas 'na mhac ríogh;*
 gá mac do sháraigh a shéan?

3ab: *Mac Aodha fa hoirdhearc gnaoi,*
 slat d'fhiodhbhaidh tolcha Dá Thí;

14ab: *Tréan fileadh 'gá rádha riamh
do Mhaghnas dligtheas ar ndíon;*

Léiríonn na samplaí seo go bhfuaimnítí an t-ainmfhocail dílis *Maghnas* mar *Máناس*⁶ (sa dán áirithe seo, ar a laghad) ionas go mbeidh an cuibheas cuí idir é agus *sháraigh/rádha*. Tá dhá shampla eile sa dán den ainmfhocail dílis *Maghnas* (*IGT* ii §110) le fuaimniú na teanga clasaicí (.i. *a*-meánach ag dul le *a*-meánach sa chéile cuibhis):

4ab: *'S é 'na Mhaghnas dháibh fa díon,
ris an dáimh go dtarla tnúdh*

5ab: *Id Mhaghnas ní fríoth ar bhfaill—
gá críoch nar chabhrais go tuinn?*

Mar an gcéanna leis an sampla i rann 3, caithfear an chéad siolla in *fiodhbaadh* a fhuaimniú mar *fíobh-* ionas go mbeidh cuibheas idir é agus *Aodha* (a chaithfear a fhuaimniú le í mar chroíghuta sa chéad siolla). Féach go bhfuil sampla eile de seo leis an ainm dílis *Maghnas* i ndán a cumadh thart ar an am céanna le Domhnall (mac Thaidhg Óig) Ó hUiginn don Mhaghnas céanna, *POD* 12.10:

*An Rath dob árus d'Eimher
ata ar Maghnus ga maidheam*

⁶ Cé nach bhfeicimid an litriú *Máneas* i bhfilíocht na tréimshe clasaicí, tagann sé chun cinn i LSÍ go gairid i ndiaidh dheireadh na tréimhse. Tá samplaí den dá litriú i ndán de chuid Sheaáin Uí Neachtain ón mbliain 1717, atá i measc na samplaí is luaithe den athrú sa litriú féin san fhilíocht; 6 *Tháinig Maghnus Mac Searraidh / 's Conchubhair lachna Mhac Maghnus / tháinig Phillip Ó Gaoithín / Seón Ó Maoilín 's Má Gára; agus 18 Tháinig Gormlaidh Ní Mhánuis / tháinig Gráinne Ní Cholla / tháinig Beanmhúin agas Síle / mnáibh cíorrtha na holla.* (Williams 1975–6, 29–49).

*gé ata sin issí aenar
ni baeghal fhir í acht d'ainfer*

Tá sampla eile tugtha faoi deara ag Greene in *DMU* 22.4 (féach freisin nóta 2633):

*A mhedh dá chlú chuiress sin
ní hé mholas Mág Uidhir;
ciodh **adhbhor** mó� dá mholadh
glór **anrodh** nó ollamhan.*

Athruithe tosaigh ar ainmfhocail:

Seo thíos na háiteanna a bhfuil séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmfhocail:

- i). Glacaim leis go mbeadh séimhiú ag an bhfile ar lorg ainmneach/gairmeach uatha baininscneach, agus tá séimhiú curtha ar fáil agam sna línte seo leanas:

Dán 1	
7a	<i>Cóir Chonallach</i>
14b	<i>tabhairt chuíil</i>
32a	<i>a ghéag tharaidh</i>
37a	<i>Críoch Ghaoidheal</i>
42c	<i>caor churadh</i>

Dán 2	
4c	<i>slat phailme</i>

- ii). I bhfianaise líne 47a sa chúigiú dán le Cú Choigcríche (.i. *ABM* 154.47ab: *Fuinn Fhinne tar íath Siúire) tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmneach iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol sa líne seo a leanas:*

Dán 1	
-------	--

- iii). I bhfianaise líne 21b sa chúigiú dán le Cú Choigcríche (i. *ABM* 154.21a: *go Cruachuin an fhuinn f[h]éaraigh*), tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol sna línte seo a leanas:

Dán 1	
1c	<i>ar sheineól chláir Chuinn</i>
2a	<i>ag seanchaidhibh cláir Chuinn</i>
22d	<i>le hÉigneachán fhuinn Fhánad</i>
24a	<i>airdrí cinidh Chuinn</i>
50d	<i>branáin an chláir Chruachan-sain</i>
55d	<i>d'fhoirinn ar gcláir Chonuill-ne</i>
Dán 2	
5d	<i>a bhranáin chláir Chuinn</i>
8d	<i>goraidh ghruaidh</i>
Dán 4	
2c	<i>uaisle fhuinn Bhanbha</i>
33b	<i>foireann tilte cláir Chobhthaigh</i>

- iv). Ós rud é nach bhfuil aon sampla sna LSÍ, ná sa chúigiú dán leis an bhfile, a dheimhníonn a mhalairt, glacaim leis gur botún seachadta faoi deara easpa séimhithe ar lorg tabharthach uatha sna LSÍ. Tá séimhiú curtha ar fáil agam sna línte seo a leanas:⁷

⁷ De réir m'áirimhse, i leaganacha na LSÍ tá 30 cás (30 i LS D i nDánta 1–4, agus *ABM* 154; 14 cás i LS S i nDán 1 amháin) d'ainmfhocail a leanann tabharthach uatha, agus go mbeifí ag súil le séimhiú orthu. Ní bhíonn séimhiú ann go hiondúil sna LSÍ; tá séimhiú ann i 10/30 (33.3%) de na sampláí i LS D, agus 2/14

Dán 1	Dán 3
3d <i>ó chineadh Chonaill</i>	3c <i>as Ó (n)Dhomhnaill</i>
5d <i>i gerích chomhoidhigh</i>	5a <i>ó cath Bhearnais</i>
12d <i>do rígh Dhoire</i>	
Dán 4	
30c <i>do chrú Chuinn</i>	
37c <i>d'aicme Chuinn</i>	20b <i>d'airdrígh Shligigh</i>
39b <i>d'fhuil Chonuill</i>	27c <i>do chlár Chuinn</i>
40c <i>'na n-uradh għliadh</i>	
45c <i>do chor chomhlainn</i>	
49c <i>ó mhúr Mheadhbha</i>	
53a <i>d'fhine Chuinn</i>	
55b <i>ó shiol (c)Chuinn</i>	

Sléagar: Comhlíonann na samplaí seo thíos na riachtanais do shléagar, agus feicimid séimhiú neamhghramadúil, nó díshéimhiú neamhghramadúil (féach McManus 1994, 357–8). Léiríonn * gur mise a chuir an séimhiú ar fáil:

Dán 1
22d <i>le hÉigeanachán fhuinn* Fhánad</i>
29d <i>tar duaisibh Fhloinnmheic Lonáin</i>
34b <i>minic d'éigsibh fhóid Oilill</i>
36b <i>cóig cána chríche Gaoidheal</i>
46b <i>d'uaislibh chraobh chlann nGallchabhair</i>
49a <i>Do shnáth uama fhóid Lughaidh</i>

Dán 2
3b <i>slat d'fhiodhbhaidh tolcha Dá Thí</i>

(14.3%) de na samplaí i LS S. Níl samplaí a chomhlíonann na riachtanais do shléagar curtha san áireamh agam, ná samplaí a bhfuil *d, n, t, l, s* ag teacht le chéile.

Dán 3

13b *ó mhac meic Aodha is ard sdair*

Eile: Tá urú bainte agam ar lorg tabharthach uatha i nDán 1.1a *ó chloinn (n)Dálaigh*, 1.3b *d'fhuil (n)Dálaigh* agus 1.9b *d'fhuil (n)Dálaigh*. Tá urú bainte agam freisin ar lorg ainmneach uatha baininsceach i nDán 1.50a *Clann (n)Donnchaidh*.⁸ Tá séimhiú bainte agam ar lorg áinsíoch uatha i nDán 4.9b *re linn M(h)aghnais*, agus ar lorg tabharthach iolra i nDán 1.32a *do chuitaibh F(h)loinn*. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an phorainm shealbhaigh fhirinscnigh *a* i nDán 4.21b *mé do cheilt a chaithréime*, agus i nDán 4.24a *Ólfad a fhuighle milse*. Tá séimhiú curtha ar fáil agam freisin ar *fir* (ginideach uatha) ar lorg *gach* i nDán 4.27b, atá ag teastáil le go mbeidh uaim sa líne (*°fhir fa °anfhochain*).

Réamhfhocail: Is minic a fhaightear na réamhfhocail *le* agus *re* in áit a chéile san filíocht, go háirithe i dtreo dheireadh na tréimhse clasaicí, agus i LSÍ a scríobhadh sa tréimhse iarchlasaiceach chomh maith (féach Mac Cárthaigh 1997, 62). Níl aon fhianaise i ndánta Chú Choigcríche Uí Chléirigh a thabharfadhl le fios nach raibh idirdhealú na teanga clasaicí aige i leith na réamhfhocail seo. Glacaim leis, mar sin, gur botún seachadta faoi deara an réamhfhocail míchuí a bheith ann sna LSÍ (.i. *re* in áit *le*, nó a mhalairt) agus sna cásanna seo a leanas, atá coigearaithe agam:

Dán 1

23(a)b *(gur thuit) re síol gConaill* → *(gur thuit) le síol gConaill*

39c *súil aca le hadhbha Néill* → *súil aca re hadhbha Néill*

43a *Lá aca le teacht tar tuinn* → *Lá aca re teacht tar tuinn*

54d *le Maghnas ní huair aighneis* → *re Maghnas ní huair aighneis*

⁸ Faigtear urú mar seo go minic i LSÍ, tar éis leithéidí *clann* agus *fuil* nuair atá tagairt á déanamh do theaghlaigh, mar gheall ar thionchar ó shean-neodraigh cosúil le *síol* agus *cinéal*.

Dán 2

1d

teacht le a thréan → teacht re a thréan

Dán 4

21a

tar éis a chur re chéile → tar éis a chur le chéile

Deimhníonn líne 13b de Dhán 2 (*fam dhíbeirt gan fhadchain uadh*) go raibh an nós ag an bhfile séimhiú ar chur ar fáil ar lorg an réamhfhocail *gan*. Dá réir sin, tá séimhiú curtha ar fáil agam sa chéadlín de Dhán 2: *Truagh gan Mhaghnas 'na mhac ríogh*.

Agallaimh agus fáisnéis

Tá trí rann sa tsraith seo le Cú Choigcríche Ó Cléirigh a d'fhéadfá a léamh mar shamplaí den locht (féach *IGT* v §§23, 122; agus *BST* 224.18–26) *agallaimh agus fáisnéis* (gheofar tuilleadh plé in Ó Baoill 1990, 377–92; agus Sims-Williams 2005, 315–26). Is sa dara dán atá an chéad cheann acu:

Dán 2.8cd: *Mé ar díbirt ó thír do thír
óir is é is rí ar an tís thauidh,
's gan labhradh oraibh fa aoir,
dhaoibh dob adhbhar goraidh ghruidh.*

Ach tá seans ann nach *agallaimh agus fáisnéis* é seo is go dtagraíonn *oraibh agus dhaoibh* don *oireacht* a luadh sa rann díreach roimhe (7cd: *a oireacht gan rígh dá réir / roineart ar chléir san tís thauidh*).

Tá an dá shampla eile sa cheathrú dán:

Dán 4.16 *Deacair dá bhar bhfilidh féin
deilbh aoire dá ghnúis ghainréidh;
fios mo rúin is reachta dhamh
deacra dhúinn gan a dhéanamh.*

Dán 4.24 *Ólfad a fhuighle milse,
bheith 'na ndiaidh do dhlighfinn-se;
a mbuain díom—gá duilghe breath?
Th'fhíon is t'fhuighle ní héinchreach.*

Ní dóigh liom go bhféadfaí *bhar* (Dán 4.16a) a léamh mar thagairt don *oireacht*, atá luaite cúpla rann roimhe sin (12ab: *Aigeóram air, is é a shuim / oireacht ríogh fhréimhe Conuill*). Ní léir dom aon bhealach eile le rann 24 a léamh.

Athrá agus macallaí i bhfilíocht Chú Choigeríche Uí Chléirigh

Is tréith ealaíonta í d'fhilíocht Chú Choigeríche Uí Chléirigh go mbíonn athrá, macallaí, agus rím bhreise inti. Ní hamháin go mbíonn *breacadh*, atá pléite agam thuas, taobh istigh de rainn go minic, ach déanann an file athrá ar fhocail agus ar fhrásáí ar leith thar roinnt rann, nó ó dhán go dán fiú, chun béis a chur ar argóintí nó ar théamaí áirithe.

I nDán 2, cur i gcás, feicimid *red linn* faoi thrí idir rainn 5–7, agus athúsáideann an file an réamhfocal *gan*, ag leagan béis ar chomh míshásta is atá sé faoin gcaoi a bhfuil cúrsaí le linn réim Mhaghnais, agus neartaíonn an t-athrá seo príomhargóint an dáin:

5. *Id Mhaghnas ní fríoth ar bhfaill—
gá críoch nar chabhrais go tuinn?
Móide is náir gan anáir inn
red linn, a bhranáin chláir Chuinn.*

6. *Fachain diomdha, a ua na nAodh—
dot fhiodhbhaidh fa dual ar ndíon—
gan tú ag cur linn mar is lór,
ar n-ór red linn ar ndul díom.*

7. *Do bhean rinn a dhochair dhúinn,
red linn i gcrothaibh do-chuaidh;
a oireacht gan rígh dá réir
roineart ar chléir san thír thuaidh.*

Is sa tríú dán a fheicimid cuid den fhriotal is bagraí sa tsraith ar fad, agus maíonn an file go dtiocfaidh *tóir fhileadh* (10a) ina dhiaidh ag cur in éadan na héagóra a rinne an pátrún air. Déanann sé athrá ar an bhfocal *tóir* faoi shé taobh istigh de thrí rann (rainn 9–11a; agus féach an chosúlacht ó thaobh fuaimé de i líne 12a) chun an bhagairt seo a threisiú:

9. *Béaraidh téoir timchioll ar n-aisig
ort, a airdrí Easa Ruaidh;
is maírg do-ní dóigh dá ndearadh—
ní téoir í ar a mbearar buaidh.*
10. *Tóir fhileadh i n-armaibh aoire,
adhbharr guaise a ngonann siad,
téoir is ionchuir ar fhóir nGaoidheal,
téoir nach iomchair aoinfhear iad.*
- 11a. *Tóir mhall nach maithfe mo choire*
(12a. *An t-ord fileadh, is é a aithghearr)*

I nDán 4, rainn 1–8, déanann an file athrá ar na focail sa chéadlíne *Tréan ríogh uaisligheas ollamh*. Tá *tréan ríogh* ann arís uair amháin eile i dtreo dheireadh an dáin (26d). Tugtar faoi deara freisin an t-athrá ar an bhfocal *ealadha* ag deireadh línte 2d, 3d, 4d agus 8d:

1cd. *an fhuil ríogh gur uaisligh ionn
ar ndíon ar uaislibh Éirionn*

2a. *A n-uaisle ag teacht dá threise*

2cd. *iomchraid uaisle fhuinn Bhanbha
cuing uaisle na healadhna*

3. **Tréan na ríogh** 'gá raibhē sin

Torna Éigeas do uaisligh

go mbíodh tnúidh re tréan Torna

fréamh a húir na healodhna.

4a. **Tréan a ríogh** fa dídean dáibh

4d. *gur theann iad a healadhain.*

5a. **Tréan airdríogh** do uaisligh sinn;

5c. *gan tréan ríogh 'na gceann ag cur*

6cd. *do fhéagh ar uaislibh Banbha
tréan ler uaisligh ollamhna.*

7c. *gurbh é a thréan dhúinn do ba díon*

8b. *do thréan ríogh fhréimhe Conuill*

8d. *nach tréan inn a healadhain.*

26d. *Gantréan ríogh ní rabhomar.*

Féach freisin an chosúlacht ó thaobh fuaime de idir na chéad fhocail aiceanta i rainn 25–28:

- 25a. *Dar n-éigse ní dearnadh dóigh*
26a. *Gur thréigis mé—meisde dhamh—*
27a. *Gur léigis fúinn—fáth dochair*
28a. *'Na éagmhais dá n-ana sinn*

Chomh maith le hathrá a dhéanamh ar fhocail agus ar fhrásáí ar leith, feicimid rainn sa cheathrú dán a dhéanann macalla ar rainn áirithe ó na dánta eile sa tsraith, áit a dtagann an file ar ais chuig argóintí na ndánta eile, á gcur i gcuimhne don phátrún agus á dtreisiú.

Déanann an file macalla ar Dhán 3.5–7, i nDán 4.24:

Dán 3	Dán 4
<p>5. <i>Ar bhfeann cairte ó chath Bhearnais do beanadh dhínn—doirbh an bhreach. Móide ar mbroid—'gá dáil is duilghe?— ó a-táim dhoid ag cuimhne ar gcreach.</i></p>	
<p>6. <i>Briathra milse agus muirn airdríogh, ní héinchreach dhamh deadhail riú; do beanadh dhíonn—doirbh an fhaghala— moirn ríogh nach bhfaghar a fiú.</i></p>	<p>24. <i>Ólfad a fhuighle milse, bheith 'na ndiaidh do dhlighfinn-se; a mbuain díom—gá duilghe breath? Th'fhíon is t'fhuighle ní héinchreach.</i></p>

7.

*Mé dá agra ar airdrígh Bearnais
ar beanadh dhíom—doirbh re a ríomh.
Dual 'na leith gach éan dar n-ealta,
do-ghéan breith an reachta ríogh.*

I dtreo dheireadh Dhán 4, feicimid macalla arís, ar rainn deiridh Dhán 1 an uair seo:

Dán 1	Dán 4
56cd. <i>duilghe arna chur le chéile sgur do chuimhne a gcaithréime.</i>	21ab. <i>Tar éis a chur le chéile mé do cheilt a chaithréime</i>
57. <i>Dá n-ana an corp—cruaidh an chuing— i n-éagmhais ríogh clann gConuill— nach bím leis an croidhe ag cur— ag rígh oile nach anfadh.</i>	28. <i>'Na éagmhais dá n-ana sinn, rí Éirne ní hé thréigim; anfaidh an croidhe is thír thall, ag rígh oile dá n-anam.</i>

Is díol suime é an dóigh a dtagraíonn an file siar do na dánta eile sa cheathrú dán seo, cé go bhfuil téamaí agus argóintí ar leith sa dán céanna, agus é ag feidhmiú mar achoimre, ar bhealach, ar an tsraith ar fad.

Codanna ar iarraigd ó LS S

Cé go n-úsáidim an chóip as LS S mar leagan dioplómaitiúil Dhán 1, tá dhá rann i leagan LS D nach bhfuil i LS S. Ina theannta sin, níl líne 57a i LS S ach an oiread. Dá bhrí sin, tagann rainn 23 agus 48, chomh maith le líne 57a sa leagan dioplómaitiúil as LS D amháin. Cuirim é seo in iúl trí na codanna seo a bheith idir lúibíní cearnacha sa leagan dioplómaitiúil.

TÉACS, LÉAMHA AGUS AISTRIÚCHÁN

Dán 1

LS S

Eagrán Criticiúil

- | | |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. Fada a ccairt o clan ndalaigh
dith cuimhne <i>ar</i> a ccedchanaibh
<i>gan</i> cuimhne <i>ar</i> sheineoil chlair cuinn
náir le ceineoil cconuil | 1. Fada a gcairt ó chloinn Dálaigh;
díoth cuimhne ar a gcéadchánaibh,
gan chuimhne ar sheineól chláir Chuinn,
is náir le ceineól gConuill. |
| 2. Gnáth ag seanchadhuibh cláir cuin
cairte gaoigheal ríamh romhuin
<i>mur sin</i> do chait fhear noiligh
<i>cairt a sean ga seanchaidhibh</i> | 2. Gnáth ag seanchaidhibh cláir Chuinn
cairte Gaoidheal riamh romhuinn,
mar sin do chait fhear nOiligh:
cairt a sean ’gá seanchaidhibh. |
| 3. Cait a naithreadh dob iad sin
moide as iongnadh d'fhuil ndálaigh
a ttréd fileadh fein ar fail
a ccéin ó chineadh conuill | 3. Cait a n-aithreadh dob iad soin;
móide as iongnadh d'fhuil Dálaigh
a dtréad fileadh féin ar fail,
i gcéin ó chineadh Chonaill. |

Éagsúlachtaí le LS S i LS D:

- 1a.** chloinn dálaigh. **1b.** díoth; ccéadchánaidh. **1c.** shean eól. **1d.** anair; cineol.
2a. seanchoidhibh chlair cuinn . **2b.** gaoidheal. **2c.** bfear.
3b. iongnamh; dálaigh.

1. Far is their charter from Dálach's descendants—forgetting their primary legal dues and the old knowledge of Ireland is shameful to Conall's descendants.
2. It has always been that the historians of Ireland have held the charters of the Gaels, thus it is for the charter of the men of Oileach: their historians hold the charter of their ancestors.
3. They (i.e. the historians) were the charter of their forefathers, it is all the more astounding that Dálach's descendants neglect their own band of poets, [leaving them] far from Conall's kin.

- | | |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>4. Iul banbha gibé ga bfuil
 <i>sealbh í domhnuill chláir chobhthaigh</i>
 <i>cairt na seilbhe as é a seanchuidh</i>
 <i>an té as eighre ar eireannchaibh</i></p> | <p>4. Iúl Banbha—gi-bé ’gá bhfuil
 <i>sealbh Í Dhomhnaill chláir Chobhthaigh,</i>
 <i>cairt na seilbhe as sé a seanchaidh,</i>
 <i>an té as eighre ar Éireannchaibh.</i></p> |
| <p>5. Cait a chinidh ar crich Néill
 <i>o mhac mheic aodha a nimchein</i>
 <i>nairt a-einidh-ar le crich airt da hoighir</i>
 <i>a cairt a ttrich comhoighhigh</i></p> | <p>5. Cait a chinidh ar crích Néill
 <i>ó mhac mheic Aodha i n-imchéin;</i>
 <i>náir le crích Airt dá hoighir</i>
 <i>a cairt i gcrích chomhoidhigh.</i></p> |
| <p>6. A cana troma ar chrích cuinn
 <i>feadh moirbheire ar ful chonuil</i>
 <i>nár foghul na cána ar ceilt</i>
 <i>ar daoinnuibh tána an tuaisgirt</i></p> | <p>6. A cána troma ar chrích Cuinn,
 <i>feadh m'oirbheire ar fhuil Chonuill,</i>
 <i>nár fagháil na cána ar ceilt,</i>
 <i>ár d'anáir tána an tuaisgirt.</i></p> |

4b. ui dhomhnaill chlainn cobhthaigh. **4d.** eidhre déireannchaibh.

5a. a crích. **5cd.** ni sinn budh cóir dagra ann / doibh da tagra ni thiocfam (féach 7cd).

6a. chána; ccuinn. **6b.** fead; ar fhuil cconuill. **6c.** faghail. **6d.** damadh.

4. The knowledge of Ireland—whoever possesses the patrimony of Ó Domhnaill of Ireland is heir [to rule] over Irishmen; the charter of this possession is their historian.
5. His family's charter [verifying their right to rule] over Ireland is far from the grandson of Aodh; Ireland is shamed for her heir [since] her charter is in a foreign land.
6. The extent of my criticism of the bloodline of Conall is that their great exactions over Ireland have been shamefully concealed, ruining the honour of the northern band.

- | | |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>7. Coir conallach <i>ar clann neill</i>
 <i>an feadh bhiam uatha a nimchein</i>
 <i>ni sin bugh coir dagra ann</i>
 <i>doibh da ttagra ni thiocfam</i></p> <p>8. Comuin liom ni liom amhain
 <i>da mbein uair gan admhail</i>
 <i>gibe aniogh do niad manchaigh</i>
 <i>siad fa chion do conallchaibh</i></p> <p>9. Do chonarc an chairt a bfuin
 <i>ni da hadmhail dful ndaluigh</i>
 <i>ga heang nár chuir le cheile</i>
 <i>o duibh ce ceann corrshleibhe</i></p> | <p>7. Cóir Chonallach ar chloinn Néill
 <i>an feadh bhiam uatha i n-imchéin—</i>
 <i>ní sinn budh cóir d'agra ann—</i>
 <i>dóibh dá dtagra ní thiocfam.</i></p> <p>8. Cuimhin liom, ní liom a-mháin—
 <i>dá mbeinn uair gan a admháil—</i>
 <i>gi-bé a-niogh do-niad Manchaigh,</i>
 <i>siad fa chion do Chonallchaibh.</i></p> <p>9. Do-chonnarc an chairt 'na bhfuil
 <i>ní dá hadmháil d'fhuil Dálaigh—</i>
 <i>gó heang nar chuir le chéile</i>
 <i>ó Dhuibh go ceann Coirrshléibhe?</i></p> |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

7a. chloinn. **7b.** bhéim uathadh. **7c.** sinn budh.

8a. Cumhain leam ni leam amháin. **8b.** mbéinn. **8c.** aniodh do niodh.

9a. chonnairc; na bfuil. **9b.** dálaigh. **9c.** re chéile. **9d.** go ceann.

7. So long as I am far from them, I will not come to advocate for what is owed to descendants of Conall from the progeny of Niall (i.e. the people of Ireland)—I am not the one to blame for this.
8. Whatever the Fermanagh men do today, I remember, and not only I, them being indebted to descendants of Conall—if there were a time when I would not have admitted it.
9. I saw the charter which acknowledges [the sovereignty of] Dálach’s bloodline over it—what land did it not unite from the Duff to the Curlew Mountains?

10. Luach <i>gan</i> mo bheith san thír thall o tarla eolas agam <i>mur gach cion gan</i> ríomh rachaíd a ccion rígh le ruaraichibh	10. Luach gan mo bheith san thír thall, ó tharla eólas agam, mar gach cion gan ríomh rachaíd a gcion ríogh le Ruarcachaibh.
11. Ri eirne <i>acht gidh</i> aithnígh dhamh troma a fhiach <i>ar fhonn</i> cruachan <i>ar séan</i> a biodhbhadh báidh linn a cóir <i>ar fhionnmhagh</i> oilill	11. Rí Éirne, <i>acht gidh</i> aithnidh dhamh troma a fhiach ar fhonn Cruachan, ar séan a bhiodhbhadh, báidh linn, a cháir ar fhionnmhagh Oilill.
12. Eolas <i>ar oirbirt</i> a shean fa ceann coradh fa chaisiol go mbíam na goire sa thír thall do rígh doire ni diognam	12. Eólas ar oirbhirt a shean fa Cheann Coradh, fa Chaiseal go mbiam 'na ghoire san thír thall do rígh Dhoire ní dhiongnam.

- 10a.** sa. **10b.** thárlá. **10c.** ríomh **10d.** ar cion; Ruarcachaibh.
11b. trom a; ccruachan. **11c.** ar seana a. **11d.** chóir; noilill.
12b. cheann choraíd. **12c.** mbéim; ngoire; as thír. **12d.** dhiongnam.

10. The price of my absense from that land is that the royal taxes owed by the O'Rourkes will go to the O'Rourkes, just as all [other] taxes will go unreckoned, since I am the one who knows of it.
11. Though I know the extent of the legal dues of the king of the Erne from Connacht, I consider his rights over bright plain of Oilill good for the prosperity of his enemies.
12. I will not provide guidance to the king of Derry regarding the valour of his ancestors at Kincora and at Cashel until I am near him in that land.

13. Fiú <i>ar bfala fa ghort gaillmhe</i> doibh anocht ni <i>nbochtfainme</i> <i>sgéala a maicne roimhe riamh</i> a ngoire daicme uilliam	13. Fiú ar bhfala fa ghort Gaillmhe, dóibh a-nocht ní nochtfaim-ne sgéala a maicne roimhe riamh, i ngoire d'aicme Uilliam.
14. Mor nadhbhar farb eigean dam tabhairt cuil dairdrigh uladh ni hi an toil <i>nar</i> fill tar ais ni sinn nár fhan na fhegmhuis	14. Mór n-adhbhar farbh éigean damh tabhairt chúil d'airdrígh Uladh; ní hí an tal nar fhill tar ais, ní sinn nar an 'na éagmhais.
15. Tar eis mhoirbhire as se a shuim ni fhed sinn seachna í domhnuill máor tabhaigh na toile anon an eroidhe raghaidh romham	15. Tar éis mh'oirbhire, is é a shuim, ní fhéad sinn seachna Í Dhomhnuill, maor tabhaigh na toile a-nonn an croidhe raghaidh romhom.

13a. bfola. **13b.**anois nach nochtfaimne.

14a. nádhbhar; damh **b.** chúil. **14c.** tol. **14d.** do an na éagmhais.

15b. ui dhomhnaill. **15d.** croidhe; romhuinn.

13. Such is my grievance in the land of Galway, near the MacWilliams, to them tonight I will not reveal the stories of their family who came before.
14. There are many reasons why I had to turn my back on the high-king of Ulster; my affection returned [to Tír Chonaill, and] it is I who was left without it.
15. Despite my reproach, and in short, I cannot avoid Ó Domhnaill, my heart will go there ahead of me, to the tax collector of affection.

16. Fuaras sgel oirrdheirc orthaibh

theid a cclú do conallchaibh
an sgel *mur fuair gan* file
do bhér uaim tar mhoirbire

17. An sgel fuanas soda o shoin

tainig a ccuan *cinn mhaghair*
táin go naoibheall áigh orthaibh
tain laoidheang do lochlannchhaibh

18. Od chualaidh a tteacht tar tuinn

eighneachán ri clann cconaill
teid na ceann *ar tteachta* o a ttigh
ga heachtra as fear do eirig

16. Fuaras sgéal oirdheirc orthaibh

téid i gclú do Chonallchaibh;
an sgéal mar fuair gach file
do-bhéar uaim tar mh'oirbhire.

17. An sgéal fuanas fada ó shoin:

tainig i gcuán Cinn Mhaghair
táin go n-aoibheall áigh orthaibh,
táin laoidheang do Lochlannchaibh.

18. Ód-chualaidh a dteacht tar tuinn

Éigneachán, rí clann gConuill,
téid 'na gceann ar dteachta ó a thigh;
gá heachtra as fhearr do éirigh?

16a. oirdheirc; **16b.** teid. **16c.** gach.

17a. fada. **17b.** chin. **17c.** dámh *in áit* táin

18b. Eigneachan; chlann. **18c.** o thigh. **18d.** fearr; éirigh.

16. I learned of a famous story about them, which advances the fame of Conall's descendants; despite the reproach I have suffered, I will tell the story as every poet heard it.

17. This story I learned of long ago: into the bay of Kinnaweer came a warrior band set on battle, a fleet of Norse ships.

18. Upon hearing of their coming across the sea, Éigneachán, king of Conall's families, goes to meet them after coming from his house; what better story ever arose?

19. Ar ndol na cceann leadh <i>ar leath</i>	19. Ar ndol 'na gceann leath ar leath
siad uile ag <i>iarrm</i> (?) ainbhreadh	's iad uile ag iarraidh ainbhreadh,
sith más fior do <i>hobadh</i> air	síth, más fhíor, do hobadh air;
sidh na <i>cogadh</i> níor cheangail	síodh ná cogadh níor cheangail.
20. Smuainis eigneachan ann sin	20. Smuainis Éigneachán ann soin,
ger lía iadsan na aghaidh	ger lia iadsan 'na aghaidh,
fian danar <i>ar tteacht tar tuinn</i>	fian Danar ar dteacht tar tuinn,
<i>gan</i> anadh re ceart comlainn	gan anadh re ceart comhluinn.
21. Oighre dalaigh na ndearc mall	21. Oighre Dálaigh na ndearc mall
nochtas arm cian ó comhtröm	nochtas arm, cian ó chomhthram,
<i>gur</i> fhec sé a faobhar orthaibh	gur fhéach sé a fhaobhar orthaibh—
baogal é idir allmurchaibh	baoghal é idir allmhurchaibh.

19b. *iarraidh*. **19cd.** tain go naoibheall áigh orthaibh / tain laoidheang do lochlannchaibh (féach 17cd).

20a. *Smuaineas*. **20d.** comhluinn.

21a. oidhre. **21b.** nochtas; chothram. **21c.** fhéach; fhaobhar. **21d.** baoghal; eidir.

19. Upon going to meet them face to face, and them all seeking an exorbitant payment, peace, it seems, was denied to him; neither peace nor war was agreed upon.
20. Then Éigneachán thought not to wait for an evenly-matched battle, though those against him—the warrior band of Danes who had come across the sea—were greater in number.
21. Dálach's heir of noble eyes took up arms, far from evenly-matched [with the enemy], and tried out his blade on them—he was a menace among the invaders.

22. *Mac riogh lochlann nar loc troid*
 do thuit a tteas an chomhruig
 clar cuinn na teigleachlar tug
 le heigneachun fuin fanadh
22. *Mac ríogh Lochlann nar loc troid*
 do thuit i dteas an chomhraig—
 clár Cuinn 'na théigleathámh tug—
 le hÉigneachán fhuinn Fhánad.
23. [Fian lochlann i ttreas gor thuit
 re siol cconaill iúl oirdheirc
 cia dhiobh nar fhégh a arma
 tréd sa sídh nach soshnadhma]
23. *Fian Lochlann i dtreas gur thuit*
 le síol gConaill—iúl ordhraic—
 cia dhíobh nar fhéag a arma?
 Tréad 's a síodh nach soshnadhma.
24. *Roinnis áirdrigh cinid cuinn*
 maitear na laoch a lochluinn
 se na caran fa chath ngaideal
 sgath a narm sa niolmhaoineadh
24. *Roinnis airdrí cinidh Chuinn*
 maitheas na laoch a Lochluinn
 's é 'na charn fa chath nGaoidheal,
 sgath a n-arm 's a n-iolmhaoineadh.
- 22a.** rígh lochlann nar ob. **22b.** i ttús. **22c.** theigleachláir. **22d.** re; fhuinn fhánad.
23. Níl an rann seo i LS S, tagann an leagan thusa ó LS D.
24a. Roinnios; chinidh. **24b.** maitheas. **24c.** chárna; ngaoideal. **24d.** sgáth.
22. The son of the Scandinavian king who never refused a fight fell in the heat of the battle at the hand of Éigneachán of Fanad—it made Ireland a peaceful place.
23. The Scandinavian warriors fell in the fight at the hands of Conall's descendants—as is famously known—who among them did not try his weapons? A host which is not easy to make peace with.
24. The high-king of Conn's descendants shared out the wealth of the Scandinavian warriors which was piled up around the battalion of Gaels, the best of their weapons and valuables.

25. Rainig chuige cian do chlos	25. Ráinig chuige—cian do-clos—
mile uinge da níonmhos	míle uinge dá n-ionnmhas—
moide a nallan clu o ccuinn	móide a-nallan clú ó gCuinn—
do runag <i>ar</i> chru cconuill	do rannadh ar chrú gConuill.
26. Mac lonán sa chliar re a chois	26. Mac Lonán ’s a chliar re a chois
don rig <i>ar</i> roinn an ionnmhais	don rígh ar roinn an ionnmhais
tainig flan <i>ceann</i> na cleire	tánig Flann, ceann na cléire;
go dream an dob aigmheile	gá dream ann dob aigmhéile?
27. Righ leithe cuin <i>nar car</i> cradh	27. Rí leithe Cuinn nar char cradh
fán <i>am sin</i> do bhi a mbáogal	fan am-soin do bhí i mbaoghal,
mar bios neac <i>gan</i> ni na laimh	mar bhíos neach gan ní ’na láimh,
ód chí asteach an <i>tromdhaimh</i>	ó do-chí is-teach an tromdháimh.

25b. ionnmhus. **25c.** nallán. **25d.** rainic; conuill.

26a. lonáin. **26b.** righ **26c.** tánaig flann. **26d.** ga; ann; aigmhéile.

27a. Rí; cuinn; char. **27b.** amm. **27c.** bhíos neach; ní; láimh. **27d.** o do chí isteach.

25. He attained a thousand ounces of their wealth that was shared among Conall’s descendants—it was heard far and wide; greater is the fame of Conn’s descendants since then as a result.
26. Flann mac Lonán, the head of the learned, along with his retinue came to the king after he had shared out [all] the wealth—what band was more dangerous?
27. The king of Conn’s half who had no love for riches was in danger by this time, like a man who has nothing [to give], seeing the importunate poet band coming in.

28. As seadh ionnmhais fhine cuinn

fuar an rígh o *freimh* chonuill

<or> rígh do *fuair* an tolladh

bídh *nair* ag *gach* enbronnadh

29. Don rígh sa clú do cosoin

buaine i ina *an* tionnmhasoin

oirrdeirc an duaissin do dhail

tar duaisibh fhloinnmeic lonain

30. Ar chur ndeabtha *ar* dhail cruidh

rí as *meadh* don macsinn dalaig

ní fuighinn súas do crú cuinn

acht cnú do cnúas o cconuil

28. Aiseag ionnmhais fhine Cuinn

fuair an rí ó fhréimh Chonuill,

ón rígh do uair an t-ollamh—

bídh uair ag gach éanbhronnadh.

29. Don rígh 's a chlú do chosoin—

buaine í iná an t-ionnmhas-soin—

oirdhreic an duais-sin do dháil

tar duaisibh Fhloinnmheic Lonáin.

30. Ar chur ndeabhta, ar dháil a chruidh,

rí is meadh don mhac-soin Dálaigh

ní fuighinn suas do chrú Chuinn

acht cnú do chnuas ó gConuill.

28a. Aiseag. **28b.** rígh; fhréimh. **28c.** on; *fuair*; tollamh. **28d.** bídh *uair*.

29a. ri; chlú; chosain. **29b.** e no; tionnmhas sin. **29c.** dháil. **29d.** dhuasaibh; floinnmeic lonáin.

30a. ndeabhta; dhail a *cruidh*. **30b.** Mac soin dálacha. **30c.** bfuighinn; chrú. **30d.** chnúas; cconuill.

28. The king received the repayment of the wealth of Conn's kin from the descendants of Conall, [and] the master poet received it from the king—there is a time for every gift.

29. The king's reputation, more enduring than those riches, was protected—that prize was more famous than [any other] prize Flann mac Lonán received.

30. When it comes to fighting, and sharing his wealth, I would not find [through the ancestral bloodline] of Conn's descendants a king comparable to that son of Dálach, except a nut from the nut-cluster of Conall's descendants.

31. Oighre dalaigh nár diult sgoil mac aodh a conchlann chubhaig <i>ar cur gliadh ar caitheam cruidh</i> do aithin cliar <i>gur</i> chosmhuil	31. Oighre Dálaigh nar dhiúlt sgoil, mac Aodha a chonchlann chubhaidh; ar cur gliadh, ar caithimh cruidh, do aithin cliar gur cosmhail.
32. An cuairtsin do cuartuibh fhloinn a cceann ardriugh chlann cconoill duinn go mádh sed samhuil sin a geg toraidh o theamhraigh	32. An chuairt-sin do chuitaibh Floinn i gceann airdríogh chlann gConoill dúinn gomadh séad samhail soin, a ghéag tharaidh ó Theamhraigh.
33. Ni hionann san file flann ni dearna túith acht taghall ni taghall bú tuaidh mo thoil ni ghabham uaim <i>gan</i> anmhoin	33. Ní hionann 's an file Flann, ní dhearna thuaidh acht tadhall; ní tadhall ba thuaidh mo thoil, ní ghabham uaim gan anmhoin.

31a. Oidhre; dhiult. **31b.** Aodha a; cubaidh. **31c.** ngliaidh; chaitheamh. **31d.** chosmhuil.
32a. chuairt; chuitaibh floinn. **32b.** i gceann **32c.** go mba séad; soin. **32d.** a ghéag tharaidh.
33a. sa. **33b.** dhearna a tuaidh; tadhall. **33c.** tadhall *budh* thuaidh.

31. Dálach's heir who did not refuse a school, the son of Aodh is his fitting match; when it comes to battle and sharing of wealth, the learned have recognised their similarity.
32. That visit of Flann's to the high-king of Conall's descendants; may it be the same for me, o fruitful branch from Tara.
33. Unlike the poet Flann, who only went to the north to visit, visiting the north is not my will, I will not go if not to stay.

34. Duasa trema ag tuar gill minic deigsibh fhoid oilill meadh dod bronnadh do cléir chaigh dot oilleamh féin ni fulair	34. Do dhuasa troma ag tuar gill minic d'éigsibh fhoid Oilill; meadh dod bhronnadh do chléir cháigh dot ollamh féin ní fuláir.
35. Ga fearr file da bfuighe do bronnta a ua <i>ar</i> naodhaine coir <i>gan</i> do coguil fa <i>croth</i> dóigh <i>nach</i> aguibh do anfadh	35. Gá fearr file dá bhfuighe do bhornta, a ua ar nAodhai-ne? Cóir gan do chagail fa chrodh, dóigh nach agaibh do anfadh.
36. Duit do bearadh breath na sean coig cána cridhe gaoidheal a ri as triath do lios lughaidh fios tfiach as dom <i>ealadhain</i>	36. Duit do-bhéaradh breath na sean cóig cána chríche Gaoidheal; a rí is triath do lios Lughaidh, fios t'fhiach is dom ealadhain.

34a. Do dhúasa troma. **34b.** deiccsibh fhoid fhéilim. **34c.** chleir. **34d.** dot ollamh; ni furáil.
35a. ga bfuighe. **35b.** bhornta **35c.** chaigil fa chrudh. **35d.** doigh.
36a. breith. **36b.** chríche. **36c.** shliocht luighidh.

34. The poets of Ireland often receive your exceedingly generous prizes; it is necessary that your own master poet receives as much as you gift to the poets of others.
35. What better poet receives your gifts, o grandson of our Aodh? It is right not to hoard wealth, it is likely that it would not stay with you.
36. The judgement of the ancestors would give to you the five tributes of the land of the Gaels; o king who is leader of Ireland, the knowledge of your legal dues is part of my art.

37. Crioch gáoidheal do déndaois duit do breith sgríbheann craoi cormaic a cro<in> os fhiodh daicme cuinn do cairte aniogh da nochtuinn	37. Críoch Ghaoidheal do-ghéandaois duit do bhreith sgríbheann craoi Cormaic, a chrann ós fhiodh d’aicme Chuinn, do chairte a-niogh dá nochtuinn.
38. Nar diobh da ndeachadh a bfail cairte dadhra clann cconuill cairt chlóidhimh gemadh lór libh a slog oiligh ar uairibh	38. Nár dhaobh dá ndeachad i bhfaill cairte diamhra clann gConaill, cairt chloidhimh gémadh lór libh, a shlógh Oiligh, ar uairibh.
39. Ni sgel sin ar clannaibh cuinn a mbeith aman dfuli conuill suil aca le adhbha neill na slata abhla a haoinmheinn	39. Ní sgéal sin ar clannaibh Cuinn, a mbeith umhal d’fhuil Chonuill; súil aca re hadhbha Néill, na slata abhla a héinfhréimh.

37a. gheandís. **37b.** sgríbhinn; chraoi corbmaic. **37c.** a chrann; fiodh. **38d.** chairte
38a. Nár dhaobh; ndeachaidh i bfaill. **38b.** diamhra chlann. **38c.** chloidhimh; lor. **d.** shlógh.
39b. umhal; chonuill. **39c.** hadhbha. **39d.** ablá a heinfhreimh.

37. If I were to reveal your charters today, they would give Ireland to you in accordance with the writings of Cormac’s dwelling, o tree above the wood of Conn’s kind.
38. It would bring shame to you if the concealed charters of Conall’s descendants were to be neglected, though the charter of the sword might be enough for you at times, o host of Aileach.
39. Being obedient to Conall’s descendants is not a criticism of Ireland’s nobility, the apple-tree branches from a single-root; they are hoping for the dwelling of Niall (.i. Tara, highkingship of Ireland).

40. Coraighid a dtionól aruim	40. Córáighid a dtionól dtruim
od chluinid run clan ccoilluill	ód-chluinid rún clann gConuill,
siol eogain na nuradh gliadh	síol Eóghain 'na n-uradh ghliadh
is leomhain uladh ar aonrían	's leómhain Uladh ar aonrian.
41. Trian conghuil cuimhneachuid sin	41. Trian Conghail cuimhnéachaid soin,
diograis roinn fhréimhe dalaigh	díoghrais roinn fhréimhe Dálaigh;
daim tana na nearradh aigh	dáimh tána 'na n-earradh áigh
re gealladh aga deinlaimh	re gealladh ágha d'éanláimh.
42. Siad ag triall mur taid a lán	42. 'S iad ag triall mar táid a lán,
clann uibilin clan cáthain	clann Uibhilín, clann Chathán;
caor curadh nár clódh a ttroid	caor churadh nar clódh i dtroid,
do slogh ulad ni fhágmhuid	do shlógh Uladhní fhág maid.

- 40a.** Go *teacht* líon a ttineoil truim. **40b.** chlann cconuill. **40d.** énrian.
41a. cuimhneochaíd soin. **41b.** dioghrais. **41c.** diamh thana. **41d.** ágha.
42b. clann uidhilin clann chathán.

40. They arrange their great assembly upon hearing the secret (?) of Conall's families, the descendants of Eóghan in their battle clothing and the warriors of Ulster on a single course.
41. Clandeboye will remember that, the fervour of an alliance of Dálach's descendants; the bands of a host in their battle clothing pledging battle together.
42. Travelling like many others, the MacQuillans, the O'Kanes; the fireball of warriors who have not been defeated in a fight, we will not leave them out of the host of Ulster.

43. La aca le <i>teacht tar tuinn</i>	43. Lá aca re teacht tar tuinn,
lion catha do chloin ndomhnuill	líon catha do chloinn Domhnuill;
tig bu <i>thuaidh</i> le cru cconuill	tiocfa a tuaidh le crú gConaill,
riú ni ba húair araghuiill	rú ní ba huair araghail.
44. Ni cosmuil linn da locadh	44. Ní cosmhail linn a locadh,
<i>tri cinnlitre</i> a cconsapal	trí cinnlitre a gcónsapal;
le siol suibhne <i>bearar</i> buaigh	le síol Suibhne bearair buaidh
deabaidh ni fuighbhe an athuair	deabhaidh ní fhuighbhe an athuair.
45. Siol docardaigh dual a riom	45. Síol Dochartaigh, dual a ríomh,
baoigheallaigh braitri an ardríogh	Baoigheallaigh, bráithre an airdríogh,
umal taid do cur comhluinn	umhal tiad do chor chomhlainn
<i>budh</i> sgol iad <i>ar</i> enfhogluim	budh sgol iad ar éanfhoghlaim.

43b. chloinn. **43c.** tiocfa a tuaidh. **43d.** urfhaghuill.

44a. a locadh. **44b.** *ar* gconsopal. **44c.** re; buaidh.

45a. dochartaigh. **45b.** braithre. **45d.** aonfhoghlaim.

43. A day for them to come across the sea, a full battalion of the MacDonells, they will come from the north with the descendants of Conall, it will not be a time for negotiating with them.
44. I do not think it right to deny them, the three leaders of their constables; victory is won by the MacSweeney, no one gets a second chance at a fight.
45. It is right to include the Dohertys, the Boyles, the brothers of the high-king, humbly they go to wage battle, they will be a school of a single learning.

46. Lion gliadh do gheguibh bunaidh duaislibh chraobh clann ngallchabhair dual do chraoibh duille ga dion <i>ar gach</i> taoibh duille <i>an airdrígh</i>	46. Líon gliadh do ghéagaibh bunaidh, d'uaislibh chraobh chlann nGallchabhair— dual do chraoibh duille 'gá díon— ar gach taoibh d'uille <i>an airdríogh</i> .
47. <i>Ar</i> nglunadh sgiath is arm nóir fir manach budh trom toinoil tain láoch mar thóir na taona o fhráoch áigh <i>nach iompabha</i>	47. Ar nglanadh sgiath is arm n-óir, Fir Mhanach budh trom tionól, tán laoch mar tháir na Tána ó fhraoch áigh <i>nach iompábha</i> .
48. [An da bhreifne nach beag sluaigh curthar gairm orra in énúair cath Aodha finn fáth uamhain nach fhill o Áth iombualaidh]	48. An dá Bhréifne nach beag sluaigh, cuirtheár gairm orra i n-éanuar; cath Aodha Finn, fáth uamhain, nach fill ó áth iombualaidh.

46a. gliadh da gheagaibh. **46c.** díon. **46d.** *airdríogh*.

47a. nglanadh. **47b.** Mhanach; tionól. **47c.** tána.

46. Battle strength of native branches, of the noble branches of the Gallagher families—the bough should have leaves protecting it—on every side of the high-king's elbow.
47. Upon cleaning shields and weapons of gold, the Fermanagh men (i.e. the Maguires) will be massing in their hosts; a band of heroes like the pursuit party of the Táin who do not turn away from the fury of battle.
48. The two Bréifnes (i.e. O'Reilly and O'Rourke) whose hosts are not small, they are called together; a cause for fear is the battalion of Aodh Fionn, that does not turn back from the ford of battle.

49. Do snáth uama fhoid lughaidh cath Sligigh siol cconchabhair tiocfa an tain o mór meadhba go rún aig <i>ar</i> einealbha	49. Do shnáth uama fhóid Lughaidh, cath Sligigh, síol gConchabhair, tiocfa an táin ó mhúr Mheadhbha go rún áigh ar éinealbha.
50. Clann ndonnchaidh re gall gliadh fiachraigh luigne leo <i>ar</i> chomráin gabhall áigh <i>ar</i> a namsaibh branáin an clair crúachansoin	50. Clann Donnchaidh re gealladh gliadh, Fiachraidh Luighne leó ar choimhrian; gabháil áigh ar a n-amhsaibh, branáin an chláir Chruachan-sain.
51. Slúagh eile ni airébh <i>air</i> <i>ceannas</i> gaoideal go ngabhthair <i>ar</i> slúagh féine an la bus linn ata <i>agus</i> éire ingill	51. Sluagh eile ní áiréabh air ceannas Gaoidheal go ngabhthair; ar sluagh féine an lá bhus linn a-tá agus Éire inghill.

49a. shnáth umha; *lugaидh*. **49b.** conchubhair. **49c.** táin; mhúr. **49d.** áigh; *neinealmha*.
50a. gealladh. **50b.** luighne; enrian. **50c.** namhsaibh. **50d.** chlain.
51a. aireabh; air *abs.* **51b.** gaoidheal. **51d.** et eire.

19. [Despite] every great evil you have inflicted on me, o king of Derry, though it is difficult for me, I receive the affection of every house to which I go—all the more is my affliction as a result.
20. Since the security for my suit is [the threat] of composition of satire on the high-king of Sligo—a security is expected to yield justice—it must be discussed.
21. After having compiled it, I am hiding his martial career; what better security have I for my suit? It is a security which is best discussed.

22. Leat féin anois munab náir
 an geallsa oile *ar* mhorlaimh
 náir leis an ttréad Riogh
reamhaibh
gan ríomh a ngéag ngeinealaigh
23. Ar na gealltaibh do ghabh mé
 curfe sinn agra eile
 mór atá ar mhagra re headh
 lá na tagra da ttíseadh
24. Olfad a fuighle millsí
 beith na ndiaidh do dhlighefinnsí
 a mbuain díom ga duilge breath
 thfion is tfhuighle ni heinchreach
22. Even if you do not consider this other security within my control to be shameful, the band of kings who came before you consider it shameful their genealogical branches are not being enumerated.
23. On top of the guarantees that I have made, I will make another claim if the day for discussion comes—I have had a great amount to claim for a while now.
24. I will drink his sweet words, it is right for me to pursue them; being deprived of your wine and your words is not a single loss—what judgement could be harsher?

22. Leat féin a-nois munab náir
 an geall-sa oile ar mh'orláimh
 náir leis an dtréad ríogh reamhaibh
gan ríomh a ngéag ngeinealaigh.
23. Ar na gealltaibh do ghabh mé,
 cuirfidh sinn agra eile—
 mór a-tá ar mh'agra re headh—
 lá na tagra dá dtíseadh.
24. Ólfad a fhuighle milse,
 bheith 'na ndiaidh do dhlighefinn-se;
 a mbuain díom—gá duilghe
 breath?
 Th'fhíon is t'fhuighle ní
 héinchreach.

25. Dar néiccsi ni dearnadh dóigh
 an feadh fuaramar thonóir
 do bhí ar nuamhan ar chrú cuin
 thí no gor fhuardaidh umainn
26. Gor thréigis me meisde dhamh
Rioghradh connacht, cath uladh
 cia dhiobh nar fhéagh dot ollamh
gan trean Riogh ni rabhomar
27. Gur leigis fúinn fáth dochair
 slán gach fir fa anfhochain
 an eang i mbínn do chlár cuinn
 a grádh do thír ni thiubhrainn
25. Dar n-éigse ní dearnadh dóigh
 an feadh fuaramar th'ónoir;
 do bhí ar n-uamhain ar chrú
 Cuinn
 thí nó gur fhuardaigh umuinn.
26. Gur thréigis mé—meisde
 dhamh—
ríoghradh Connacht, cath Uladh,
 cia dhíobh nar fhéagh dot ollamh?
 Gan tréan ríogh ní rabhomar.
27. Gur léigis fúinn—fáth dochair,
 slán gach fhir fa anfhochain—
 an eang i mbínn do chlár Chuinn
 a grádh do thír ní thiubhruinn.
25. So long as I received your honour, my poetry was not taken for granted; the descendants of Conn were fearful of me until you became cold towards me.
26. Until you abandoned me—I am worse off for it—who among the kings of Connacht, the battalion of Ulster, did not have regard for your poet? I was not without the strength of a king.
27. Until you abandoned me—a cause of harm, the security of every man was damaged—I would never give to [another] land the affection due to that place in Ireland in which I was (i.e. Tír Chonaill).

28. Na fheaghais da nana sinn

Rí Eirne ni he thréigim
anfaidh an croidhe is tír thall
ag Rí oile da nanám

29. Tír Aodha na ninbhear mall

da ttréiginn gan a tadhall
gaol di re mín na Midhe
ni hí an thír do tréigfidhe

30. Saor uama ar luinge leonta

cosnamh cláir finnEórpa
fear a chéard dfoghlum ni bfuil
Ó Domhnoill ceard *ar*
ccúmhdaigh

28. 'Na éagmhas dá n-ana sinn,

rí Éirne ní hé thréigim;
anfaidh an croidhe is tír thall,
ag rígh oile dá n-anam.

29. Tír Aodha na n-inbhear mall,

dá dtréiginn gan a tadhall,
gaol dí re mín na Midhe,
ní hí an thír do tréigfidhe.

30. Saor uama ar luinge leóntha,

cosnamh cláir na finnEórpa,
fear a cheard d'fhoghlaim ní fhuil,
Ó Domhnáill ceard ar
gcumhdaigh.

28. I may remain in the absence of the king of the Erne, but [still] I am not abandoning him; [even] if I remain with a different king, my heart will remain in that land.

29. If I were to abandon Tirhugh of the noble estuaries and not [so much as] visit it—it[s nobility] related to the plain of Meath—it is not the land that would be abandoned [by me].

30. The craftsman holding together our damaged ship, the protector of fair Europe's plain; there is no [other] man who has learned his crafts [as well as] Ó Domhnáill, the craftsman who protects me.

31. Bile díona clar o ccuinn

Mongan i cceardaibh cumainn

fear ar bfosdaidh don thír thuaidh

ar cegraobh fhosgaidh ar anbhuan

31. Bile díona clar ó gCuinn,

Mongán i gceardaibh cumuinn,

fear ar bhfosdaidh don taobh thuaidh,

ar gcraobh fhosgaidh ar anbhuan.

32. Ioldhanach uama banbha

fear aithne gach ealadhna

ar mbile ad chítheár os coill

ar bfitheal file i bfoghluim

32. Ioldánach uama Banbha,

fear aithne gach ealadhna;

ar mbile ad-chítheár ós choill,

ar bhFítéal File i bhfoghloim.

33. Dreach Rígh sa fiodhbaidh da bful

fuireann tilte clair cobhthaigh

ga fear don fhoirinn nar fhéagh

fa theagh oiléall a aintréan

33. Dreach ríogh 's a fiodhbhaidh dá bhfull,

foireann tilte cláir Chobhthaigh,

gá fear don fhoirinn nar fhéagh

fa theagh Oilill a aintréan?

31. Our employer in the north, our branch sheltering us from misfortune, the protecting tree of the learned of Conn's descendants, a Mongán in the crafts of affection.

32. The man of many skills uniting Ireland, a man with knowledge of every art; our tree which is seen above a wood, our Fítéal the Poet in learning.

33. The face of a king from the wood of the ruling band of Ireland; who among the dynasty did not try out his great strength around the house of Oilill?

NÓTAÍ

Dán 1

1b. D'fhéadfaí glacadh le léamh LS S nó LS D anseo, foirm an tabharthaigh uatha (*gcéadchánaidh*) mar atá ag LS D nó foirm an tabharthaigh iolra (*gcéadchánaibh*) mar atá ag LS S (féach *IGT* ii §201). Tá tagairtí do na ‘cánacha’ seo cúpla uair sa dán, agus bíonn an focal san iolra de ghnáth (m.sh. 6a *A cána troma*; 6c *na cána ar ceilt*; 52c *bhar gcána ar ceilt*); mar sin, cloím le foirm an tabharthaigh iolra sa líne seo chomh maith.

1d. Tá siolla ar iarraidh ón líne seo i LS S agus, seachas glacadh le léamh LS D (*náir* a athrú go *anáir*), tá an chopail *is* curtha ar fáil agam ag túis na líne, réiteach a fheileann níos fearr don chomhthéacs.

3c. Tá an cheist fós ann faoinar tharla do Ghofraidh Mac an Bhaird, an coimirceoir eile i scéal mharú Dhomhnaill Uí Dhomhnaill. Níl teacht agam ar aon tagairt eile don mhéid a tharla dó ina dhiaidh seo i bhfoinsí eile, ach seans go dtugann an líne seo, *a dtréad fileadh féin ar fail* (.i. níos mó ná file amháin), le fios go raibh an toradh céanna ag Gofraidh agus ag Cú Choigcríche, agus gur díbríodh an bheirt acu as Tír Chonaill.

5c. Is léir gur tháinig an focal *nairt* i LS S ó scríobhaí a bheith ag léamh *cairt* as líne 5a trí thimpiste. Is léir freisin gur thug an scríobhaí a bhotún faoi deara agus gur bhain sé *a cinidh ar* (as líne 5a freisin) den líne sula ndeachaigh sé ar aghaidh, ach gur fhág sé *nairt*.

6a. Is cosúil nach don phátrún féin ach don ainmfhocal baininscneach *fuil* sa chéad líne eile a thagraíonn an forainm sealbhach *a*. Mar sin, níl séimhiú curtha ar fáil agam ina dhiaidh. Tá séimhiú ina dhiaidh i LS D, agus d'fhéadfaí glacadh leis sin freisin, le *a* ag tagairt don phátrún féin.

6b. Tá séimhiú curtha ar fáil agam tar éis an réamhfhocail *ar* sa líne seo, mar atá i LS D. Tá an t-athrú seo ag teastáil le go mbeidh uaim sa líne (*ºoirbheire ar ºfhuil*).

6cd. Tá cuibheas inmheánach ar iarraidh sa dá LS (S: *nár fhoghlil na cána ar ceilt / ar daoinnuibh tána an tuaisgirt*; D: *nár faghail na cána ar ceilt / ar damadh tána an tuaisccirt*). San eagrán, is é *nár fagháil... / ár d'anáir...* atá agam mar réiteach ar an deacracht seo, agus cé gur athrú suntasach é seo nach féidir a bheith go hiomlán cinnte faoi, ba dheacair teacht ar choigeartú níos oiriúnaí a thabharfadh cuibheas inmheánach don leathrann, agus a rachadh leis an gcomhthéacs.

8c. Foirm na haimsire gnáthchaite den bhriathar *do-ní* (.i. *do-níodh*) atá i gceist anseo de réir LS D in áit fhoirm na haimsire láithrí (.i. *do-niad*) mar atá ag LS S. Ní thagann léamh LS D le brí an rainn, agus d'fhágfadh sé cuibheas inmheánach ar iarraidh sa leathrann.

9ab. *Do chonnarc* atá i LS S (1 uatha aimsir chaite an bhriathair *do-chi*), *Do chonnairc* (3 uatha) atá i LS D. Is minic a bhíonn deacracht idirdhealú a dhéanamh idir na noda *ar* (*quia* na Laidine) agus *air* i bpeannaireacht Uí Chorbáin (scríobhaí LS S), rud a chuireann leis an amhras faoina raibh ag an bhfile. Féach go bhfuil cúpla sampla eile d'fhoirmeacha clasaiceacha na mbriathra san aimsir chaite (-as / -is) a bheith measctha i LS D: 20a (*Smuaineas* in áit *Smuainis*), 21b (*nochtas* in áit *nochtais*), 24c (*Roinnios* in áit *Roannis*). Seans go dtagann an earráid seo ó scaoileadh an ghiorrhúcháin -u(i)s sa phróiseas cóipeála, áit a mbeifí in ann cailíocht an chonsain a léamh mar chaol nó mar leathan (féach freisin nóta ar Dhán 5.26b). Glacaim le léamh LS S, a fheileann níos fearr don chomhthéacs sa chás seo.

Tá éagsúlacht shuntasach idir na LSí i líne 9a: LS D 'na bhfuil' (= 'in which there is'), agus LS S *a bhfuin* (= 'hidden/in concealment'; féach *DIL* s.v. *fuin* (c)). Thiocfadh léamh LS S leis an íomhá den *chaint* faoi cheilt (féach nótaí 38b agus 40b thíos). Ag brath ar an gcíall a bhaintear as líne 9a, d'fhéadfaí *ní* (9b) a léamh mar mhír dhiúltach nó mar ainmfhocal (*DIL* s.v. 2 *ní*). San eagrán, glacaim le léamh D, a oireann níos fearr don

leathrann áirithe seo ó thaobh céille de; agus, dá réir sin, is mar ainmfhocal a thuigim *ní*.

D'athródh léamh S an leathrann sa chaoi seo a leanas: *Do-chonnarc an chait i bhfuin / ní dá hadmháil d'fhuil Dálaigh* ‘I saw the **hidden** charter, **not** admitting it[s contents] to Dálach’s bloodline’.

9bc. Is cosúil go bhfuil an forainm sealbhach (3 uatha baininscneach) in *dá* ag tagairt don fhocal baininscneach *eang* (*DIL 2 eng (b)*) sa chéad líne eile, agus go gciallaíonn *dá hadmháil d'fhuil Dálaigh* ‘which acknowledges [the sovereignty of] Dálach’s bloodline over it’ (go lit. ‘acknowledging it to the bloodline of Dálach’. An *eang* atá i gceist ná Co. Shligigh an lae inniu (féach nota 9d thíos).

9d. Iomlán Cho. Shligigh an lae inniu atá idir *an Duibh* agus *an Chorrshliabh* (féach Léarscáil 2). B’fhéidir go bhfuil an rann seo ag déanamh tagartha do na buanna a bhain Maghnas Ó Domhnaill amach sa cheantar sin le linn a réime (féach Carney 1943, 283–286).

11bd. Tá dhá shampla d’fhocail san áinsíoch ar lorg an réamhfhocail *ar* sa rann seo: *ar fhonn Cruachan* (11b) agus *a cháir ar fhionnmhagh* (11d), agus an dara sampla deimhnithe ag an meadaracht (*bhiodhbhadh : fhionnmhagh*). Féach go bhfuil sampla eile de *cáir ar* + áinsíoch i nDán 6.45: *Aithnidh do shliocht Gaoidhil Ghais móide a n-umhla, a ua Maghnais / dod ghnúis náir dá niamhthar mionn / do cháir ar iathmhagh Éirionn.*

11c. Tá éagsúlacht shuntasach idir na LSÍ anseo: LS S *ar sén* (‘good fortune’ / ‘prosperity’); LS D *ar séana* (‘denying’ / ‘refusal’). Ní chabhraíonn an mheadaracht linn anseo ós rud é nach bhfuil céile comhardadh againn do *séan/séana* agus go mbáfaí an forainm sealbhach ar lorg *séana*. Cloím le léamh LS S san eagrán. Thabharfadh *séan* (leagan LS D) an t-aistriúchán seo: ‘Though I recognise the weightiness of the legal dues

of the king of the Erne in Connacht, [and] of the **refusal** of his enemies to show affection to us, [and] to pay what is owed to him in the bright plain of Oilill.'

12c. Tá foirm chuí na haimsire fáistiní (1 uatha) den bhriathar *a-tá* i LS S (*go mbiam*), agus is foirm neamhchlasaiceach atá i LS D (*go mbém*; seans gurbh é *mbeinn*, .i. 1 uatha modh coinníollach, a bhí in eiseamláir níos luaithe). Cloím le léamh LS S san eagrán. Féach freisin nota 55a thíos.

Ar mhaithe le ciall an rainn, táim tar éis glacadh leis gurb é an forainm sealbhach 3 uatha firinscneach atá i gceist in 'na anseo, seachas 3 uatha baininscneach (mar atá ag LS S) ná 3 iolra (mar atá ag LS D). Tá séimhiú curtha ar fáil agam ina dhiaidh (.i. 'na *ghoire*). B'fhéidir go raibh tionchar ag líne 13d (.i. *a ngoire daicme uilliam*) ar léamh D 'na *ngoire*. D'fhéadfaí 'na *ngoire* a thuiscint mar thagairt do *a shean* (= 'his ancestors') freisin.

13b. Glacaim le léamh D (*nochtfaim-ne*) san eagrán in áit léamh LS S (*nbochtfainme*).

14cd. Tá diúltach dúbailte faoi dhó i línte 14cd nach bhfuil léirithe agam san aistriúchán. Ba litriúla 'it is not affection that did not return [to Tír Chonaill, and] it is not I who does not wait in its absence' mar aistriúchán.

15c. Feictear *maor tabhaigh* i roinnt dáonta molta eile. Féach, mar shampla, *ABM* 71.23: *Ní rachaid rioghradh Bhanbha / a n-aghaidh na healadhna / do-gabhair gach áon ór fhás / 'na mháor tabhaigh ar Thomás*. Tugtar íomhá dúinn den nasc idir an file agus an pátrún agus iad faoi chuing grá, coincheap atá coitianta i bhfilíocht na tréimhse clasaicí (féach Ó Háinle 2000, 1).

17a. Glacaim le léamh D anseo, *fada*, in áit léamh S *soda*. Seans gurbh é *foda*, leagan eile den fhocal *fada*, a bhí i gceist ag an scríobhaí anseo, nó a bhí ina eiseamláir (féach Armstrong 1985, 330).

17b. Tá Ceann Maghair ag ceann bhá na Maoile Rua, i dtuaisceart Cho. Dhún na nGall (féach Léarscáil 2).

17c. Tosaíonn an líne seo ar *táin* i LS S, agus ar *dáimh* i LS D. Ní dhéanann an éagsúlacht seo aon difríocht ó thaobh na meadarachta de, ná ó thaobh éirime de, ó tá an dá fhocal a bheag nó a mhór ar aonbhrí lena chéile.

18c. Tagann na LSÍ salach ar a chéile ag deireadh na líne seo: LS S *ar tteachta ó a ttigh*; LS D *ar tteachta ó thigh*. Bheifí ag súil leis go mbeadh an forainm sealbhach ag tagairt d'Éigneachán mac Dálaigh anseo, agus is é *ó a thigh* atá curtha ar fáil agam san eagrán ar mhaithe le ciall an rann.

21a. Tá siombail i LS D nach bhfuil curtha san áireamh agam sna léamha, siombail ar nós ‘<’ idir na focail *na* agus *ndearc* sa líne. Glacaim leis gur sciorradh pinn de chuid an scríobhaí atá inti seo.

21b. Tá foirm an 1 uatha den bhriathar i LS D (*nochtas*) in áit an 3 uatha (*nochtais*), atá ag teastáil sa chomhthéacs. Féach nóta 9a thusa.

22b. Bheadh léamh LS D (*i dtús in áit i dteas* (*DIL* s.v. 2 *tess* (d)), go breá anseo freisin. D'athródh an léamh seo an t-aistriúchán beagán: ‘...fell at the **start /front** of the battle...’

22cd: Tá comhardadh inmheánach ar iarraidh i leagan na LSÍ den leathrann seo (LS S—*teigleachlar* : *heigneachun*; LS D—*theigleachlár* : *héigneachan*), agus tá *teigleachar* athraithe agam go *théigleathámh*. Tarraingím an réiteach seo ó *POD* 7.29cd, a chum Fearghal Ruadh Ó hUiginn go luath sa chúigiú haois déag do Thoirdhealbhach an Fhíona Ó Domhnaill: *tu fen ar nEcnechan ócc / fod Neill na teclethámh tríd*, ina dtuigim *téigleathámh* mar chomhfhocal de *téigle* (‘peaceful’, *DIL* s.v. *téicle*) agus *támh* (‘swoon/sleep’, *DIL* s.v. *tám*). Ní léir dom aon réiteach eile.

23d. D’fhéadfadh *tréad* a bheith ag tagairt do *síol gConaill* nó do *Fian Lochlann* sa rann seo, ach de réir mo thuisceana is tagairt do *síol gConaill* atá ann.

24c. Tá foirm an 1 uatha den bhriathar (*roinnios*) i léamh D in áit na foirme a theastaíonn anseo (*roinnis*, 3 uatha). Féach nota 9a thusa.

25c. Féach nach bhfuil an t-iarméarla ó arna bhá tar éis *clú* sa líne seo agus dhá ghuta fhada ag teacht le chéile. Féach Ní Dhomhnaill 1975, 32.

25d. Tá *do runag* i LS S, agus *do rainic* (a thagann le *ráinig* in *IGT* iii §12) i LS D. D’fhágfadh na leaganacha seo cuibheas inmheánach ar iarraigdh sa leathrann deiridh. Is é *radhál* (: *a-nallán*) an coigeartú a mholtar in *ABM*, nota 216, bunaithe ar LS D. Tugaim *do rannadh* (*IGT* iii §97) (: *a-nallan*) mar choigeartú san eagrán.

26a. *Mac lonán* atá i LS S agus *Mac lonáin* atá i LS D. Glactar leis an dá fhoirm seo agus, mar sin, ní dhéanaim aon choigeartú san eagrán ar an bhfoirm atá i LS S. Tá sampla de *mac Lonán* ag glacadh páirte i gcuibheas in *GB* 9.31ab: *Minic ón Domhnalla ar dán / damhsa - is ní mé mac Lonán*. Tá sampla de *mac Lonáin* in Ó Donnchadha (1940, 106–9), 3cd: *a mhic Lonáin atú abhfus, is [do] ro-bháigh do rochtus*.

27d. Is cosúil go nglactar sa teanga chlasaiceach le *Ó do-chí*, mar atá i LS D, chomh maith le *Ód-chí*, mar atá i LS S. D’fhágfadh leagan LS S siolla ar iarraigdh sa líne. Mar sin, glacaim le leagan LS D san eagrán. Tá cúpla sampla de ó *do-chí* sa chorpas, mar shampla; *AiD* 88.33: *Gearr go mbéara breath reachda / gá breath dá bhféagha ar bhfolta? / A-nall ó do-chí ar gcionta / tiocfa an rí 's a chrann corcra* ‘Soon shall He pronounce the legal doom; what shall be my doom if He regard my sins? Seeing our sins the Lord with His red Cross will come upon us.’.

28a. Glacaim le léamh LS D (*Aiseag*) sa líne seo, in áit *As seadh* LS S. Ní thig liom ciall fheiliúnach a bhaint as leagan LS S a thiocfadh go maith leis an rann.

28b. Féach nach bhfuil an t-iarméarla ó báite tar éis *rí* sa líne seo agus dhá ghuta fhada ag teacht le chéile. Féach Ní Dhomhnaill 1975, 32.

30c. Maidir le brí *suas*, féach *DIL* s.v. *súas* II (a).

32c. Is nath nach gann é *séad samhail* i bhfilíocht na scol: féach, mar shampla, *AiD* 17.32cd: *dá dtara i n-aghaidh Gall nGréag / bann gurab séad samhail súd* ‘If [Énri] march against the Greek Goill, may his course have the same fortune’; *TD* 14.28cd: *dom chionsa ní séad samhail / ionsa h'éag ót ollamhain* ‘... is not comparable to mine; harder it is that thou shouldst perish from thy poet’; agus *GB* 7.18cd: *go mbé an ghéag, a Dhé, 'na daraigh / a Dhé, rob séad samhail sein* ‘may the sapling, o God, become an oak-tree; may that be, indeed, a true similitude’.

33b. Tá *túith* LS S athraithe agam go *thuaidh* ‘(in the) north’. Ní bheadh léamh D *a tuaidh* ‘from the north’ oiriúnach sa chomhthéacs seo. Féach *DIL* s.v. *túaid, thúaid*.

33d. Ní minic a fheictear an briathar *gabhaidh* in úsáid leis an réamhfocal ó mar seo. D’fhéadfaí *uaim* a léamh mar ainmfocal freisin agus an líne a aistriú mar ‘I will not accept a **concord** without staying.’ Féach *DIL* s.v. 1 *úaimm* (e).

34a. Is fearr léamh LS D sa líne seo, *Do dhuasa troma* in áit léamh LS S *Duasa trema*, ar mhaithe leis an meadaracht agus leis an mbrí.

Is iomaí brí a bhíonn leis an bhfocal *geall*, ag brath ar an gcomhthéacs (féach McKenna 1940, 62–71) agus d’fhéadfaí an líne seo a aistriú ar bhealaí éagsúla. Tá sampla eile de *tuar gill* in *AiD* 26.12: *Nochan fhaghbhaid d'uaislibh Mumhan / do mhuin a dtogha as tuar gill / brath ríogh muna fhuil i nÉilibh / budh díol le fuil Éibhir fhinn* ‘Among Mumha’s nobles Clann Éibhir can find no likely king worthy to rule his race, one who would win that distinction by their choice—except they look for one in Éile’.

34b. Bheadh léamh LS D go breá anseo freisin, *fhóid Fhéilim* in áit *fhóid Oilill*. Tagann siad araon leis na rialacha meadarachta (siollaí, uaim agus cuibheas) agus d'aistreoinn iad araon mar ‘Ireland’.

34d. Bheadh léamh LS D *furáil* go breá anseo freisin in áit *fuláir* LS S (féach *IGT* ii §149).

35b. Is focal aiceanta é *ua* sa líne seo, mar a dheimhníonn an mheadaracht (idir líon na siollaí agus uaim: *ºua ar ºnAodhai-ne*). Féach Ní Dhomhnaill 1975, 33.

36b. Tugaim ‘the five tributes’ mar aistriúchán ar *na cōig cána*, a thagraíonn do chúig chúige na hÉireann, agus mar sin d’Éirinn ar fad (féach Greene 1972, 259).

Glacaim san eagrán le *chríche* (léamh LS D), a thagann níos fearr le ciall an rainn ná mar a thagann *cridhe* (léamh LS S).

37a. Tá litriú éagsúil sa dá fhinné anseo ar an mbriathar *do-ní* sa mhodh coinníollach, 3 iolra (LS S *do déndaois*; LS D *do gheandís*) agus is í an fhoirm normalaithe *do-ghéandaois* atá agam san eagrán (féach *IGT* iii §1; McManus 1994, 401).

37c. Is é *a chrann* atá i LS D in áit *a croin* LS S. B’fhéidir gurb é an focal *crann* i bhfoirm an ghairmigh uatha a bhí i gceist ag Ó Corbáin (.i. *a chroinn*). Ós rud é go bhfuil an focal *crann* á úsáid go meafarach ag an bhfile, bheifí ag súil le foirm an ainmnigh anseo in áit an ghairmigh (féach McManus 1994, 369). Glacaim le leagan LS D san eagrán.

38a. Tagann na LSÍ salach ar a chéile maidir leis an bhforainm réamhfhoclach sa líne seo. Foirm an 3 iolra den réamhfhocal *de* atá i LS S, *dīobh*, agus foirm an 3 iolra den réamhfhocal *do* atá i LS D, *dhaibh*. Táim tar éis glacadh san eagrán le léamh LS D, ós é is fearr a fheileann don chomhthlácais.

38ab. Tá *dá ndeachadh* na LSe (.i. 3 uatha foshuiteach caite) athraithe agam go *dá ndeachad* (.i. 3 iolra foshuiteach láithreach) ionas go dtagann sé leis an ainmní san iolra (.i. *cairte*, 38b).

38b. Is deacair ciall a bhaint as an bhfocal *dadhra* i LS S. D’fhéadfaí an líne a léamh mar *cairte d’adhra[dh] clann gConaill* ‘charters **exhalting** (?) the descendants of Conall’. Tagann léamh LS D *diamhra* níos fearr le ciall an dáin, agus leis an íomháineachas den chait *ar ceilt* (6c, 52c). Tá sampla eile de *cairte diamhra* in AiD 21.14: *A-tá ’n-a gcairt cóir a léagadh / leath Éireann is ní hé a-mháin / do[-ug] sgéal ag aicme an Iarla / léagh a gcairte diamhra dháibh* ‘In their charter is half of Éire—it should be often read—nay, it is more than a half which records tell of as belonging to the Earls race; read to them their **private documents**’.

38c. Tá samplaí de *cairt chloidhimh* le feiceáil i roinnt dánta eile. Féach, mar shampla: *Saoth liom do chor, a cholla*, 5ab: *Cóir uatha ní fhaghann sibh / gan bhurccur go cairt chloidhimh* (Black 1973, 193–209); agus *O’Hara* 13.15abc: *Tadhg mhac Céin re cairt chloidhimh / dá sdair as déanta deimhin / gur dhearbh sé sén a chinidh* ‘One may rely on the story how Tadhg, son of Cian, ensured the prosperity of the race by **sword-charter**’. Tá *re cairt chloidhimh* aistrithe in *DIL* (s.v. *cairt* (b)) mar ‘by military conquest.’

39d. Comhlíonann léamha an dá LS (S: *a haoinmhēin(n)*, D *a héinfhrēimh*) na riachtanais meadarachta (siollaí, uaim, cuibheas), ach táim tar éis glacadh le léamh D san eagrán mar gheall ar íomháineachas na líne (.i. *slata abhla*).

40a. Tagann an dá fhinné salach ar a chéile sa líne seo: LS S *Coraighid a dtionól aruim;* LS D *Go teacht lón a ttineoil truim.* Cloím le léamh S san eagrán ach tá ciall le léamh D freisin: ‘Until the full of their great assembly comes, upon hearing...’.

Tá an focal *dtruim* á léamh agam anseo mar ainmfhocal sa ghinideach uatha (féach *DIL* s.v. 3 *trom* II (a))

40b. Ag leanúint ar *cána ar ceilt* (6c, 52c) agus *cairte diamhra* (38b), tá *rún* aistrithe agam mar ‘secret’, ach thiocfadh ‘intention’ go breá le ciall an rainn chomh maith.

40c. Tá dhá théarma éagsúla atá aistrithe agam mar ‘battle clothing’, an chéad cheann anseo, *uradh gliadh* (féach *DIL* s.v. *urad*), agus an dara ceann i líne 41c, *earradh áigh* (féach *DIL* s.v. 1 *errad*). Is foirmeacha éagsúla den fhocal céanna iad *uradh* agus *earradh*.

41a. Is tagairt é *Trian Conghail* do dhúiche Chlann Aodha Buidhe Uí Néill (féach Léarscáil 1; féach freisin FitzPatrick 2004, 161).

41b. D’fhéadfáí *rann* a aistriú ar bhealaí éagsúla, agus tá sé aistrithe agam sa líne seo mar ‘an alliance’ (féach *DIL* s.v. *rann* I (g)).

42b. Faigtear an litriú *Uibhilín*, *Uighilín* agus *Uidhilín* i bprós agus i bhfilíocht na tréimhse seo. Cloím leis an litriú a úsáidtear in *AU*, is é sin *Uibhilín*. Féach, mar shampla, iontráil na bliana 1470 (fol. A 94d.): Sluaighedh mor do dhenum leis h-Ua Neill (.i. Enri) a Trian Conghail co maithibh in Coicid uime: .i. h-Ua Domnaill & Fir Manach & Oirecht h-Ui Chathain & Mac **Uibhilin**.

42c. Tá *caor curadh* aistrithe agam mar ‘fireball of warriors’ (féach *DIL* s.v. *cáer* (e)). Níl teacht agam ar aon sampla eile de i bhfilíocht na tréimhse clasaicí. Tá *caor tsluaigh* aistrithe ag Greene mar ‘leader/hero of a host’ (Greene 1972, 257). Tá sampla de *caor charad* in *PB* 6.3cd: **a chaor charad / gaol dá laghad nach leanfoidhear**, ‘band of friends’.

43c. Tagann léamh S *tig bu* (aimsir láithreach), agus léamh D, *tioċfa a* (aimsir fháistineach, le bá an *a* ina dhiaidh) leis an meadaracht. D’fhéadfáí argóint ar son léamh

S anseo i bhfianaise na mbriathra san aimsir láithreach sna rainn roimhe seo agus ina dhiaidh (.i. 42a 'S iad ag triall mar **táid** a lán; 44c le síol Suibhne **bearair** buaidh; 45c *umhal tiad do chor chomhlainn*), ach táim tar éis glacadh le foirm na haimsire fáistiní san eagrán i bhfianaise na copaile san aimsir fháistineach sa chéad líne eile sa dá LS (.i. *rú ní ba huair araghail*; féach McManus 1994, 417).

43d. Coinním an litriú *araghail* (mar atá in LS D; *DIL* s.v. *airfuigell*) san eagrán, cé gur *u-* nó *o-* an túslitir a bhíonn aige go hiondúil i bhfilíocht na tréimhse clasaicí. Bheadh an litriú *uraghail* go breá anseo freisin, a thagann le LS S *urfhaghuiill*.

44b. Tá *trí cinnlitre* aistrithe agam mar ‘three leaders’. Is tagairt é seo do cheannairí na dtrí chraobh de chlann Suibhne (féach Léarscáil 1). Níl teacht agam ar shampla eile ina dtagraítear dóibh leis an bhfocal *cinnlitir*. Féach *AiD* 37.5ab: *Do-rinne Dia do dhealbh neamh / dá chinnlitir dá chineadh* ‘God, builder of Heaven, made **two models** for all His race’.

45b. Déanann an file tagairt do mhuintir Uí Bhaoighill mar *bráithre an airdríogh*, agus is díol suime é gur ar an gcaoi chéanna a dhéanann Uilliam Óg Mac an Bhaird tagairt dóibh i nDán 5.18a chomh maith: *Ó Baoighill, a bhráithre féin* (féach nota 18a ar Ich 136).

46b. Bheifí ag súil le urú ar lorg *chraobh* (ginideach iolra) anseo, ach tá séimhiú curtha ar fáil agam ar *chlann* agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

46cd. Tá dornán samplaí eile den íomháineachas seo de dhuilleoga mar chosaint le feiceáil sa chorpas, mar shampla; *AiD* 88.27ab: *Díon don uile ar gach n-éinchioth / a duille ag díon gach láithreach* ‘It protects the world from every shower, its **leaves protect** the space all around it; agus sa dán *Dlighidh liaigh leigheas a charad*, 15ab: *Fás an fheadha do b'fháth faoilte / fiadh dan duille díon ar sean* ‘the wood whose **leaves**

were to give shelter to our ancestors—there was joy to see its growth' (McKenna 1949, 184).

47c. Tá an file ag déanamh *slógh Uladh* (an t-ainm seo a thugann sé ar arm samhalta aontaithe chlanna Uladh i líne 42d) a chur i gcomparáid le laochra Uladh sa scéal *Táin Bó Cúailgne*.

48c. Tá dhá urlann sa líne seo: *cath Aodha Finn, fáth uamhain / nach fill ó áth iombualaidh* (féach McManus 2017, 61–81). De réir *Betha Náem nÉrenn*, rí ar Bhréifne ab ea Aodh Fionn mac Feargna thart ar 600AD(?) (féach Plummer 1922, 207).

49c. Tá ó *mhúr Mheadhbha* aistrithe agam mar ‘from the castle of Meadhbh’. Tá sampla eile de seo in *AiD* 48.23cd: *an conchlonn ó mhúr Meadbha / comhthrom dúinn a ndoimheanma* ‘equal was the desolation I felt after (the death of) those two heroes **from the Castle of Meadhbh**’.

50c. Níl teacht agam ar shamplaí eile den téarma *gabháil áigh* i ndánta eile. Tá sé aistrithe agam mar ‘dressed for battle’ (féach *DIL* s.v. *gabál* (a)).

51c. D’fhéadfaí *féine* a léamh mar leagan den phorainm aisfhillteach *féin* (*ar sluagh féine* = ‘our own host’) nó mar *fian* ‘warrior-band’ sa tuiseal ginideach (*ar sluagh féine* = our host of warriors’). Glacaim leis an gcéad léamh seo san aistriúchán. Féach *DIL* s.v. *fadéin*, *féin* agus *DIL* s.v. *fian*.

51d. ‘Fit to be promised (.i. betrothed)’ an tuiscint a bhainim *féin* as *inghill* (féach *DIL* s.vv. *gell* (a), 3 *in-*), ach níl mé go hiomlán cinnte faoin aistriúchán seo. Sampla deas a bheadh ann den mhóitíf a fheictear i ndánta eile ón tréimhse seo den tír mar “bhean chéile” an rí. Tá sampla den mhóitíf chéanna seo i nDán 6.37: “*Seinbhean Chuinn—ní cùis mhaoidhimh / do bhí,*” *ar sé*, “‘*gar seandaoinibh / nach diongmhála don mhnaoi mé / ní hionrádha ar aoi m’óige.*’” “The old wife of Conn (.i. Ireland) was ruled by my

ancestors,” he said; “it is not a reason to boast; it cannot be said that I am not worthy of this woman because of my youth.””

52a. An bhrí ‘guides’ a bhainim as an mbriathar *tilidh* anseo (briathar saor, aimsir chaite sa chás seo, *do tileadh*), ag leanúint aistriúchán McKenna in *AiD* 11.26cd: *le hitghibh d'éis a chéile / tiltir Éire ó ghéis Gaille* ‘this swan of Gáille, guides Éire by her constant prayers.’

52b. Ní bháitear an t-iarméarla ó sa líne seo tar éis *leó* agus dhá ghuta fhada ag teacht le chéile. Bheadh léamh D ceart go leor anseo freisin *a srian leó mar léigfidhear*. D'aistreoinn *mar* mar ‘as/since’ sa chás seo, rud nach n-athródh brí na líne.

53d. Féach an ginideach uatha neamhghnách, *deichneamhra*, anseo. Is é *deichneamhair* atá in *IGT* ii §§11 agus 36. Tá foirm éagsúil an ghinidigh seo ag glacadh páirte i gcuibheas an rainn (*n-ealbha : deichneamhra*), ach ní heol dom aon sampla eile de i ndánta eile (féach freisin *DIL* s.v. *deichenbor*).

55a. Tá foirm chuí na haimsire fáistiní den briathar *a-tá* i LS D (*bhiam*) agus tá foirm neamhchlasaiceach i LS S (*béim*). Glacaim le léamh D sa chomhthéacs seo. Féach freisin nota 12c.

55d. Is léir gur forainm sealbhach atá in *ar* seachas réamhfocal sa líne seo, agus tá urú curtha ar fáil ina dhiaidh (.i. *ar gcláir Chonuill-ne*).

57cd. Tá comhardadh inmheánach ar iaraidh i leaganacha na LSÍ (LS S *bíd* : *righ*; LS D *bí* : *rígh*), agus tá *bíd* athraithe agam go *bím* mar réiteach air seo.

De réir mo thuisceana, tagraíonn *leis* in 57c don ainmfocal firinsneach *corp* in 57a, agus ba litriúla ‘to it I do not add the heart’ mar aistriúchán ar 57c.

Dán 2

1c. Ba litriúla an t-aistriúchán ‘What point [of the compass] has his strength not encompassed?’ ar an líne seo.

An bhrí ‘encompassed’ a bhainim as *iadhaidh + um* (féach *DIL* s.v. *íadaid* I (b), II (b)).

Féach freisin *AiD* 4.13cd: *fa a thuathaibh do iadh 'n-a fhéithleannaigh / gur léircheangail a-niar go Cruachain gcraobhchollaigh*, ‘but he has **encircled** in his (bonds as) woodbine his lands, and has firmly bound them all in the west as he makes for Cruacha of the branching hazels.’

2a. Tá *Ar ndul aige ar aistrithe agam mar* ‘when [he] took control of’. Tá sampla eile den fhrása seo in *IF* 5.74c: *ar ndol aige ar a dtreabhaibh* ‘when he got hold of their dwellings.’

3b. Is tagairt é *tolach Dá Thí* do Theamhair (féach Williams 1980, 368; agus Léarscáil 2). Is iarméarla é *Dá*, agus níl sé ag glacadh páirte in uaim sa líne (*°tolcha Dá °Thí*). Féach freisin *BST* 208.2–3: *Airgidh go Bóinn fa bádh lé / lámh óir lámh airgid ar áoi / do sgáoil úaim tighe Dá Thí / mur do bhúail rí Midhe mhnáoi.*

4d. Glacaim leis gur botún seachadta é an litriú *daighne* sa LS agus, mar a mholtar in *ABM* nota 482, tá sé athraithe agam go *daingne*. Tagann an t-aistriúchán ‘that was a prince who was our greatest security’ ar *mac ríogh sin fa daingne dhúnn* anseo le haistriúcháin eile ar *daingeann* leis an réamhfocal *do*; féach, mar shampla, *AiD* 63.8cd: *trí thairrnge ar gcoim ar do chóir / fa choill mhóir ní daingne dhúin* ‘they would not be a **greater protection to us** in a wood than the Three Nails which saved us from Thy justice.’ Féach freisin *DIL* s.v. *daingen* I (d)).

6a. Tá an focal *ua* aiceanta sa chás seo, ag glacadh páirte in uaim (*°ua na °nAodh*) agus i gcuibheas inmheánach (*ua : dual*) (féach Ní Dhomhnaill, 10–11).

7a. Tá *dhochar* na LSe athraithe agam go dtí foirm chuí an ghinidigh (*dhochair*), san eagrán (*DIL* s.v. *dochor*). Is féidir le *rinn* a bheith firinscneach nó baininscneach de réir *IGT* ii §§41 agus 149 agus, mar sin, tá an séimhiú atá sa LS coinnithe agam ar lorg an phorainm shealbhaigh *a*. Tá *rinn* aistrithe agam mar ‘worst’ (féach *DIL* s.v. 1 *rind* (d)).

9a. Glacaim leis go bhfuil an séimhiú ar *Cian* ceart go leor, mar atá sna samplaí seo in *IGT* ii §15, 699: *Oirdherca do gleic is Goill / coingleaca Cheit is Chonoill*; agus §42, 1186: *Oirrdherca do ghleic is Goill / coinghleaca Cheit is Chonoill*.

11d. Nuair a rinneadh tiarna de Mhaghnas sa bhliain 1537, d’athraigh clann Dálaigh a bpolasaí agus rinne siad iarracht a gcaidreamh le muintir Uí Néill a fheabhsú (féach Carney 1943, 283). Léirítéar an caidreamh nua seo eatarthu in *AFM* freisin faoi iontráil na bliana 1539: *O Néill .i. Conn do thocht go Dún na nGall im chaiscc do shaighidh Uí Dhomhnaill, 7 ro naidhmsiot síth, caradradh, 7 codach amhail as deach 7 as daingne ro fhédsat fria roile* ‘O’Neill, i.e. Con, came to Donegal about Easter, to visit O’Donnell; and they made peace, friendship, and alliance with each other, as well and as firmly as they possibly could’. Tuigtear dom go bhfuil an file ag déanamh tagartha don athrú polasaí sin sa líne seo.

13a. Tá *ndáor* na LSe athraithe agam *aor* san eagrán. Féach freisin Dán 4.12d, áit a bhfuil *ndaoradh* i leagan na LSe athraithe agam go *n-aoradh* san eagrán (féach lch 72, agus nóta ar lch 100).

14a. Tá *Tréan fileadh* aistrithe agam mar ‘The strength of poets’, cé nach léir dom go díreach céard is brí le *Tréan* sa chás seo. De réir *DIL* s.v. *tréan* ‘strong, powerful; strength, strong man/thing’ is brí le *Tréan*, ach i nGaeilge an lae inniu tá an bhrí ‘in great amount, plenty; an abundance’ ann chomh maith (féach Dinneen 1927, 1246). Níl teacht agam ar

shamplaí den bhrí dheireanach seo i ndánta ón tréimhse chlasaiceach, ach thiocfadh an tuiscint sin go maith le ciall an rainn seo agus é a aistriú mar ‘A mass of poets’.

14d. Is léir go bhfuil brí dhiúltach leis an bhfocal *sgéal* sa chás seo (féach *DIL* s.v. *scél* III (c)) agus, mar sin, tá sé aistrithe agam mar ‘blemish’.

15a. Tá *a thaobh nua* aistrithe agam mar ‘his bright body’ (féach *DIL* s.vv. *núa* I (b), *taeb* I (c)).

15cd. Tá *bráth* na LSe athraithe agam go *brath* chun cuibheas inmheánach a chur ar fáil sa leathrann (*brath* : *rath*). Fágann sé seo sampla de bhreacadh sa leathrann (15c *rath*, *brath* 15d *rath*).

Ba litriúla an t-aistriúchán ‘what day did their good fortune not yield to them’ ar líne 15d.

Dán 3

1b. Tá siolla ar iaraidh i leagan na LSe den líne seo, agus tá an forainm sealbhach 3 uatha firinsceach *a* curtha ar fáil agam roimh *fhad* mar réiteach. Tagann sé seo leis an séimhiú ar *fhad* atá ag teastáil le haghaidh uama sa líne (*°fhad gur °iarr*).

1cd. Déanann an file pearsantú ar *an chóir* sa leathrann seo agus í ag feidhmiú mar ainmní na mbriathra (*dá bhfaghadh* (1c) agus *nach labhair* (1d)). Tá diúltach dúbailte in 1d nach bhfuil léirithe agam san aistriúchán (*ní hí an chóir nach labhair linn*), ba litriúla an t-aistriúchán ‘it is not justice that does not speak in my favour.’

Féach go bhfuil shamplaí eile de *tóir* agus *tabhach* le chéile i ndánta eile sa chorpas, mar shampla: *DMU* 1.12cd: *cáin do-chóidh le Fád Fuinidh / Mág Uidhir téar a tobhaigh*. ‘Maguire is the **force which collects** the tribute that has been put on Ireland’; agus *TD* 24.43cd: *fuair anois téar dá tabhach / Bóinn don chrois budh céadfadadhach*. ‘a **troop** hath come **to levy her**, the Boyne will rejoice at that ban.’ Tá an t-athrá ar an bhfocal *tóir* sa

dán seo pléite agam ar lch 35 thuas; tá sé aistrithe agam mar ‘pursuit party’ síos tríd (féach *DIL* s.v. *tóir* I (c), agus II (b)).

2b. Tá dornán samplaí eile de *cuirn fhiar* sa chorpas. Féach, mar shampla: *O'Hara* 29.11a: [Ar] *Art mhac Cuinn na gcorn bhfiar*, ‘...of the crooked drinking horns’; agus sampla eile in *SVBDL* 27.16b: *ré mac Cumhaill na gcorn bhfiar*, ‘...of curving goblets’. Tá sé aistrithe in *DIL* s.v. *fíar* mar ‘of curved drinking-horns’, agus cloím féin leis an aistriúchán seo.

4a. Tá dornán samplaí eile sa chorpas de *cath Bearnais, sluagh Bearnais*, srl. (féach Léarscáil 2, ‘Bearnas Mór’). Mar shampla, *AiD* 25.15: *Créad acht coimhéad do chath Bhearnais / a bheith treimhse mar tá sé / ar dhaingean mar ghiall i ngéibhionn / nach cailleadh Fiadh Éirionn é?* ‘Is it not safety for Bearnas’ host that for a space he be, as he is, a hostage held in a fort, so that Éire might not lose him?’

4c. Tá cúpla brí éagsúil leis an bhfocal *coill*, agus tá sé aistrithe agam mar ‘violation’ anseo (féach *DIL* s.v. 2 *coll* (d)).

6a. Tá *ar* na LSe athraithe agam go *agus*, mar a mholtar in *ABM* nota 177, chun líon na siollaí sa líne a cheartú. Tá an séimhiú bainte agam den fhocal ina dhiaidh (*m(h)uirn*) de thoradh an athraithe seo.

Tá an dara *l*, nach bhfuil i mbunlitriú an fhocail ach atá ann leis an nguta meánach roimhe a léiriú, bainte agam den aidiacht *mil(l)se* de réir an pholasáí eagarthóireachta (féach *DIL* s.v. *milis*; tuilleadh plé in *ABP* nota 29–30).

7cd. Tá *ar* na LSe athraithe agam go *an* ar mhaithe le ciall an rainn. Féach an chosúlacht idir an leathrann seo agus an leathrann in *PB* 26.26cd: *gidh eadh is dá éan dáir n-ealta / dá fhear sgéal an reachta ríogh.*

8a. Tá *ar* na LSe athraithe agam go dtí *a*, an mhír ghairmeach, i bhfianaise an bhriathair sa mhodh ordaitheach i líne 8c.

8bd. Cé nach luaitear ach leagan amháin den fhoraín réamhfhoclaich 3 uatha firinscneach *de* in *BST* 193.21, tá fianaise ann go nglactaí le *dé* chomh maith, agus go mbeadh comhardadh slán idir *mé* agus *dé* (féach Hoyne 2016, 186–200).

8c. Ní ritheann aon bhealach eile liom le *na hinnill* na LSe a thuiscent ach mar bhriathar sa 2 uatha modh ordaitheach diúltach (*IGT* iii §54). Níl aon sampla eile aimsithe agam den bhriathar seo sa mhodh ordaitheach i ndánta eile ón tréimhse.

9a. Maidir leis an aistriúchán ‘concerning’ féach *DIL* s.v. *timchell* III (c).

9c. An t-aistriúchán is litriúla ar *do-ní dóigh de* ná ‘makes an expectation/soft target of’. D’fhéadfaí é seo a thuiscent agus a aistriú ar bhealaí éagsúla ag brath ar an gcomhthéacs; mar shampla, ‘to take advantage of’ nó ‘to see no danger in’. Tá sé aistrithe agam mar ‘sees no danger in’ sa chás seo, mar go mbraitheamh gurb é sin is feiliúnaí sa chomhthéacs seo. Tá sampla eile de seo in *AiD* 65.28cd: *Luibh chabhra ar chóir ndoidhíolta / tarlla róin an roiréalta / teann tóir ga mbí baránta / dóigh dhí gion gur doidhéanta*, ‘We have now before us the great star, the healing-herb to cure our heavy debt—though we need not fear those debts now; a troop is ever brave when it has help to rely on.’ Féach freisin go n-aistríonn McKenna *do-ním d[óigh] de* ina ghluais mar ‘I do not think him, it, dangerous, hard, etc.’ (McKenna 1940, 289).

9cd. Tá aicill ar iarraidh i leagan na LSe (*ndearbadh* : *mbearar*) agus tá *ndearbadh* athraithe agam go *ndearadh* san eagrán chun é seo a leasú.

10b. Tá *adhbhar guaise* aistrithe agam mar ‘imperiled’, ach ba litriúla ‘object of danger’ mar aistriúchán air.

10c. Tá *is ionchuir ar* aistrithe agam mar ‘should be let upon’, a thagann leis an aistriúchán in *DIL* s.v. 3 *in-* (b) ‘to be put’, ‘proper to be put.’

11a. Mar a mholtar in *ABM* nóta 177, tá *choir* na LSe athraithe agam go *choire* san eagrán chun líon na siollaí sa líne agus san fhocal deiridh a cheartú.

11d. Tá rogha in *IGT* ii §192 idir *láimhe* agus *lámha* mar ghinideach uatha an fhocail *lámh*. Tá an fhoirm *lámha* ag teastáil anseo chun aicill a chur ar fáil (*grádha* : *lámha*).

12cd. Go hiondúil, úsáidtear *foráil* (*IGT* iii §69) leis an gcopail dhiúltach, ach feicimid é i ráiteas dearfach anseo.

Maidir leis an aistriúchán ‘demand’ ar *maoidheamh* féach *DIL* s.v. *moídem* (b), agus (d).

13b. Tá *is ard sdair* aistrithe agam mar ‘famed’. Tagann sé seo le haistriúcháin eile air. Féach mar shampla, *AiD* 7.33a: *Mac mic Fhéidhlim as ard sdair* ‘Famed Féilim’s grandson’.

Tá míléamh sa tras-scríbhinn den dán seo in *ABM*, áit ar léadh *a mac* seachas *o mac*, agus as sin tá an t-athrú *a mheic* molta i nóta 177.

13c. Tá diúltach dúbailte sa líne seo nach bhfuil léirithe agam san aistriúchán. Ba litriúla ‘would not be unexpected’ mar aistriúchán.

14a. Ag brath ar an gcomhthéacs, is iomaí bealach a bhféadfaí an focal *breath* a aistriú. Tá sé aistrithe agam anseo mar ‘legal ruling’ (féach *DIL* s.v. *breth* (g)).

15d. Tá *cuirim air* aistrithe agam mar ‘I compel him.’ Féach go bhfuil sampla eile de *cuirim ar* in *AÓD* 35.15ab: *Cuirim ar mhaor na meidhe / díon m’anna go háireidhe* ‘I lay it particularly on the steward of the scale to guard my soul’.

Tá *aindlich* na LSe athraithe agam go *a ndligh* san eagrán. Ní mór siolla amháin a bheith i ndéanach líne d de réir na riachtanas meadarachta, agus cuireann an t-athrú seo uaim ar fáil sa líne (*ºdéineamh a ºndligh*).

Dán 4

1b. Is deacair a rá go cinnte ar chóir séimhiú a chur ar fáil ag túis an fhocail *treise* sa líne seo ar lorg *dá*. Níl sé séimhithe sa LS, ach d’úsáid an scríobhaí an giorrúchán *e ós cionn t* ag túis an fhocail, áit a mbeadh súil leis an marc séimhithe. D’fhéadfadh an forainm sealbhach *a* in *dá* a bheith ag tagairt don ainmfocal firinscneach *tréan* sa líne roimhe (agus sa chás sin bheadh séimhiú de dhíth ina dhiaidh), nó ag tagairt don ainmfocal baininscneach sa chéad líne eile *fuil* (agus sa chás sin níor chóir séimhiú a chur ar fáil). Ós rud é go bhfuil rogha anseo, fágtaí é gan séimhiú san eagrán. Féach freisin nota 2a thíos.

Úsáideann an file an 1 iolra den bhriathar, den phorainm, agus den phorainm sealbhach sa chéad rann seo (.i. *tárthomar, ionn, ar ndíon*), agus tá sé aistrithe agam mar 1 iolra sa Bhéarla (‘we have received’, ‘us’, ‘protecting us’) ach d’fhéadfaí é a aistriú mar 1 uatha freisin (‘I have received’, ‘me’, ‘protecting me’), mar atá déanta i línte 5ab: *Tréan airdríogh do uaisligh sinn / mar gach n-ollamh dá n-áirmhim* ‘It was the strength of a high-king that ennobled **me**; as with every poet that I list’.

2a. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ag túis an fhocail *treise* ar lorg *dá* (.i. an réamhfocal *de* leis an bhforainm sealbhach *a*) atá ag tagairt don fhocal firinscneach *lucht* sa chéad líne eile. Tá an giorrúchán *e ós cionn t* ag túis an fhocail sa LS, agus marc séimhithe ar iarraigdh. Féach freisin nota 1b thusa.

3a. Tá 'gá *raibhe sin* aistrithe agam mar ‘whom he served’. Féach a leithéid chéanna in *LClAB* 6.2a: *Dh'éis an ríogh 'ga raibhe meis*. Féach freisin Dán 6.3a.

5c. Tá an líne seo débhríoch. Is féidir 'na gceann ag cur a thuiscint agus a aistriú mar ‘going against them’ (féach *DIL* s.v. 2 *cenn* IV 45) nó mar ‘adding to them’ (féach *DIL* s.v. 2 *cenn* IV 47–48) agus, as sin, ‘supporting them’. ‘Going against them’ an tuiscint a bhainim as sa chomhthéacs seo.

7b. Ba litriúla ‘I regret the extent to which I have confirmed that...’ mar aistriúchán ar an líne seo.

9c. Tá neart samplaí de *damh Ré* san filíocht chlasaiceach, agus aistrím anseo é mar ‘ox of Ré’. Féach, mar shampla, *AiD* 15.27ab: *Sé tar chách do thagh Torna / an Damh Ré ó ráth Eamhna* ‘Torna spoke especially of this **Ox of Ré** from Eamhain’s fort; *Butler* 10.4cd: **damh ré do réir a aicme / 's é don chléir is comairce**; agus *DMU* 22.37cd: **damh ré ríghthána berta / ré síthchána soineanta** ‘**the leading stag** of the active royal herd, the peaceful cheerful moon’ (Greene 1972, 212–3). Féach freisin *DMU* nota 335.

Tagairt do ríthe Uladh agus d’Eamhain Mhacha (féach Léarscáil 2) is ea *na ríogh a hEamhain* sa líne seo (féach Williams 1980, 376).

10c. Tá *taobh re* aistrithe agam mar ‘depending on’ (féach *DIL* s.v. *taeb* III (c)). Féach freisin McKenna 1940, 327.

Is féidir an forainm sealbhach *a* a léamh mar 3 iolra, ag tagairt don *oireacht*, nó mar 3 uatha firinsceach ag tagairt don phátrún (.i. *airdrí, flaith fionnFhódla*), mar atá agam san aistriúchán.

11a. D’fhéadfaí *leis* a léamh mar thagairt don chnuasainm firinscneach *oireacht* nó don phátrún (.i. *airdrí Murbhaigh*). Tugaim le fios san aistriúchán gur tagairt don phátrún é, ach d’fhéadfadh a mhalaire a bheith i gceist.

11c. Ní fios dom aon sampla eile de *beódha* (*DIL* s.v. *béodae* (a)) i ndánta ón tréimhse chlasaiceach. Tá *beó* in *IGT* ii §§139, 205.

11d. Tá *ndéaradair* na LSe athraithe agam go *ndearnadair*, foirm chuí an 3 iolra aimsir chaite den bhriathar *do-ní*.

12a. Tugtar faoi deara go n-úsáidtear an fhoirm spleách den bhriathar anseo (.i. *Aigeóram*) áit a mbeadh súil leis an bhfoirm neamhspleách (*Aigeórma(o)id*). Tá plé air seo agus samplaí in McManus 1994, 401. Tá sé aistrithe agam amhail is gur fhoirm neamhspleách é.

De réir mo thuisceana, tá *air* sa chéad líne seo ag tagairt don chnuasainm firinscneach *oireacht* sa chéad líne eile. Má léitear é mar thagairt don phátrún, d’athródh an chiall sa tslí seo a leanas: “In short, I will invoke the assembly of the king of Conall’s roots against him, that which is my greatest guarantor, since satirising them is no security against them (?).”

12d. Tá *ndaoradh* na LSe athraithe agam go *n-aoradh* san eagrán ar mhaithe le ciall an rainn agus chun uaim a chur ar fáil sa líne (*orra a °n-aoradh*). Féach gur ghá *ndaor* sa LS a athrú go *aor* in áit eile (Dán 2.13a, lch 63 thuas).

Glacaim leis go bhfuil *orra* sa líne seo ag tagairt don chnuasainm *oireacht* i líne 12b.

13c. Tá *gan taom dtais* aistrithe agam mar ‘without a moment’s weakness’. Tá sampla eile de seo sa dán *Treóin an cheannais Clann Dálaigh*, 55ab: *Airdeóchaidh fós gan taom*

dtais / meanma gliadh buidhne Bearnais ‘The warlike spirits of the band of Bearnas will rise yet **without softness**’ (McKernan 1948, 8–24).

14c. Tá an mhóitíf d’úll ar an bhfarraige le feiceáil i ndánta eile ón tréimhse chlasaiceach, mar léiriú ar éadóchas nó cruachás duine. Féach, mar shampla *IBP* 39.8: *Reac a ttrice mar tá mé / ón chomharsain go chéile / mar ubhall ó thuinn go tuinn / ag fulang luim is leatruim; AiD* 48.13: *Damh féin is fochainn toirrse / baramhail do-bhéaroinnse / ubhall is é idir thonnaibh / mé ag fulang a bhfuaromair* ‘I can compare myself—’tis a sad business!—when suffering from my present misfortunes only to an apple tossed about on the waves’; agus sa dán *Seisior sinne saor ar sliochd*, rann 8: *’S me ’n t-ubhall o thuinn go tuinn / ’s me ’n long ar reubadh a seól / ’n tabhall cubhr’ air call a bhlath me / ’s an déigh cháich cho bhi me beo* (Cameron 1894, 333–4).

15a. Tá siolla sa bheiris i leagan na LSe den líne seo, agus tá *as* na LSe athraithe agam go ’s san eagrán.

16ab. Tá *bfile* na LSe athraithe agam go foirm chuí an tabharthaigh uatha *bhfilidh* (*IGT* ii §21).

Maidir leis an locht *agallaimh agus fáisnéis* sa leathrann seo, féach an plé ar lch 33 thusa.

18d. Tugaim ‘adversaries’ mar aistriúchán ar *easorradh*. ‘Outlaw, rebel’ an t-aistriúchán a thugtar ar *easorradh* in *DIL* s.v. *esurrad*, agus is minic a fhaightear an t-aistriúchán ‘stranger’ air i ndánta eile, *AiD* 77.32ab, cuir i gcás: *Nós gach easurradh riamh roimhe / rug a bhuidhe madh beag fuair* ‘A **stranger** gives thanks for even a small gift’. Tá an t-aistriúchán ‘adversaries’ oiriúnach sa chás seo i mo thuairimse. Tá an file faoi chosaint tiarnaí éagsúla eile le linn a dhíbeartha, agus tagraíonn *easorradh* do na tiarnaí eile seo.

Is iomaí brí éagsúil a bhíonn leis an bhfocal *eineach* (sa tabharthach iolra, *ionchaibh*, sa líne seo), agus tá sé aistrithe agam anseo mar ‘protection’ ag leanúint *DIL* s.v. 1 *enech*, *ainech* I (a).

19a. Tá sé deacair ciall a bhaint as an líne seo mar atá sa LS. Níorbh ionadh liom é dá léifeadh scríobhaí *Ga* ó 18a, agus is cinnte go mbeadh níos mó céille le *Gé*, *Gidh* nó *Gach* a bheith ag túis na líne seo. Tá *Ga* na LSe athraithe agam go *Gach* san eagrán.

25a. Tugaim ‘my poetry was not taken for granted’ mar aistriúchán ar an líne seo. Féach an plé ar bhrí *do-ní dóigh de* sa nóta ar líne 9c de Dhán 3 (féach lch 95).

26c. Tá *nar fhéagh dot ollamh* aistrithe agam mar ‘did not have regard for your poet’. Tagann an t-aistriúchán seo leis an aistriúchán in McKenna 1940, 294, ar *f[éaghaim] do*, ‘I have regard for.’

27b. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar *fir* na LSe (ginideach uatha) ar lorg *gach*. Tá an t-athrú seo ag teastáil le go mbeidh uaim sa líne (*°fhir fa °anfhochain*).

29b. Tá ‘so much as’ curtha leis an aistriúchán agam idir lúibíní cearnacha ionas nach dtiocfadh an t-aistriúchán salach ar an méid atá ráite ag an bhfile i nDán 1.33: *Ní hionann 's an file Flann / ní dhearna a tuaidh acht tadhall / ní tadhall ba thuaidh mo thoil / ní ghabham uaim gan anmhoin* ‘Unlike the poet Flann, who only went to the north to visit, visiting the north is not my will, I will not go if not to stay.’

30b. Tá siolla ar iarraig i leagan na LSe den líne seo. Tá an t-alt curtha ar fáil agam roimh *finnEórpa* san eagrán, ós rud é go mbíonn an t-alt ann roimh *Eóraip* in amanna sa tuiseal ginideach (féach *DIL* s.v. *Eóraip*). Féach, mar shampla, *LClAB* 24.10cd: *gé do ríoghadh rompo so / ríodhamh ochta na hEórpa*.

31a. Tá cúpla brí éagsúil leis an bhfocal *bile* (féach *DIL* s.v. *bile*). D’fhéadfaí é a thuiscnt mar ‘mast (of a ship)’ (mar thagairt siar don long luaite i líne 30a: *Saor uama ar luinge leónta*), ach is dóichí gurb é ‘tree’ an bhrí atá leis anseo, aistriúchán a thagann le híomháineachas rann 31 ina ionmláine (.i. 31d *ar gcraobh*).

31b. De réir *AFM*, fuair an rí Mongán mac Fíachnai bás sa bhliain 625, agus deirtear go raibh sé cumasach mar rannaire. Ní dóigh liom go bhféadfaí *mongán* a léamh mar ‘great canopy’, cé go dtiocfadh an tuiscint seo go deas le híomháineachas an rainn (.i. *bile, ar gcraobh*).

31cd. Tá cuibheas inmheánach ar iarraidh i leagan na LSe den leathrann seo. Mar a mholtar in *ABM* nóta 471, tá *tír* (31c) athraithe agam go *taobh* san eagrán, athrú a chuireann cuibheas ar fáil (*taobh : gcraobh*) gan cur isteach ar bhrí na líne.

32a. Tá *Ioldhanach* na LSe ceartaithe agam go *Ioldánach*, a chiallaíonn ‘one of many arts/skills’ (féach Greene 1972, 272).

32c. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an réamhfhocail ós. Féach Ó Maolalaigh (2016) le haghaidh plé ar an réamhfocal seo, le tuilleadh samplaí agus fianaise a thacaíonn leis an athrú seo.

32d. Tá sé suimiúil go roghnódh an file Fítheal, file Chormaic mhic Airt, mar mhacasamhail Mhaghnais, ós rud é go raibh caidreamh achránnach idir Fítheal agus Cormac. Tá tuilleadh plé ar Fhítheal agus ar a chaidreamh le Cormac mac Airt in McManus (2016, 129–132).

DÁN 5 – RÉAMHRÁ

An file

Uilliam Óg (mac Cormaic) Mac an Bhaird (†1576) a chum an dán seo d'Aodh Dubh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill (†1600) sa bhliain 1567. De réir *AFM* 1576, *ollamh Uí D[h]omhnaill lé dán* ab ea Uilliam Óg, agus fuair sé bás ar 22 Feabhra an bhliain sin i nDroim Mór, gar do Bhaile Dhún na nGall. Cé gur mhair, ar a laghad, naoi ndán de chuid Uilliam Óig go dtí an lá inniu, níl ach dhá cheann acu sin in eagarr go dtí seo: *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (Ó Cuív 1977) a chum sé sa bhliain 1572, leath de ag moladh Aodha Uí Dhomhnaill, agus leath de ag aoradh Iarla Tuamhain, Conchobhar Ó Briain; agus *Trí Coin chosnas clú Gaoidheal* (*DMU* 18) a chum sé do Chú Chonnacht Mág Uidhir am éigin idir 1566 agus 1576. Tá na seacht gcinn eile i gcló in *ABM*:

- ABM* 230 *Fada suíl Éireann re hAodh*
 —d'Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, am éigin idir 1567 agus 1576
- ABM* 266 *Gaoithil meallta nó mac Néill*
 —do Thoirdhealbhach (mac Néill) Ó Néill, am éigin idir 1567 agus 1576
- ABM* 273 *Gluais, a theachtaire théid siar*
 —do Sheaán (mac Uilliam) de Búrca, am éigin idir 1571 agus 1576 (?)⁹
- ABM* 274 *Gréas dearbhtha Duan na Feirsde* (in eagarr sa tráchtas seo)
 —d'Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, 1567
- ABM* 339 *Mithidh th'athdhúsgadh, a Aodh*
 —d'Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, am éigin idir 1567 agus 1576
- ABM* 384 *Olc cútighthear comaoin Dé*
 —dán cráifeach

⁹ Ní bhíonn sé soiléir i gcónaí cé acu Uilliam Óg Mac an Bhaird nó a mhac, Uilliam Óg mac Uilliam Óig Mhic an Bhaird, atá i gceist nuair a chuireann scríobhaí a ainm le dán. Go hiondúil, déanann scríobhaithe idirdhealú idir an dá Uilliam Óg sna ceannscríbhinní, nó is féidir fáil amach cé acu atá i gceist ó eolas eile faoi dhán (dáta, pátrún, eachtraí). Nílim go hiomlán cinnte cé acu a chum *ABM* 273.

ABM 477 Trom an suan-sa ort, a Aodh
— d’Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, am éigin idir 1567 agus
1576

An pátrún

Tháinig Aodh Dubh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill i gcomharbas ar a dheartháir, an Calbhach Ó Domhnaill, mar thiarna ar Thír Chonaill sa bhliain 1566 tar éis bhás an Chalbhaigh. Ba phátrún maith é don filíocht. Tá an bua a fuair sé ar Sheaán Ó Néill i gCath Fhearsaid Mhór i measc na n-éachtaí ba mhó a bhain sé amach le linn a réime, agus is é an bua seo is ábhar do Dhán 5. Sheas sé siar go hoifigiúil ó ról na ceannaireachta sa bhliain 1592, nuair a rinneadh tiarna dá mhac, Aodh Ruadh Ó Domhnaill. Fuair sé bás ar 7 Nollaig 1600.

Ábhar an dáin

Seo an t-eolas a thugann an scríobhaí Séamas Mág Uidhir dúinn sa cheannscríbhinn a chuir sé leis an dán, ar leathanach 129 [= 137] de LS D:

LS D	Eagrán
Uilliam óg mac an Bhaird do rinne an dán so da thighearna. Aodh mac Maghnasa, in ar chuimhnigh mar do bhris an taodh sin maidhm feirsde súilidhe ar o Néill Seaan mac Cuinn. an chead bhliadhain do goireadh tighearna don Aodhsuin mac Maghnasa. 1567.	Uilliam Óg Mac an Bhaird do-rinne an dán-so dā thighearna, Aodh mac Maghnasa, inar chuimhnigh mar do bhris an tAodh sin maidhm Feirsde Súlidhe ar Ó Néill, Seaán mac Cuinn, an chéad bhliadhain do goireadh tighearna don Aodh-soin mac Maghnasa, 1567.

Uilliam Óg Mac an Bhaird composed this poem for his lord, Aodh, son of Maghnas, in which he recalled how that Aodh inflicted the rout at Farsetmore on Ó Néill, Seaán son of Conn, in the first year of the lordship of that Aodh son of Maghnas, 1567.

Is ar 8 Bealtaine 1567 a troideadh cath Fhearsaid Mhór. Tá cur síos cuimsitheach ar an gcath seo in Hayes-McCoy (1969) agus in *AFM* 1567 agus, den chuid is mó, tagann na fíricí sna cuntas sin leis an gcuntas atá sa dán seo. Cur síos ar an gcath féin agus ar an méid a tharla ina dhiaidh atá sa chuid is mó den dán. Tháinig Seaán Ó Néill isteach i dTír Chonaill le slua míle fear chun an tír a chreachadh. Chuaigh siad chomh fada le Leitir Ceanainn (féach Léarscáil 2), agus chuaigh siad trasna inbhear na Súilí ag Fearsaid Mhór le lag trá (rann 2). Bhí Aodh ar Ard an Gháire ag an am seo le feadhain bheag fear (rann 3). Ní raibh na Conallaigh ag suíl leis an ionradh seo de réir rann 4, agus chuir Aodh marchlua beag amach i gcoinne fhórsaí Uí Néill (rann 6) ionas gurbh fhéidir leis dul siar agus a fhórsaí féin a chruinniú le chéile.

Déanann an file liosta de na teaghlaigh i dTír Chonaill a bhí páirteach sa chath, ag cur na Suibhneach chun tosaigh: Mac Suibhne Bághuinigh (rann 14), Mac Suibhne na dTuath (rann 15), Mac Suibhne Fánad (rann 16). Ina ndiaidh sin, luatear muintir Uí Bhaoighill (rann 18) agus muintir Ghallchobhair (rann 19). Is léir go raibh páirt lárnach ag na Suibhnigh sa chath, agus luann an file arís iad i rann 11, áit a ndeir sé go raibh siad ann nuair a rinneadh an cinneadh ionsaí a dhéanamh ar fhórsaí Uí Néill. Chruinnigh Ó Domhnaill thart ar cheithre chéad fear (rann 13) chun dul ina gcoinne.

Nuair a thug na Conallaigh aghaidh ar na hionróirí d'éirigh leo an ruaig a chur orthu (rann 22). Theith muintir Uí Néill ar ais i dtreo Fhearsaid Mhór, ach faoin am a shroich siad an t-inbhear bhí sé ina lán mara. Bádh cuid mhór de shlua Uí Néill nuair a rinne siad iarracht teitheadh trasna an inbhir, agus maraíodh cuid eile díobh agus iad gafa idir an t-uisce agus na Conallaigh a bhí ar a dtóir (23–4).

De bharr na náire a tharraing an cath ar Sheaán Ó Néill agus ar a mhuintir, d'iarr sé cabhair ar mhuintir Mhic Dhomhnaill chun díoltas a bhaint amach ar Chineál Chonaill.

Níor thug sé aird ar an naimhdeas eatarthu agus chuaigh sé faoina gcosaint gan a bheith faoi choimirce dhleathach agus mharaigh muintir Mhic Dhomhnaill é ar a dtalamh féin ar 2 Meitheamh 1567.

Ceiliúrann an file an bua seo ar Ó Néill agus ar a mhuintir sa dán, agus deir sé go bhfuil na Conallaigh tar éis díoltas a bhaint amach orthu as gach éagóir a rinneadh ar Chineál Chonaill le linn na coimhlinte fada idir an dá dhream. Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn an óráid a thug Aodh Ó Domhnaill roimh an gcath, de réir *AFM* 1567:

Ro [é]a[g]caoín Ua Domhnaill a imnedh 7 a ettualang fris na maithibh sin, 7 atbert friú gur bhó lainne 7 gur bhó maisi lais a écc, 7 a oittheadh do maighin, riasiú no fhodaimhfeadh an do radsat Cenel Eoccain do thár 7 do tarcasal fair budhein, for a dherbhfhine, 7 for a chomhfulidibh amhail ná ro fhulaing 7 ná ro fhodhaimh a bhunadhchenél riamh roimhe...

To these chiefs O'Donnell complained of his distress and injuries; and he protested to them that he would deem it more pleasing and becoming to fall and die in the field, than to endure the contempt and dishonour with which he himself, his tribe, and his relations, had been treated by the Kinel-Owen, such as his ancestors had never suffered or endured before...

Tagraíonn an file do Dhomhnall Óg Ó Domhnaill, a maraíodh i nDíseart Dá Chríoch (i gCo. Thír Eoghain an lae inniu) i gcath i gcoinne na nEóghanach sa bhliain 1281:

31. *Guin Domhnaill Dísirt dá Chríoch,
doilghe é 'ná gach éindíoth;
iomdha éacht uainn 'na ionadh
san chréacht do-chuaidh cúitiughadh.*

I dtreo dheireadh an dáin, molann an file an pátrún agus brostaíonn sé é chun dul agus níos mó a dhéanamhanois. Luann sé cathanna eile a bheidh le troid sa todhchaí de réir na tairngreachta: cath Mhaisdean, cath Shligigh agus cath Shaingeal (rann 46). Tá tagairt do na catha seo, cathanna a bhí fós le teacht, le feiceáil i ndánta eile freisin. Féach, mar shampla, *DiD* 97.42–3:

42. *Cuirfidh cath Mhullaigh Maisdean*
gleo re bhféachfaidh fíoraghaisgeadh;
brisfidh calg fa mhagh Midhe;
gar do Thadhg an tairngire.

43. *Cath díbheirgeach Dúin na Sgiath*
cuirfidh oidhre fhóid fhinnChliach;
re a ré muidhfidh gach mearchath
*is cuirfidh sé **an Saingealchath**.*

“He will engage in the battle of Mullamast; a battle in which he will attempt true skill at arms; he will fight on the plain of Meath, near to Tadhg the prophet.”

“The heir of the bright land of Cliu will engage in the in the battle of Donaskeagh; during his time every furious battle will break out and he will engage in the battle of Saingeal.”

Luaitear cath Saingeal i rann 35 den dán *Cia is sine cairt ar chrích Néill* (Ó Raghallaigh 2008, 134):

35. *Tusa chuirfeas cath Saingeal,*
tú an cniocht ar ar céadchailleadh,
tú an aoibheal dá n-éir doighear;
fa fhéin nGaoidheal gríosfaidhear.

“It is you who will fight the battle of Saingeal, you are the knight who was first betrayed, you are the ember from which the flame rises: the Gaelic host will be stirred up [by you].”

Brostaíonn an file Aodh chun Leath Chuinn a ghabháil agus caidreamh a chothú le muintir Uí Bhriain i Leath Mhogha (rann 48).

“Duan na Feirsde”: I gcuid mhaith den dán, labhraíonn an file faoin dán féin agus an luach a bhaineann leis. Is díol suime é go dtugann sé teideal ar leith ar an dán, *Duan na Feirsde*, sa chéadlínne agus arís i línte 36cd (*nocha meisde a luagh gach laoi / Duan na Feirsde dá bhféaghthaoi?*) agus 44cd (*Duan na Feirsde is togha throim / gá meisde a cora i gconchloinn?*). Ní raibh sé mar ghnás ag filí teidil ar leith a thabhairt ar a gcuid dáonta féin sa traidisiún clasaiceach, cé go bhfaightear teidil ar leith ar dhánta áirithe (m.sh. *Laoih an Doirn* a thugtar ar an dán leis an gcéadlínne *Dorn idir dhán is dásacht* le Seaán Ó Clumháin (*DiD* 84)).

De ghnáth, d’fheidhmíodh céadlínne an dáin mar theideal, mar an gcéanna le traidisiúin filíochta i dtíortha agus i dteangacha eile, ina measc traidisiúin na soinéad, a bhí faoi bhláth i Sasana sa tréimhse chéanna seo (Brackett 2008, 361). Déanann an file tagairt do dhá dhán eile i rann 44, agus teidil ar leith orthu; *Duan oirdhearc an Eich Bhuidhe* (.i. *Lorcán so Locha Deirgdheirc*; féach Ó Donnchadha 1940, 106–109), agus *Duan Chroibhdheirg ar gCruachain-ne* (.i. *Táinig an Croibhdhearg go Cruachain*; féach Quiggin 1912, 167–77).

Daoine atá luaite sa dán

Somhairle Buidhe Mac Domhnaill (†1590) (rann 41)—Seaán Ó Néill an namhaid is mó a bhí ag muintir Mhic Dhomhnaill ag an am seo agus bhí a gceannaire, Somhairle Buidhe, mar phríosúnach ag Ó Néill idir 1565 agus 1567 (Hill 1873, 134, 143). Lig Ó Néill saor é tar éis an chatha, nuair a bhí sé ag iarraidh a chabhrach chun díoltas a bhaint amach ar Chineál Chonaill tar éis an chatha. Luann an file é seo i rann 41 agus deir sé gur chóir do Shomhairle Buidhe a bheith buíoch de na Conallaigh toisc go mbeadh sé fós ina phríosúnach murach a mbua sa chath.

Conn mac an Chalbhaigh (†1583) (rann 42)—Bhí coimhlint ann idir Conn agus a uncail, Aodh Ó Domhnaill, i gcomhair ceannasaíochta nuair a fuair athair Choinn, an Calbhach (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, bás sa bhliain 1566. Bhí conradh déanta idir Conn agus Seaán Ó Néill sa bhliain 1562, agus rinne Ó Néill príosúnach de tar éis do Chonn ionsaí a dhéanamh ar chaisleán Dhún na nGall sa bhliain 1564. Níor ligeadh Conn saor go dtí tar éis an chatha agus arís deir an file gur chóir do Chonn a bhuíochas a léiriú dóibh (*State Papers*, 205, 237, 334).

An Inghean Dubh (†1608) (rainn 49–52)—Tagann deireadh leis an dán le trí rann d’Fhionnghuala iníon Mhic Dhomhnaill, bean ár bpátrúin. De réir mar a chuaigh Aodh Ó Domhnaill in aois, is léir go raibh ról níos lárnaí ag a bhean i reáchtáil an tiarnais (féach Ó Cléirigh 2012, 39). Seo máthair Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill (pátrún Dhán 6). Tá sé feiliúnach go bhfuil cúpla rann dise sa dán seo mar bhean Aodha mhic Mhaghnais Uí Dhomhnaill, ar ndóigh ach freisin mar iníon Mhic Dhomhnaill, ós ábhar ceiliúrtha a bhí ann don dá theaghlach go raibh an bua ag Cineál Chonaill sa chath agus gur maraíodh Seaán Ó Néill.

Meadaracht

Cosúil le Dán 1 agus Dán 4 thusa, is i ndeibhí, dán díreach, atá an dán agus tagann leagan na LSe leis na rialacha a ghabhann leis sin den chuid is mó.

Breacadh: Tá cuibheas breise (comhardadh slán) taobh istigh de na rainn/leathrainn seo a leanas, agus a thuigim mar shampla den ghléas ornáideach *breacadh*:

1a	<i>duan</i>	1b	–	1c	<i>duan</i>	1d	<i>duan</i>
9a	<i>dhóibh</i>	9b	–	9c	<i>chóidh</i>	9d	<i>cóir</i>
11a	<i>Síol</i>	11b	–	11c	<i>ghníomh</i>	11d	<i>shíol</i>
12a	<i>slógh</i>	12b	<i>mhór</i>	12c	<i>sról</i>	12d	<i>chlódh</i>
24a	<i>mór</i>	24b	–	24c	<i>tslógh</i>	24d	<i>bhrón</i>
30a	–	30b	–	30c	<i>gleó, teó</i>	30d	<i>gleó</i>
36a	–	36b	<i>duan</i>	36c	<i>luagh</i>	36d	<i>Duan</i>
37a	–	37b	<i>duan</i>	37c	<i>duan</i>	37d	<i>luagh</i>
38a	–	38b	<i>duain</i>	38c	<i>duain</i>	38d	<i>thuaidh</i>
40a	<i>Síol</i>	40b	<i>díol</i>	40c	<i>dhíobh</i>	40d	<i>ngníomh</i>
44a	<i>Duan</i>	44b	<i>duan</i>	44c	<i>Duan</i>	44d	–
46a	<i>Cath</i>	46b	<i>cath</i>	46c	<i>cath</i>	46d	–
49a	<i>Clú</i>	49b	–	49c	<i>tú</i>	49d	<i>clú</i>

Dúnadh: Bheifí ag síul le dúnadh an dáin ag deireadh rann 48, roimh na rainn don Inghean Dubh, ach tá an dúnadh ag deireadh an dáin ar fad:

1a: *Gréas dearbhtha Duan na Feirsde*

52d: *don bhladh is í is éanoighre*

Is díol suime freisin go ndeir an file i líne 46d nach bhfuil dúnadh daingean leis an dán, agus i rann 51 go bhfuil sé ag úsáid na rann don Inghean Dubh chun an dán a dhúnadh:

46d: *do dhuan ní daingean dúnadh.*

51: *Ar-ís d'aithcheangal ar roinn,
bean d'uaislibh aicme Domhnoill,
slat réidh nach anbhfann alladh,
dar ndaghrann féin fuaramar.*

Teanga

Ainmfhocail: Níl *duan* in *IGT* ii, ach is léir go bhfuil sé baininscneach (féach McManus 1994, 373). *Duain* is ea foirm an áinsígh, agus is léir go raibh an t-idirdhealú seo idir foirm an ainmnigh agus foirm an áinsígh ag an bhfile, i bhfianaise línte 37cd (*an duan is dóibh is moladh / cóir a luagh gan laghdughadh*), agus línte 38cd (*ar an duain saoir ná slonnaidh / don taoibh thuaidh acht tearmonnaigh*). Déanaim foirm an ainmfhocail seo a choigeartú sna cásanna seo a leanas:

37c. *duain* > *duan*

46d. *duain* > *duan*

Níl *duan* athraithe agam go *duain* i líne 36b ná líne 37b toisc go bhfuil an cuspóir scartha ón mbriathar, agus bhí cead an t-ainmneach a úsáid in áit an áinsígh sa chás sin (féach McManus 1994, 362).

Athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal:

I bhfianaise *ABM* 230.29ab (.i. *Sreabh Fhinne gidh orgán suain / do bhinneas a comhraidh cciúin*), tá séimhiú curtha ar fáil agam **ar lorg ainmneach uatha baininscneach** sna línte seo a leanas:

36b *duan ghréasach do għlanfhogħlaim*

44c *Duan na Feirsde is togha throim.*

50a *Aoibheal bheó einigh Alban*

I bhfianaise línte 10cd den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (.i. *re Leith móir gcathardha gCuinn / na slóigh fħlathamhla ó Liatraim*), tá séimhiú curtha ar fáil agam **ar lorg ainmfhocal san iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol** i líne 47c *buaidh shealg*. Níl séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ainmfhocal san iolra i líne 7c *slóigh sleachta Néill* agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh.

I bhfianaise línte 9cd den dán *Biaidh athroinn ar Inis Fáil* (.i. *dob indéinimh go réidh rinn / do fhréimh fhinn Éibhir d'Éirinn*), tá séimhiú curtha ar fáil agam **ar lorg tabharthach uatha** sna línte seo:

13c *i ngort gháidh*

19b *i dtús għliadha*

22c *dá għlú ghaisgidh*

24a *Do shluagh Mħacha*

Níl séimhiú curtha ar fáil agam **ar lorg ginideach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol** i líne 15b *tiomchioll Mhurċaidh meic Eóghain* agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh ansin.

Eile: Tá séimhiú curtha ar fáil agam ag tú sainmfhocal baininscneach san ainmneach ar lorg an ailt i líne 11c (*an għleóghu in*) agus i líne 40c (*an mhéid*). Tá t- roimh fhocail dar

tús *s* bainte agam i línte 11a (*clann (t)Suibhne*), 18b (*chloinn (t)saoirNéill*), agus 37a (*chlann (t)Suibhne*), mar atá déanta agam i ndánta eile (féach an polasaí eagarthóireachta, lch 13 thuas). Tá urú curtha ar fáil agam ar ainmfhocal sa ghinideach a leanann aidiacht fhaisnéiseach i líne 2d (*nar thim dtionóil*)

TÉACS AGUS AISTRIÚCHÁN

Dán 5

LS D

Eagrán Criticiúil

- | | |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. GRÉS dearbhtha duan na feirsde
sgél oirdhreic as aithrisde
duan nach dearnadh gusanois
as duan far dearbadh dioghrais | 1. Gréas dearbhtha Duan na Feirsde,
sgéal oirdhearc is aithrisde,
duan nach dearnadh gus a-nois,
is duan far dearbhadh diáoghrais. |
| 2. Lá do chuadar clanna Néill
sluagh ar shiol cconail crannréidh
tar finn is tar feartais mhóir
im an ghealtais nar thim tineóil | 2. Lá do-chuadar clanna Néill
sluagh ar shíol gConaill crainnréidh,
tar Finn is tar Feartais Mhóir,
'man ghealtais nar thim dtionóil. |
| 3. Aodh mac Mághnais na ttreas tte
an uairsi ar ard an gháire
nuachar teamhra nar tubhadh
uathadh feadhna fiorchuradh | 3. Aodh mac Maghnais na dtreas dte,
an uair-se ar Ard an Gháire—
nuachar Teamhra nar tubhadh—
uathadh feadhna fíorchuradh. |
-
1. The Poem of Farsetmore is a proven work of art, it is a famous story which should be told, a poem which was not composed until now, it is a poem which proves diligence.
 2. One day, the O'Neills went with a host against the smooth-speared descendants of Conall, across the Finn and Farsetmore, around the fair gentle one whose muster was not weak.
 3. Aodh, son of Maghnas, of the heated combats—the unreproached spouse of Tara—was at this time at Ardingary with a small band of true champions.

- | | |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>4. Do braitheadh ar mbeith ar fail
dar ttineol re tteacht chugainn
saoiltear dóigh dhínn do dheanamh
nir chóir brígh sna baoithsgealaibh</p> <p>5. Tángadar orainn gan fhios
mar do bheith eadruinn oireas
ger theann a léim dar linne
fa céim a cceann coinntinne</p> <p>6. Do chuir Seaan i ccoinne an tsluaigh
buidhein mbig meanmnaigh márcshluaih
tug dúinn anáil or nuamhan
nirb furáil an tionnúaradh</p> | <p>4. Do braitheadh ar mbeith ar fail
dar dtineól re dteacht chugainn;
saoiltear dóigh dhínn do dhéanaimh—
níor chóir brígh sna baoithsgéalaibh.</p> <p>5. Tángadar orainn gan fhios
mar do bheath eadrainn oireas;
gér theann a léim, dar linne
fa céim i gceann cointinne.</p> <p>6. Do chuir-sean i gcoinne an tsluaigh
buidhin mbig meanmnaigh marcshluaih;
tug dúinn anáil ór n-uamhan,
níorbh fharáil an t-ionnuaradh.</p> |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
4. Our muster was perceived to be off-guard before they came towards us; they think to make an easy target of us—it is not right to believe the foolish stories.
5. They came upon us without us knowing, as if there had been a prior arrangement between us to meet; though their leap was strong, I believe it was a step into battle.
6. He (i.e. Aodh Ó Domhnaill) sent a small courageous band of cavalry out against the host; it gave us breathing-space from our terror, the respite was needed.

- | | |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>7. Gluasmíd a ngoire ar ndaingin
 <i>gor cruinnigheadh conallaigh</i>
 <i>ger lionmhar slóigh sleachta Néill</i>
 <i>dhóibh nir eachtra gan oilbhéim</i></p> <p>8. A ttús a ttionólíl tromdha
 <i>torchair mac Mheg mhathghamhna</i>
 <i>sgél an Mhanaidh nar bheag bróg</i>
 <i>beag nach samhail sa sluagh ód</i></p> <p>9. Tar éis fillte dhoibh go deas
 <i>a bfuairsiod orainn daitheas</i>
 <i>do choidh sé mar do sáileadh</i>
 <i>ni he as cóir do chraobhsgaoileadh</i></p> | <p>7. Gluasmíd i ngoire ar ndaingin
 <i>gur cruinnigheadh Conailligh;</i>
 <i>gér líonmhar slóigh sleachta Néill,</i>
 <i>dhóibh níorbh eachtra gan oilbhéim.</i></p> <p>8. I dtús a dtionólíl tromdha,
 <i>torchair mac Mhéig Mhathghomhna,</i>
 <i>sgéal an mhanaigh nar bheag bróg</i>
 <i>beag nach samhail 's an sluagh-ód.</i></p> <p>9. Tar éis fillte dhóibh go deas,
 <i>a bhfuairsiod orainn d'áitheas—</i>
 <i>do-chóidh sé mar do saileadh—</i>
 <i>ní hé is cóir do chraobhsgaoileadh.</i></p> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

7. We move close to our stronghold until the descendants of Conall were gathered; though the host of Niall's family was great in number, it was a humiliating venture for them.
8. At the front of their great assembly, the son of Mág Mathghamhna fell; the story of the monk whose shoe was not small (?) is almost comparable to that host of theirs.
9. After they had returned southward, whatever little victory they gained over us is not fitting to boast about—it went as expected.

- | | |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>10. Fir nar tharbha cur na cceann
 <i>cruinnigheas iad go haithghearr</i>
 <i>a lion comhluinn san taobh thuaidh</i>
 <i>Aodh o domhnaill ar deaghuaire</i></p> | <p>10. Fir nar tharbha cur 'na gceann,
 <i>cruinnighis iad go haithghearr,</i>
 <i>a líon comhlainn san taobh thuaidh,</i>
 <i>Aodh Ó Domhnaill, ar deaghuaire.</i></p> |
| <p>11. Síol cconaill is clann tsuibhne
 <i>cinnid le cruas comhairle</i>
 <i>an gleoghuin ger ghniomh doiligh</i>
 <i>ar shiol eoghain dionnsaigidh</i></p> | <p>11. Síol gConaill is clann Suibhne
 <i>cinnid le cruas comhuirle</i>
 <i>an ghleóghuin gér ghníomh doiligh—</i>
 <i>ar shíol Eóghain d'ionnsaighidh.</i></p> |
| <p>12. Annsein do heagradh as slógh
 <i>re a meas nir mhór ar ttineól</i>
 <i>ar síneadh ar sról ndatha</i>
 <i>do chlódh míleadh mórmhacha</i></p> | <p>12. Ainn-séin do heagradh ar slógh—
 <i>re a mheas, níor mhór ar dtionól</i>
 <i>ar síneadh ar sról ndatha—</i>
 <i>do chlódh míleadh mórmhacha.</i></p> |
10. In good time, Aodh Ó Domhnaill quickly gathered his battle strength in the north, men whom going against would be fruitless.
11. Though [choosing] the battle-wound was a difficult action, by valorous counsel the descendants of Conall and the MacSweeneyes decided to attack the descendants of Eóghan.
12. Then our host was arranged for subduing the warriors of great [Eamhain] Mhacha—our muster was not great in number with our colourful banners unfurled.

13. Gan acht áireamh cheithre ccéad

fa Rí conaill da choimhéad

láoich do fromhadh i ngort gáidh

dob omhan tocht o a tteagmháil

14. Fa Mhac Suibhne Maol muire

táid i ttús na hiorghoile

gniomh lánduiligh cur na cceann

bághuinigh fan damh díleann

15. Laochraídh na ttuath teaghoid sin

timchioll Mhurchaidh meic eoghain

fir dhorrda as cruaidh i ccathaibh

colbha sluaigh go samhthachaibh

13. Gan acht áireamh cheithre gcéad

fa rí Conaill dá choimhéad,

laoich do fromhadh i ngort gháidh,

dob omhan tocht ó a dteagmháil.

14. Fa Mhac Suibhne, Maol Muire,

tiad i dtús na hiorghoile—

gníomh lánduiligh car 'na gceann—

Bághuinigh fan damh díleann.

15. Laochraídh na dTuath teagoid sain

timchioll Mhurchaidh meic Eóghain;

fir dhordha is cruaidh i gcathaibh,

colbha sluaigh go samhthachaibh.

13. There were only four hundred men around the king of [Cineál] Chonaill protecting him, warriors who were tested (i.e. experienced) in the field of battle, terror came from fighting them.

14. Around the great stag, Maol Muire Mac Suibhne, the men of Banagh go into the van of the fighting—going against them is a very difficult act.

15. The warriors of Doe then come around Murchadh, son of Eóghan; the fierce men, tough in battles, axe-wielding pillar of a host.

- | | |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>16. Ba gnáth túis aca i niorghail
na curaidh clann toirrdhealbaigh
fa buidheach an tonn da ttroid
an drong fhuileach o fhánoid</p> <p>17. Aodh mac Aodha i dhomhnaill
fear iomchair gach anbforlainn
mairg sluagh le ttarla i tteannta
an stuagh amhra inneallta</p> <p>18. O baoighill, a bhraithre féin
da choimhead ar chloinn tsaoirnéill
ua <i>ar n</i>=Aodhaine crann os coill
fa aoghoire clann gconoill</p> | <p>16. Ba gnáth túis aca i n-iorghail
na curaidh, clann Toirdhiolbhaigh;
fa buidheach an tonn dá dtroid,
an drong fhuileach ó Fhánoid.</p> <p>17. Aodh mac Aodha Í Dhomhnaill,
fear iomchair gach anfhorlainn;
mairg sluagh le dtarla i dteannta
an sduagh amhra inneallta.</p> <p>18. Uí Bhaoighill, a bhráithre féin
dá choimhéad ar chloinn saoirNéill—
ua ar nAodhai-ne, crann ós choill—
fa aoghoire clann gConoill.</p> |
|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
16. It was [always] customary for the warriors of Toirdhealbhach's family to be in the van in battle, the wave [of warriors] was grateful for the fighting of the bloody band from Fanad.
17. Aodh, son of Aodh, Ó Domhnaill, a man who withstands every difficulty—woe to the opposing army—the wondrous, well-equipped hero.
18. The Ó Baoighill family, his own brothers, around the shepherd of Conall's families, the grandson of our Aodh, highest tree in a wood, protecting him from the family of noble Niall.

19. Clann ghallchobhair na ngreadh seang	19. Clann Ghallchobhair na ngreadh seang
i ttús gliaidh go cclú ccéimeann	i dtús ghliadh go gclú gcéimeann—
cóir obadh feadhma na bfear	cóir obadh feadhma na bhfear—
na mogal fhearrdha fhéinneadh	'na mogal fheardha fhéinneadh.
20. Gluasmíd tar éis ar neagair	20. Gluasmíd tar éis ar n-eagair
chuchta ar <i>ceann</i> a n-airleagaidh	chuca ar ceann a n-airleagaidh,
mar sgoith buinne ag bein re haill	mar sgoith buinne ag béisim re haill,
mar léim tuinne tar tórainn	mar léim tuinne tar tórainn.
21. Fuaramar ag fearsaid mhóir	21. Fuaramar ag Fearsaid Mhóir
Mac <i>Meic</i> cuinn fa throm ttionoil	mac meic Cuinn fa throm dtionól—
a bhreath bhroide as buan púdhar	a bhreath bhrada is buan pudhar—
sa shluagh aige in ordúghadh	's a shluagh aga i n-ordughadh.

19. The Gallagher family of the slender horses are a virile cluster of warriors, with heroic acts in the beginning of the battle; it is sensible to refuse fighting these men.
20. After we were arranged, we move towards them to get their [repayment of] debt, like a strong gush of water striking against a cliff, like the leap of a wave over a boundary.
21. We found at Farsetmore [Seaán] the grandson of Conn with a great muster and his host in order—his decision to pillage entails lasting harm.

- | | |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>22. Do thréigsiod na fir fráochdhacht</p> <p>tugsad meanma ar mhioláochdhacht</p> <p>da cclú gaisgidh do choidh cion</p> <p>dhoibh le faicsin ar bféinneadh</p> | <p>22. Do thréigsiod na fir fraochdhacht,</p> <p>tugsad meanma ar mhíolaochdhacht;</p> <p>dá gclú ghaisgidh do-chóidh cion</p> <p>dhóibh le faicsin ar bhféinneadh.</p> |
| <p>23. Aghaidh ar mhuir nghlais nghairgmhir</p> <p>cúl do chur re a neascairdibh</p> <p>an drong fhuileach fa teann troid</p> <p>nirb feárr fuireach re fearsoid</p> | <p>23. Aghaidh ar mhuir nglais ngairgmhir,</p> <p>cúl do chuir re a n-easgcairdibh,</p> <p>an drong fhuileach fa teann troid;</p> <p>níorbh fhearr fuireach re Fearsoid.</p> |
| <p>24. Do shluagh Macha fa mór bladh</p> <p>báitear an mhéid nar marbadh</p> <p>beag don tslógh téarna on troid</p> <p>fa bhrón on énlá anaid</p> | <p>24. Do shluagh Mhacha fa mór bladh,</p> <p>báitear an mhéid nar marbhadh;</p> <p>beag don tslógh téarnó ón troid;</p> <p>fa bhrón ón éanló anaid.</p> |
22. The men abandoned ferocity, they exchanged their courage for cowardice; for them, when they saw our warriors, some of their fame for valour vanished.
23. The bloody band whose fighting was intense turned their backs to their enemies [and their] faces towards the rough, swift, green sea; it was not best to wait [before returning] to Farsetmore.
24. Those of [Eamhain] Mhacha's host of great fame who were not slain were drowned; little of the host escaped from the fight; they remain sorrowful as a result of that single day.

25. Acc sin bladh déachtaibh an áir

Brian mac Enrí ua Seaáin

is Mac oile da athair

slat a doire dhlúthsgathaigh

25. Ag sin bladh d'éachtaibh an áir:

Brian mac Éinrí, ua Seaáin,

is mac oile dá athair

slat a Doire dhlúthsgathaigh.

26. Do fágbadh sa ttaobh re tuinn

a muinntir fa Mhac domhnuill

na curaidh dar chóir anmhuin

na nulaidh mhoir mhiotharbhaigh

26. Do fágbadh 's a dtaobh re tuinn

a muinntear fa Mhac Domhnuill,

na curaidh dar chóir anmhain,

'na n-ulaidh mhóir mhíotharbhaigh.

27. Ni tugadh déachtaibh eile

muinntir dhaoineach dhonnghaile

acht gidh móir fan traigh torchair

a lógh áir ar eóganchaibh

27. Ní tugadh—d'éachtaibh oile—

muinntear dhaoineach Dhonnghaile,

acht gidh móir fan tráigh torchair,

a lógh áir ar Eóghanchaibh.

25. These are some of those killed during the battle: Brian son of Éinrí, grandson of Seaán, and another son of his father's, a scion from the flower-abundant Derry.

26. Left beside the sea was Mac Domhnaill surrounded by his people in their great fruitless tomb, the warriors who should have stayed [behind].

27. Though many of the populous Donnelly family fell around the strand—among other deaths—the slaughter they deserved was not inflicted on the Tír Eóghain men.

- | | |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>28. Míle fear do fágbhadh ann
 ni bhiú ag áireamh a nanmann
 nir féadadh tuile <i>gan</i> traigh
 feghadh <i>gach</i> duine a dhioghbháil</p> <p>29. Ni fhuigheadh einneach on bfinn
 feedh na críche go cáirlinn
 teach gan ádhbhar gola on ghleó
 dob aghmhar cora an coinsgleó</p> <p>30. A trean (?) doire do dioghladh ann
 Maidhm na Rass rug o chothram
 gleo naoidhe as teó no <i>gach</i> troid
 gleo na haoine gun fhearsaid</p> | <p>28. Míle fear do fágbhadh ann,
 ní bhiú ag áireamh a n-anmann;
 níor féadadh tuile gan tráigh;
 féagadh <i>gach</i> duine a dhíoghbháil.</p> <p>29. Ní fhuigheadh éinneach ón Fhinn
 feedh na críche go Cairlinn
 teach gan adhbhar gola ón ghleó—
 dob amhgar cora an choinsgleó.</p> <p>30. Áth nDoire do díoghladh ann,
 maidhm na Ras rug ó chothram
 gleo naoidhe is teó 'ná <i>gach</i> troid
 gleo na hAoine 'gun Fhearsaid.</p> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
28. A thousand men were left there, I will not be listing their names—a flood-tide is not possible without an ebb-tide; let all witness its harm.
29. No one could find a house from the Finn to Carlingford which did not have reason to weep because of the battle—engaging the battle brought about hardship.
30. The ford of Derry was avenged there, it rebalanced the defeat of the Rosses; the Friday battle at Farsetmore was a new battle more intense than any fight.

31. Guin domhnaill. disirt da chrioch
doilghe é na *gach* eindíth
iomdha écht uainn na ionadh
san chreacht do chúaidh cútiughadh
31. Guin Domhnall Dísirt dá Chríoch,
doilghe é 'ná gach éindíoth;
iomdha éacht uainn 'na ionadh—
san chréacht do-chuaidh cútiughadh.
32. Ma fuairsiot clann *neartmhar* Néill
an táth orainn re himchéin
ni rugadh dháibh breith le bruid
fan tráigh isteach nach ttáinic
32. Má fuairsead clann *neartmhar* Néill
an t-áth orainn re himchéin,
ní rugadh dháibh breath le bruid
fan tráigh is-teach nach tánaig.
33. Tig dar ghabh do thuirsi an áir
Mac cuinn na ccéimeann neamhnáir
nar shir sé slána orthaibh
ger námhe e dalbonchaibh
33. Tig dar ghabh do thuirse an táir
mac Cuinn na gcéimeann neamhnáir
nar shir sé slána orthaibh,
gér námha é d'Albonchaibh.
31. The slaying of Domhnall of Desertcreat was more difficult than any loss; we slayed many in return for him; that wound was avenged.
32. Though the powerful family of Niall may have beaten us long ago, no victory under duress was won for them that did not come home to roost on the strand.
33. Such was the sadness Conn's son [Seaán] 'the Proud' suffered from the disgrace, he did not seek securities from the Scotsmen, despite being their enemy.

34. As i ar mbreith gibe ler thuit
 dhínn go ndleaghan a éiric
 guin an Righ ni ráinic linn
 sas thrínn tainic a thuitim
34. Is í ar mbreith gi-bé ler thuit
 dhínn go ndleaghan a éaraic;
 guin an ríogh ní ráinig linn
 's is thríonn táinig a thuitim.
35. Le siol cconnail maoidhfe me
 tugadh timchioll na feirsde
 fachain deanta na duaine
 éachta *ar* chathaibh craobhruaidhe
35. Le síol gConaill, maoidhfidh mé,
 tugadh timchioll na Feirsde—
 fachain déanta na duaine—
 éachta ar chathaibh Craobhruaidhe.
36. Cread nach díolfadh o domhnaill
 duan grésach do għlanfhogħluim
 nocha misde a luagh *gach* laoi
 duan na feirsdi da bfeagħthaoi
36. Créd nach díolfadh Ó Domhnaill
 duan għrēasach do għlanfhogħlaim,
 nocha meisde a luagh gach laoi,
 Duan na Feirsde dá bhfēagħthaoi?
34. It is our judgement that, regardless of who killed him, we are liable to pay his honour-price; though we did not kill the king, it was through us his downfall came.
35. I will boast that battalions of Craobhruadh were slaughtered around Farsetmore by the descendants of Conall—it is the reason for composing this poem.
36. If the Poem of Farsetmore were examined, why would Ó Domhnaill not pay for an artistic poem of pure learning, whose value does not depreciate each day?

37. Diolfaid curaith chlann tsuibhne

an duan *gan* cuid comhuirle

an duain as dóibh as moladh

cóir a luagh *gan* laghdughadh

38. Diolfaid siol mbaoighill balla

an duain *mar* dhéis dioghlama

ar an duain sáor na sloinnidh

don taobh thuaidh *acht* tearmonnaigh

39. Diolfaid dochartaigh an duain

curaith na cceimeann rochruaidh

siad o do saoradh sa treas

ni baoghal iad da haighneas

37. Díolfaid curaith chlann Suibhne

an duan gan chuid comhuirle,

an duan is dóibh is moladh,

cóir a luagh gan laghdughadh.

38. Díolfaid síol mBaoighill Balla

an duain mar dhéis dioghlama;

ar an duain saoir ná slonnaidh

don taoibh thuaidh *acht* tearmonnaigh.

39. Díolfaid Dochartaigh an duain,

curaith na gcéimeann rochruaidh,

siad ó do saoradh san treas

ní baoghal iad dá haighneas.

37. The warriors of the MacSweeney families will pay for the poem without need for counsel; a poem that is praising them should not diminish in value.

38. The O'Boyle family will pay for the poem as an ear of gleaning; let only protectors of the north be named in the noble poem.

39. The Doherty family will pay for the poem, the warriors of very difficult deeds, they are no danger to its testimony, since they were ennobled in the battle.

40. Siol gallchobhair na ngleo tte cuideochaid diol na duaine an meid dhiobh tárla sa <i>troid</i> gan tarbha a ngniomh ni ghabhoid	40. Síol Gallchobhair na ngleó dte, cuideóchaid díol na duaine an mhéid dhíobh tarla san troid; gan tarbha a ngníomh ní ghabhoid.
41. An duain do dhiol <i>dligidh</i> ruinn Somhairle mac Mheic domhnuill da mbeith sibh <i>gan</i> triall san <i>troid</i> o sin do bhiadh na bhraghuid	41. An duan do dhíol <i>dligidh</i> ruinn, Somhairle mac Mheic Domhnuill; dá mbeath sibh <i>gan</i> triall san <i>troid</i> ó shin do bhiadh 'na bhrághaid.
42. Diol na duaine as dearbhtha ag sgoil <i>dligidh connmhac an chalbaigh</i> do bhí i nglas fa cheó ccumhadh an gleó as ga fhuasgaladh	42. Díol na duaine is dearbhtha ag sgoil <i>dligidh Connmhac an Chalbhaigh</i> do bhí i nglas fa cheó gcumhadh an gleó as 'gá fhuasgaladh.

40. The Gallagher family of intense fighting will share in paying for the poem; a great amount of them were in the fight, their actions are not without benefit.
41. It is right for Somhairle, son of Mac Domhnaill, to pay us for the poem; he would be a prisoner since then if you had not gone in the fight.
42. It is right for Conn, son of An Calbhach, to pay for the poem attested by a [poetic] school; he was locked up under a mist of grief from which the battle freed him.

- | | |
|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>43. Dlighid gaoidhil et goill</p> <p>diol na duainesi ui dhomhnoill</p> <p>dóibh a ttarbha sa ttreisi</p> <p>do chóidh damhna a deimhnesi</p> | <p>43. Dlighid Gaoidhil agus Goill</p> <p>díol na duaine-se Uí Dhōmhnoill;</p> <p>dóibh i dtarbha 's i dtreise</p> <p>do-chóidh damhna a deimhne-se.</p> |
| <p>44. Duan oirdhearc an eich bhuidhe</p> <p>duan croibhdheirg ar ccruachuine</p> <p>duan na feirsde as togha trom</p> <p>ga meisde a cora i cconchloinn</p> | <p>44. Duan oirdhearc an Eich Bhuidhe,</p> <p>Duan Chroibhdheirg ar gCruachain-ne,</p> <p>Duan na Feirsde—is togha throim—</p> <p>gá meisde a cora i gconchloinn?</p> |
| <p>45. Acc sin duit a ui dhomhnaill</p> <p>duain <i>far féchadh</i> fírfhoghlaim</p> <p><i>bheara</i> i ndeóidh do dhola</p> <p>ag <i>deanamh</i> eoil <i>theangnamha</i></p> | <p>45. Ag sin duit, a Uí Dhōmhnaill,</p> <p>duain far féachadh fíorfhoghlaim,</p> <p>méaráidh i ndeóidh do dhola</p> <p>ag déanaimh eóil th'eangnamha.</p> |
43. It is right for both Gael and Gall to pay for this poem of Ó Domhnaill's; for them, the reason for its certainty (i.e. the battle) has benefited and strengthened them.
44. What harm is it to compare the Poem of Farsetmore—it is a strong choice—with the famous Poem of the Yellow Steed [and] the Poem of Redhand coming to Rathcroghan?
45. There you have it, Ó Domhnaill, a poem which exhibits true learning, it will remain after you are gone making your prowess known.

46. Cath Maistean go muightear libh
no go ccurthar cath Sligigh
no cath Saingeal bhus buan bladh
do dhuain ni daingean dúnadh
46. Cath Maisdean go muighthear libh,
nó go gcuirtear cath Sligigh,
nó cath Saingeal bhus buan bladh,
do dhuan ní daingean dúnadh.
47. A Sheabhuic eachtaigh finne
cóir dhuit deanamh oirchille
buaidh sealg ar sheabhcaibh banbha
beadhg fan ealtain allmharrdha
47. A sheabhaic éachtaigh Finne,
cóir dhuit déanamh oirchille
buaidh shealg ar sheabhcaibh Banbha;
beadhg fan ealtain allmhardha.
48. Druid a ccoinne cloinne táil
mithigh dhaoibh deanamh combáidh
o atá éire eadraibh féin
freagraidh a cheile coiscéim
48. Druid i gcoinne cloinne Táil,
mithigh dhaoibh déanamh comhbáidh,
ó a-tá Éire eadraibh féin—
freagraidh a chéile coiscéim.
46. Until you win the battle of Maisdin, or until the battle of Sligo is engaged, or the battle of Saingeal whose fame will be lasting, your poem is not securely closed.
47. O heroic hawk of the Finn, you should make preparations [for] hunting victories over the hawks of Ireland; set out against the foreign flock.
48. Move to meet the families of Tál, it is time to make an alliance, since Ireland is between you—one step answers the other.

49. Clú déirinn do theacht tar tuinn

a inghean Mheic mheic domhnuill
do ardaigh tú le treimsi
clú d'Albain san éirinnse

50. Aoibheal beó einigh Alban

bean ris nach cóir comhardadh
ni fhuil fa dhúais urra as feárr
dfuil cholla uais an Aoíbheall

51. Arís daithcheangal ar roinn

bean duaislibh aicme domhnoill
slat reidh nach anbfann alladh
dar ndaghrann fein fuaramar

49. Clú d'Éirinn do theacht tar tuinn,

a inghean mheic Mheic Dhomhnuill;
do ardaigh tú re treimhse
clú d'Albain san Éireinn-se.

50. Aoibheal bheó einigh Alban,

bean ris nach cóir comhardadh—
ní fhuil fa dhuais orra is fhearr—
d'fhuil Cholla Uais an aoibheall.

51. Ar-ís d'aithcheangal ar roinn,

bean d'uaislibh aicme Domhnoill,
slat réidh nach anbfann alladh,
dar ndaghrann féin fuaramar.

49. Your coming across the sea brings fame to Ireland, o daughter of the son of Mac Domhnaill; in recent times you have heightened the fame of Scotland in Ireland.

50. The living ember of Scotland's honour, a woman with whom no one can compare; the ember is from the bloodline of Colla Uais—there is no better leader for giving prizes.

51. Once again to conclude my verse, for my own good verse, I have a steady scion of no petty fame, a woman of the nobles of Domhnall's family.

52. Bés as fearr gun inghin duibh

toghthar *bean* ar a béasaibh

ni háil di a crádh do choimhdhe

don bhladh as í as énoighre

52. Béas is fhearr 'gun Inghin Duibh—

toghthar bean ar a béasaibh—

ní háil dí a cradh do choimhdhe;

don bhladh is í is éanoighre.

52. The Inghean Dubh has the best manner—a wife is chosen based on her manners—it is not her will to hoard wealth; she is the only heir to fame.

NÓTAÍ

1d. Ba litriúla ‘it is a poem around which diligence is proven’ mar aistriúchán ar an líne seo, agus is léir go bhfuil an file ag tagairt don obair a bhaineann le cumadh an dáin féin.

Tá sampla eile de *far dearbhadh díograis* i línte 13ab den dán *Dlighidh liaigh leigheas a charad: Teacht an mheicsin ní mairg tárraidh / toisg far dearbhadh díoghrais bháidh* ‘lucky are those who have experienced the visit of that son (of God), a visit **proving the excess** of His love’ (McKenna 1949, 184, 187).

2b. Tá an comhfocal *crainnréidh* (*DIL* s.v. *crann* (c) ‘spear’; *DIL* s.v. *réid* (a) ‘smooth’) aistrithe agam mar ‘smooth-spearred’.

2c. Tugtar faoi deara go bhfuil dhá fhoirm den ainmfocal céanna in úsáid sa dán seo; *fearsad* (*IGT* ii §54) agus *feartas* (*IGT* ii §12). Ní úsáidtear an focal seo sa dán ach amháin mar pháirt den logainm, agus aistrím é mar ‘Farsetmore’ síos tríd.

2d. Tá an comhfocal *gealtais* (*DIL* s.v. 1 *gel* ‘fair’; agus *DIL* s.v. 1 *tais* (c) ‘gentle’) ina aidiacht shubstainteach anseo, agus tá sé aistrithe agam mar ‘the fair gentle one’. Tá sampla eile den chomhfocal seo in *AiD* 34.17ab: *Nír cháineas, a chruth gealtais / clú th'oinigh ná th'oirdhearcais* ‘I found no fault, **O fair gentle form**, with thy name for generosity and glory’.

3b. Is seanlogainm é Ard an Gháire (Ardingary) nach n-úsáidtear móránanois. Is ionann an áit seo agus An Caiseal Bán (Castlebane), an logainm a thugtar ar an áit seo sa lá atá inniu ann, ar an taobh thuaidh de Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall.

4bc. Foirm chéasta den bhriathar *saoilidh* san aimsir láithreach is ea *saoiltEAR*. Tá sé aistrithe agam mar ‘they think’ in áit an aistriúcháin ní ba litriúla ‘one thinks’/ ‘it is thought’, ag léiriú gurb é Seaán Ó Néill agus a arm gníomhaí an bhriathair.

4c. Tá *dóigh dhínn do dhéanaimh* aistrithe agam mar ‘to make an easy target of us’.

Déanaim plé gairid ar *dóigh* leis an mbriathar *do-ní* agus an réamhfhocail *de* i nóta ar líne 9c i nDán 3 (féach lch 97).

4d. Tá an comhfhocail *baoithsgéalaibh* (*DIL* s.v. 1 *báeth* I (a) ‘foolish’; agus *DIL* s.v. *scél* I ‘story’) aistrithe agam mar ‘foolish stories’.

5b. Tá *do bheith* na LSe athraithe agam go leagan cuí an 3 uatha foshuiteach caite (*do bheath*; féach *IGT* iii §7, agus McManus 1994, 416).

6a. Tá deacracht ó thaobh na meadaracha de agus ó thaobh brí de i leagan na LSe den líne seo. Tá siolla sa bhreis sa líne, agus níl uaim inti. Chomh maith leis sin, de réir *AFM*, níorbh é Seaán Ó Néill a chuir marcshlua amach ach Aodh Ó Domhnaill: ‘Ar na airiucchadh sin d’Ua Domhnaill ro chuir a brodlom *beacc slóicch* i n-inneall, ⁊ i n-orducchadh fó chédóir, ⁊ ro la diorma marcslóicch im mac Uí Dhomhnaill .i. Aedh mac Aedha do dheabhaidh fri tosach an tslóigh...’ *When O'Donnell perceived this, he instantly drew up his little army in order and array, and dispatched a troop of cavalry, under the command of the son of O'Donnell (Hugh, the son of Hugh), to engage the van of the enemy...*

Tá *Do chuir Sean* na LSe athraithe agam go *Do chuir-sean* (a thagraíonn d’Ó Domhnaill) a réitíonn na deacrachtáí sa mheadaracht agus sa bhrí. Ní deacair a shamhlú go dtuigfeadh scríobhaí *sean* ina eiseamláir mar an t-ainm agus go bhforcheartódh sé go *Sean* é. Seo an t-aon tuiscint a ritheann liom a thagann le brí an rainn ina ionnlán.

6cd. Tá dhá urlann sa leathrann seo: *tug dúinn anáil ór n-uamhan / níorbh fharáil an t-ionnuadaradh*. Tá tuilleadh plé in McManus 2017, 61–81.

6d. Tá *furáil* na LSe athraithe agam go *faráil* san eagrán chun comhardadh inmheánach a chur ar fáil (*anáil : faráil*); glactar leis an dá fhoirm in *IGT* ii §149.

7b. Tá *Conallaigh* na LSe athraithe agam go *Conailligh* san eagrán chun comhardadh deiridh a chur ar fáil (*ndaingin* : *Conailligh*); glactar leis an dá fhoirm in *IGT* ii §17.

7d. Tá diúltach dúbailte sa líne seo (*dhóibh níorbh eachtra gan oilbhéim*, go litriúil ‘it was not a venture without humiliation for them’) nach bhfuil léirithe agam san aistriúchán.

8c. Níl teacht agam ar an scéal a bhfuil an file ag tagairt dó sa líne seo. Ní chuirfeadh sé ionadh orm dá mbeadh *bród* in áit *bróg* in eiseamláir níos luaithe, agus manach sotalach i gceist seachas manach le bróg mhór. Thiocfadh sé sin leis an leasainm ‘Seaán an Díomais’ ar Sheaán Ó Néill (féach, mar shampla, Ó Donnchadha 1931, 54). Féach go dtugtar *mac Cuinn na gcéimeann neamhnáir* air i líne 33c freisin.

8d. Tá *sa* na LSe athraithe agam go ’s *an*. Tá sé tugtha faoi deara ag McManus (2019, 162–7) go gcailleann an t-alt (*an*) an -*n* go minic tar éis an chónaisc *is* (*agus*) i LSÍ, agus déanann sé plé air ansin le samplaí eile ó LSÍ éagsúla.

9d. Tá *cóir* aistrithe agam mar ‘fitting’ sa chás seo, in áit an aistriúcháin níos litriúla ‘right’/‘just’, mar gheall ar an gcomhthéacs (féach *DIL* s.v. *cóir* 2).

10b. Tá foirm an 1 uatha den bhriathar (*cruinnigheas*) ag an scríobhaí sa líne seo in áit an 3 uatha (*cruinnighis*) atá ag teastáil de réir an chomhthéacs. Is earráid í seo a bhíonn ag an scríobhaí áirithe seo go minic. Tugaim samplaí eile agus déanaim plé gairid air seo sa nóta ar líne 9ab de Dhán 1 (féach lch 81).

11b. Tá an file ag tagairt anseo don óráid a thug Aodh Ó Domhnaill díreach roimh an gcath (féach lch 108 thusa). Tá sampla eile de *cruas comhairle* in *AiD* 3.19cd: *léigthear suas beoil na bruighne / fa dheoigh re chruas comhuirle* ‘then at his **brave command** the portcullis of the castle is raised.’

12b. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an phorainm shealbhaigh *a*, a thagraíonn don ainmfhocal firinscneach *tionól* (*IGT* ii §35) sa líne chéanna.

14b. Mar a mholtar in *ABM*, nóta 274, tá *táid* na LSe athraithe agam go *tiad* san eagrán.

14d. Tagraíonn *damh díleann* do Mhaol Muire Mac Suibhne, agus is téarma molta é atá le feiceáil i roinnt dáonta eile. Féach, mar shampla, *DiD* 112.11cd: *an cú glan seamfhaobhrach seang / ór ghearrshaoghlach damh díleann*. Féach freisin go bhfuil sampla de in *DIL* s.v. 1 *dam* I, leis an aistriúchán ‘a fabulous ox of antiquity’.

16c. Tá *toirrdhealbaigh* na LSe athraithe agam go *Toirdhiolbhaigh* (: *n-iorghail*) de réir an pholasaí eagarthóireachta i dtaoibh siollaí meánacha.

16c. Tá *tonn* á úsáid go meafarach anseo (féach *DIL* s.v. 1 *tonn* (c)), ag tagairt don ionsaí ar airm Sheaáin Uí Néill. Tagann sé seo leis an íomháineachas i línte 20cd: *mar sgoith buinne ag béim re haill / mar léim tuinne tar tórainn* ‘like a strong gush of water striking against a cliff, like the leap of a wave over a boundary.’

16d. Tá an focal *fuileach* débhríoch, agus d’fhéadfaí é a aistriú mar ‘noble’ (.i. ‘of noble blood’) (*DIL* s.v. *fuilech* (d)), nó mar ‘bloody’. Cé go bhfuil an t-ainmfhocal *drong* firinscneach sa tSean-Ghaeilge (*DIL* s.v. *drong*), tá sé baininscneach sa teanga chlasaiceach, de bharr comhshamhlaithe leis an ainmfhocal *dream* (*DIL* s.v. *drem(m)*) is cosúil. Tá séimhiú ar a lorg anseo deimhnithe ag uaim (º*fuileach* ó º*Fhánoid*).

17a. De réir na rialacha maidir le bá gutaí atá mínithe ag Ní Dhomhnaill (1975, 32–3), is iarméarla é *Í* nuair is páirt de shloinne é, cé is moite d’fhoirm an tuisil ghairmigh. Dá réir sin, tá an siolla seo báite agus fágtar siolla ar iarraigdh sa líne. Ní ritheann aon réiteach liom. Tá sampla in *DiD* 121.35ab de *Í* a bheith báite agus líon ceart siollaí ann: *Mac éachtach Aodha Í Dhomhnaill / Ua Séamuis, tuir treasfhorlainn*.

17d. Tá an líne seo aistrithe agam mar ‘the wondrous, well-equipped hero’ (*DIL* s.vv. *stúag* II (b), *amrae* I, agus *indlid* (b)), ach d’fhéadfaí an focal *innealta* a aistriú mar ‘gracious’ chomh maith (féach *DIL* s.v. *innelda*).

18a. Tá *O baoighill* na LS athraithe agam go *Uí Bhaoighill* ar mhaith le ciall an rainn. Déanann an file tagairt do mhuintir Uí Bhaoighill mar *a bhráithre féin*, agus is díol suime é gur ar an gcaoi chéanna a dhéanann Cú Choigcríche Ó Cléirigh tagairt dóibh i nDán 1.45b chomh maith: *Baoigheallaigh, bráithre an airdríogh* (féach lch 54). Seans gurb iad na Baoigheallaigh atá i gceist arís in *TD* 4.44: *Atáid leis bhós druim ar dhruim / a bhráithre féin, fuil Chonuill, nách é a rún éantroigh ar ais, na réaltoin ó Dhún Durlais* ‘With him moreover, one after another, are his own kinsmen of the race of Conall, who have no mind to retreat one step, champions from the castle of *Durlas*.’ Deir Knott sa nóta a bhaineann leis an rann seo gur dócha go bhfuil *Dún Durlais* i nDún na nGall.

19b. D’fhéadfaí *i dtús ghliadh* a léamh mar ‘in the beginning of the battle’ nó ‘at the van of the battle’. Tá sé aistrithe agam mar ‘in the beginning’ de bharr a tagartha don mharcshlua i rann 6b a chuaigh i gcoinne na n-ionróirí i dtús an chatha.

Maidir le hurú ar lorg *go n-* + ainmfhocal in *go gclú gcéimeann* (atá coinnithe mar sin agam san eagrán), féach ‘in Bardic poetry an epithet after a noun governed by *go n-* constantly has its initial eclipsed’ (*Magauran* nóta 1010).

19c. Ba litriúla an t-aistriúchán ‘it is right to refuse’ ar *cóir obadh*.

20b. De réir *BST* 194.6–7, ní ghlactar le *chuctha* mar fhoirm 3 iolra, agus tá sé seo athraithe agam go *chuca* san eagrán.

20b. De réir *DIL* s.v. *airlicud*, is é ‘lending’ / ‘loaning’ is brí le *airleagadh* (*airleagaidh* sa ghinideach uatha), agus tá sé aistrithe agam mar ‘[repayment of] debt’. Tagann sé seo leis an trácht ar dhíoltas agus ar chuíteamh i rann 31: *Guin Domhnaill Dísirt dá Chríoch*

/ doilghe é 'ná gach éindíoth / iomdha éacht uainn 'na ionadh / ***san chréacht do-chuaidh***
cúitiughadh.

21b. Tugtar faoi deara go bhfuil píosa fágtha ar lár san aistriúchán Béarla in *AFM* 1567 (lch 1611): ‘...lá hUa Néill (Seaan mac Cuinn, **mic Cuinn**, mic Enri, mic Eocchain)’ *O'Neill (John, son of Con, who was son of Henry, who was son of Owen)*.

Tá an earráid chéanna ag McKenna sa chraobh ghinealaigh a thugann sé do mhuintir Uí Néill in *AiD*, 300, áit a ndeir sé gur garmhac le hÉinrí Óg é Seaán Ó Néill, seachas garmhac le Conn Mór.

21cd. Tá comhardadh inmheánach ar iarraidh idir *bhroide* agus *aige* i leagan na LSe. Foirm eile den ainmfhocal *broid* (*IGT* ii §14) is ea *brad* (*IGT* ii §38), a dtéann a ghinideach uatha le *aga*, foirm inghlactha eile den fhorainm réamhfhoclach *aige* de réir *BST* 193.35.

23a. Is é *aghadh* an t-ainmneach uatha a thugtar in *IGT* ii §4, agus gach seans gurb é sin a bhí ag an bhfile anseo. Ní féidir a bheith cinnte de, áfach, nach ón bhfile a tháinig an t-ainmneach *aghaidh*, ó tá an t-ainmneach sin le fáil i ndánta ó thús ré an dána dhírigh (féach Mac Cárthaigh 2015, 64), agus tá *aghaidh* coinnithe agam san eagráin.

23a. Maidir le *nghlais nghairgmhir* sa leagan dioplómaitiúil, is cosúil gur scríobh an scríobhaí *ghlais ghairmhír* ar dtús agus nuair a thug sé a bhotún faoi deara, gur chuir sé urú roimh an dá thúslitir, chomh maith le -g- isteach i lár an dara focal, ach gur fhág sé an dá phonc shéimhithe os cionn na dtúslitreacha gan scriosadh.

24c. Ní bháitear an t-iarméarla *ón* tar éis *téarnó* agus dhá ghuta fhada ag teacht le cheile (Ní Dhomhnaill 1975, 32).

24cd. Tá téarna athraithe agam go téarnó (*IGT* iii §11) a théann le foirm cheart an tabharthaigh den ainmfhocal éanlá (.i. éanló; *IGT* ii §82), agus cuireann sé seo cuibheas inmheánach ar fáil sa leathrann (*téarnó* : éanló).

25b. Tá ua aiceanta sa líne seo, ag glacadh páirte san uaim (^oÉinrí ^oua), agus níl sé báite ar lorg Éinrí.

Déantar tagairt do bhás Bhriain mhic Éinrí agus a dheardár in *AFM* chomh maith, ach ní thugtar ainm an dearthár seo sa dán féin ná in *AFM* 1567: ‘Báttar iad ba haireaghdha dibsidhe Brian mac Enri mic Seaain I Neill co na dearbrathair’ *the most distinguished of whom were: Brian, the son of Henry, son of John O'Neill, and his brother.*

25d. Is mar ‘flower-abundant’ atá an comhfhocal *dlúthsgathach* aistrithe agam (féach *DIL* s.vv. 1 *dlúth*, *dlúith* ‘close, compact’, agus 1 *sgothach* (a), ‘flowery’).

26b. Glacaim leis gur earráid scríobhaí é *mhuinntir* a bheith sa LS in áit *mhuinntear*. Tá an earráid chéanna sa chéad rann eile (27b) agus tá sé ceartaithe agam ar an gcaoi chéanna. Seans go dtagann an earráid seo ó scaoileadh an ghiorrúcháin *-ear/-ir* sa phróiseas cóipeála (féach freisin nóta ar Dhán 1.9ab).

Tá an focal *Mhac* aiceanta nuair is cuid de theideal taoisigh é (féach Ní Dhomhnaill 1975, 11), agus tá sé ag glacadh páirte in uaim anseo le *mhuinntear*.

27a. Maidir le *muinntir* a bheith sa LS in áit *muinntear*, féach an nóta ar líne 26b thusas.

27ad. Tá *a lógh áir* aistrithe agam mar ‘the slaughter they deserved’ ach ba litriúla ‘their battle price’.

28c. Leagan is ea *níor féadadh tuile gan tráigh de Níl tuile ná trághann*, seanfhocal 104 in O’Rahilly 1922, 29.

28d. Glactar leis an dá leagan den fhocal *féaghadh / féagadh* (*IGT* iii §93), agus is é *féagadh* atá ag teastáil anseo do chuibheas inmheánach an leathrainn (*féadadh : féagadh*).

29d. Tá *aghmhar* (.i. *ághmhar* (?), ‘warlike’; *DIL* s.v. *ágmar* (a)) na LSe athraithe agam go *amhghar* san eagrán (‘distressful’; *DIL* s.v. *amgar*). Cuireann sé seo cuibheas inmheánach ar fáil sa leathrann (*adhbhar : amhghar*) agus tagann sé níos fearr le ciall an rainn.

30a. Is deacair a bheith cinnte céard a bhí i gceist ag an scríobhaí sa chéad dá fhocal den rann seo. Aontaím le heagarthóirí *ABM* (féach *ABM* nota 274) gur botún seachadta é tilde ingearach (‘vertical tilde’, ‘) a bheith anseo in áit marc séimhithe, agus is é *Áth nDoire* a chuirim ar fáil san eagrán.

30d. Maíonn an file anseo gur tharla an cath ar an Aoine, ach de réir sheanfhéilire Iúil, a bhí in úsáid ag an am sin, Déardaoin ab ea 8 Bealtaine 1567. Is cinnte nár cumadh an dán seo go dtí seachtainí, nó míonna fiú, tar éis an chatha, agus seans go raibh dul amú ar an bhfile faoin lá nó faoin dáta. Ní fheadar an féidir le brí eile a bheith i gceist le “Aoine” sa chomhthéacs seo, agus go mb’fhéidir gur léiriú ar thromchúis an chatha atá i gceist. Féach freisin an dán *Beag nár bháith Aodh oidhidh Chuinn* (McManus 2000, 80), rann 20: *Dia hAoine torchair tuir Chál/folchaidh a ghuin guin na naomh/a dhaoine, acht guin Ríogh na ríogh / ní fhuil gníomh Aoine mar Aodh.* ‘The prince of Cál died on a Friday; his death surpasses the martyrdom of the saints. Apart from the death of the King of kings there is, O people, no Friday-deed like [the killing of] Aodh.’

32c. Tá *breith* na LSe athraithe agam *breath* chun comhardadh inmheánach a chur ar fáil (: *is-teach*).

33a. Tá uaim ar iarraidh i leagan na LSe sa líne seo, agus tá *áir* na LSe athraithe agam go *táir* (‘*thuirse an táir*’).

34d. De réir *BST* 194.24–5, ní ghlactar ach le *trínn*, *tromhuinn*, *treamhuinn* mar fhoirmeacha den 1 iolra den fhórainm réamhfhoclaach. Faightear samplaí, áfach, de *tríonn* sa chorpas. Féach, mar shampla: *Dán Dé* 10.9: *Déanadh Muire máthair Íosa / aighneas liom an lá bhus díor / do bhí mar budh caor i gceardcha / Rí na naomh i dteannta tríonn*; agus *AiD* 61.19cd: *gé thochair thríonn / dorchaidh a síon a [soillsighir]*. Coinním an fhoirm *thríonn* san eagráin.

35ab. Tá an cuibheas deiridh idir na línte seo (*mé* : *Feirsde*) ceadaithe sa teanga chlasaiceach (féach Hoyne 2016, 186–200).

35d. Ba é Craobhruadh áit chónaithe Chonchobhair in Eamhain Mhacha (féach Léarscáil 2).

38a. Is cosúil gur cuid d'ainm an teaghlaigh í an mhír *Balla*, nó d'ainm a gceantar cónaithe. Níl teacht agam ar shampla eile di ach amháin sa dán *As truagh cor chríche Banbha*, 18ab: *Teasdáil airsídh fhóid Bhalla / do mhúch ré agus réllanna* ‘The death of the veteran of the **land of Balla** has extinguished the moon and the stars’ (Mac Cárthaigh 2017, 120–121).

38b. Tá *mar dhéis dioghlama* aistrithe agam mar ‘as an ear of gleaning’ (.i. cuid den saibhreas a bhain siad ón gcath a thabhairt chun íoc as an dán) ag tarraingt ar aistriúcháin eile air seo. Féach, mar shampla, *Ar sliocht trír a-táid Gaoidhil*, 32d, áit a bhfuil *dá dhéis dioghlama* aistrithe mar ‘two selected ears of corn’ (Ó Concheanainn 1984, 80). Féach freisin *Ionmhain an triúr théid san luing*, 14b: *trí gráinne i ndéis dioghlama* atá aistrithe mar ‘three grains in an ear of gleaning’ (Ó Cuív 1971, 194, 196).

38c. An modh ordaitheach, 2 iolra, den bhriathar *slonnaamhui* (*IGT* iii §72) atá i gceist le *slonnaidh* sa líne seo. Ba litriúla ‘name only protectors of the north’ mar aistriúchán ar *ná slonnaidh [...] acht tearmonnaigh*.

41b. De réir na rialacha atá mínithe ag Ní Dhomhnaill (1975, 10–11), tá *mac* agus *Mheic* ina n-aiceantaigh anseo agus ag glacadh páirte in uaim.

41c. Tagraíonn *sibh* do na teaghlaigh éagsúla a luann an file idir rann 37 agus rann 40.

45c. Mar a mholtar in *ABM* (nóta 274), tá *bheara* na LSe athraithe agam go *méaraidh* san eagrán, rud a chuireann cuibheas inmheánach ar fáil (*méaraidh* : *déanaimh*).

47a. Ní le foirm an ghairmigh ach le foirm an ainmnigh a bheifí ag súil anseo agus *seabhadh* á úsáid go meafarach (féach McManus 1994, 369). D’fhágfadh an t-ainmneach (.i. *A sheabhadh éachtach Finne*) an líne gan uaim, áfach, agus coinním leagan na LSe san eagrán.

50. Glactar leis an dá litriú *aoibheal* (50a) agus *aoibheall* (50d) in *IGT* §54.

DÁN 6

An file

Eochaíd (mac Mhaileachlainn Óig) Ó hEódhasa (†1612) a chum an dán seo d'Aodh Ruadh Ó Domhnaill thart ar 1592, an bhliain a ndearnadh tiarna d'Aodh. Cé gur chum Ó hEódhasa an dán seo do dhuine d'uaisle Thír Chonaill, chaith sé an chuid is mó dá shaol faoi phátrúnacht Mhéig Uidhir Fhear Manach, agus tá ar a laghad 59 dán leagtha air a mhair go dtí an lá inniu (Breatnach agus Ní Mhurchú 2020). I gcomparáid le roinnt mhaith de na filí ón tréimhse chlasaiceach, tá cuid mhaith ar eolas againn faoi shaol agus faoi shaothar Uí Eódhasa, agus tugann Breatnach (1993, 59–66) cuntas ar a bheatha agus liosta d'fhoinsí eile. Pléann Carney (1967) an caidreamh idir Mág Uidhir Fhear Manach agus Eochaíd Ó hEódhasa mar eiseamláir den chaidreamh a bheadh idir file agus pátrún sa tréimhse seo.

An pátrún

Thug Aodh (mac Mhaghnais) Ó Domhnaill, a raibh aois mhór aige faoin am seo, ceannasaíocht ar Thír Chonaill go hofigiúil dá mhac Aodh Ruadh Ó Domhnaill (1572–1602) ar an 3 Bealtaine, 1592. Ní raibh sé ach naoi mbliana déag d'aois ag an am, agus tar éis cúig bliana a chaitheamh i bpriosún i mBaile Átha Cliath, ach d'éirigh leis éalú i mí Eanáir 1592 le cabhair ó Art agus Éinrí Ó Néill. Aodh Ruadh agus Aodh Ó Néill, Iarla Thír Eóghain, a bhí ina bpriomhcheannairí ar Ghaeil Uladh i gCogadh na Naoi mbliana (1594–1602).

Comhthéacs agus ábhar an dáin

Cumadh an dán seo, de réir dealraimh, am éigin idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 1592. Bhí Aodh mac Mhaghnais (pátrún Dhán 5) ag dul in aois agus is ag géarú a bhí an iomaíocht idir na daoine a bhí ag iarraidh teacht i gcomharbacht air. An duine ba mhó a

bhí in iomaíocht le hAodh Ruadh i gcomhair ceannasaíochta, is dócha, ná Niall Garbh (mac Cuinn mhic an Chalbhaigh) Ó Domhnaill (†1626), a chol cúigir agus a dheardáir céile. Nuair a tháinig Aodh Ruadh ar ais ó Bhaile Átha Cliath in earrach na bliana 1592, ní bhfuair sé tacaíocht iomlán ó theaghlaigh uaisle Thír Chonaill:

Báttar dronga dearmhara do chenel cConaill ná tánaicc isin ccomhdhail sin. Ro ba dibhsidhe Aodh mac Aodha Duibh mic Aodha Ruaidh Í Dhomhnaill, 7 sliocht an Chalbhaigh mic Maghnusa mic Aodha Duibh, Ua Dochartaigh Seaan ócc [...] toíseach triochait chétt Innsi hEocchain, 7 drong do cloinn tSuibhne [...] 7 as iad rohtar toisigh iomgona don Calbhach Ua Domhnaill, 7 dia shiol ina deadhaigh. Báttar bheós drong mhór don mhuintir Ghallchubhair gan theacht ann sin tria mhioscais 7 tria mhíorún amhail an lucht naile. (AFM, 1592)

There were many parties of the Kinel-Connel who did not come to this assembly. Of these was Hugh, the son of Hugh Duv, son of Hugh Roe O'Donnell; and the descendants of Calvagh, the son of Manus, son of Hugh Duv; O'Doherty; John Oge, [...] Chieftain of the Tricha-ched of Inishowen; and a party of the Clann-Sweeny [...] and who had been leaders in the battle to Calvagh O'Donnell, and his descendants after him. There was also a great number of the O'Gallaghers who did not come hither, through spite and malice, like the others. (AFM, 1592)

Bhí tacaíocht a mháthar aige, áfach, an Inghean Dubh (.i. Fionnghuala iníon Mhic Dhomhnaill, féach Ich 111 thusa), a raibh tionchar agus cumhacht mhór aici i dTír Chonaill ag an am seo. Is léir dúinn an tionchar a bhí aici, agus an tacaíocht a thug sí dá mac, Aodh Ruadh, ón gcaoi ar chruinnigh sí slua chun dul i gcoinne Dhomhnaill mhic Aodha Uí Dhomhnaill, a rinne iarracht ceannasaíocht Thír Chonaill a ghabháil óna athair sa bhliain 1590, agus a maraíodh san iarracht:

Mac Uí Domhnaill .i. Domhnaill [...] do bheith ag dol ar béalaibh a athar [...] Bá saoth mór 7 bá galar meanman lá hingin tSemais Mhic Domhnaill, Domhnall do bheith for an abairt sin ar omhan lé a rochtain i cceandus Cenel cConaill ar

bélaibh a meic Aodh Ruadh [...] ro tionóileadh lé a mbaóí fomhámaighthe dia fior do Chenél cConaill...

...mac Uí Domhnaill fodhéin co ná baí cumhang *eangnamh* nó ursclaidhi do dhénamh co ro marbhadh...
(AFM 1590)

The son of O'Donnell, i.e. Donnell [...] attempted to depose his father [...] It was [a cause of] great anguish and sickness of mind to Ineenduv, the daughter of James Mac Donnell, that Donnell should make such an attempt, lest he might attain the chieftainship of Tirconnell in preference of her son, Hugh Roe [...] and she, therefore, assembled all of the Kinel-Connell who were obedient to her husband...

...the son of O'Donnell himself, who was unable to display prowess or defend himself, was slain...
(AFM 1590)

Is sa chomhthéacs coimhlinte agus comharbais seo a cumadh ár ndán, agus léiríonn an dán tacaíocht d'Aodh Ruadh.

Ag túis ár ndáin, rainn 1–13, cruthaíonn an file íomhá dhearóil de cheannasaíocht na hÉireann, ag cáineadh na ríthe a tháinig roimhe sin agus ag maíomh gur easpa ceannasaíocht cheart is cúis le cruatan na tíre. Leagann sé béim ar chomh deacair is atá sé ord agus síocháin a choinneáil sa tír, á rá nach mbeadh aon duine ag iarraidh ceannasaíocht na hÉireann a bhaint amach toisc nach mbeadh i ndán don té sin ach cogáiocht agus cruatan.

Is i rann 14 atá an chéad tagairt dár bpátrún. Deir an file gur chóir d'Aodh Ruadh smaoineamh go cúramach sula ndéanann sé aon iarracht ceannasaíocht na tíre a ghabháil dó féin, cé go bhfuil sé i dteideal a bheith ina ardrí. Léirítéar dúinn i rann 18 an staid neamhchinnteachta ina bhfuil Aodh Ruadh ag an bpointe sin, agus tugann an file rabhadh dó agus é i dtús a réime faoin mbaol atá i gceist le ceannasaíocht a ghabháil. Tugann an

file trí íomhá dúinn ansin: an crann is airde (rann 19), an túr is airde (rann 20), agus an sliabh is airde (rann 21) ag rá gurb é an ceann is airde a thiteann ar dtús. Is macalla é seo ar an teachtaireacht i rann 18; bíonn an t-anró is measa agus an dúshlán is mó ag an té atá i gceannas.

Meabhraítar don phátrún, áfach, go bhfuil dualgas oidhreachtúil air agus nár chóir dó faillí a dhéanamh sa dualgas sin de bharr na ndeacrachtaí a bhaineann leis an thír a rialú. De réir an fhile, tá muintir na hÉireann ag guí le chéile go dtiocfaidh rí i gceannas a chuirfidh deireadh lena bhfulaingt.

I rainn 31–39, tá apalóg ón scéal *Togail Bruidne Dá Derga* ina gcuireann an file Aodh Ruadh i gcomparáid le Conaire Mór, ardrí na hÉireann, a bhí ar an saol san aonú haois RCh de réir *AFM*. Is cosúil gur i measc na n-argóintí ba láidre a bhí i gcoinne Aodha Ruaidh agus a éileamh ar an gceannasaíocht ná chomh hób is a bhí sé. Bhí sé naoi mbliana déag d'aois ag an am seo. Chun dul i ngleic leis an argóint seo, tagraíonn an file don chuid den scéal ina ndeir uaisle na hÉireann go bhfuil Conaire ró-óg le bheith ina ardrí, agus ina bhfreagraíonn Conaire iad:

As-bertatar aes na Temrach fris: “Atar lind is coll ro coillead ar tarbfeis & ar n-ór fírindi inad gilla óc amulchach tarfás dúnn and.”

“Ní métí an nísin,” ol seiseam. “Ní h-ainim rí óc eslobar. Ní mise didiu eíside.

Is cert n-athar & seanathar damsá fonaíd n-gíall Temrach.”

“Amrae n-amrae’, ol in slúag. Saigid rígi n-Érenn imbi.

(Knott 1936, línte 159–66)

The folk of Tara said to him: “It seems to us that our bullfeast and our spell of truth are a failure, if it be only a young, beardless lad that we have visioned therein.”

“That is of no moment,” quoth he. “For a young, generous king like me to be in the kingship is no disgrace, since the binding of Tara's pledges is mine by

right of father and grandsire.”

“Excellent! excellent!” says the host. They set the kingship of Erin upon him.

(Stokes 1902)

Deir an file nach mbeadh uaisle eile na hÉireann ag dul ina choinne dá mbainfeadh sé ardríocht amach, rud atá éagsúil le Conaire Mór (rann 40), agus nach mbeadh streachailt ná cogadh i ndán dó (rann 44). Tá éileamh oidhreachtúil aige agus é síolraithe ó Niall Naoighiallach (rann 46), agus fiú mura mbeadh sé sin aige, bheadh an ríocht tuillte aige mar gheall ar a thréithe pearsanta agus i bhfianaise na ngníomhartha atá déanta aige (rann 48).

I dtreo dhereadh an dáin (rainn 49–57), tugtar íomhána idéalachá dúinn d’Éirinn faoi cheannasaíocht Aodha Ruaidh: tá deireadh tagtha leis an gcogaíocht (rann 50) agus leis an gcoiriúlacht (rann 51) ar fud na tíre, tá muintir na tíre rathúil meanmnach (rann 53), agus léiríonn suaimhneas sa dúlra síocháin sa tír (rainn 56–7) (féach freisin McManus 2006, 61–117).

Tagann deireadh leis an dán le rann iargcomhairc d’Aodh (mac Cú Connacht) Mhág Uidhir (†1600), tiarna Fhear Manach ag an am. Bhí Ó hEódhasa mar ollamh ag Aodh Mág Uidhir nuair a chum sé an dán seo. Bhí conradh déanta eatartha go gcuirfeadh Ó hEódhasa rann amháin d’Aodh le gach dán a chumfad sé. Léirítear cad é mar a snaidhmeadh an conradh sin an chéaduair sa dán *Connradh do cheanglas re hAodh* (féach Breatnach 1993, 59–66).

Meadaracht

Deibhí, dán díreach, meadaracht an dáin seo agus tagann leaganacha na LSÍ leis na rialacha don mheadaracht sin den chuid is mó.

Tá rím bhreise (comhardadh slán) i línte 13cd agus i línte 51cd, agus is féidir í seo a thuiscent mar shampla den ghléas ornáideach *breacadh*:

13: *A-tá ón ló-soin a-le—*
fáth baoghail go mbia choidhche—
fuil san fhuil, coir san chionaidh,
guin san ghoin ag Gaoidhealaibh.

51: *Gan éimhalheadh, gan fhaire cruidh,*
ó Shruíibh Bhroin go Beinn Éadair,
gan fhearr bhfoghla ar feadh bhfeadha,
gan chomhla ar theagh dtaisgeadha.

Tá dhá shampla den locht meadarachta *cáoiche* sa dán seo (focal ag déanamh cuibhis leis féin: féach *ABP* §2 (líne 69)):

28: *Ó Domhnaill, ní diongna dhó,*
a bhfuighbhe impe d'annró;
ceart na lachan ar an lionn
a cheart ar achadh Éirionn.

53: *Grís i n-aighthibh ó ól fhleadh,*
gruadha donna ag dáil mhaoineadh,
is é a bhfuil don adhnadh ann,
nó guil ag adhnadh abhann.

Tá dúnadh cuí againn ag deireadh rann 57:

13a: *Díol fuatha flaitheas Éireann*

57d: *dar ngort Chuinn-ne is córai-di.*

Teanga

Athruithe tosaigh ar lorg ainmfhocal:

Tá séimhiú curtha le leagan LS A **ar lorg ainmneach uatha baininscneach** sna línte seo a leanas:

- 7a *Ríghe chogthach chláir Logha*
12c *an chríoch fhéirmhín thoinngeal the*
37a *Seinbhean Chuinn—ní cúis mhaoidhimh*
52c *nó learg mhoighe ag céacht dá creim*
55b *tug an toice dhomhanta*

I bhfianaise samplaí de shéimhiú **ar lorg ainmneach iolra a chríochnaíonn ar chonsan caol** i ndánta eile le hEochaíd Ó hEódhasa (m.sh: *DiD* 92.11ab: *Ní choisgid aonlá d'fhoghail / Goill Fhódla d'fhuath Chonchobhair*), tá séimhiú curtha le leagan LS A i líne 16c: *fuinn ghlanaoibhne fan gnáth olc.*

I bhfianaise samplaí de shéimhiú **ar lorg tabharthach uatha** i ndánta eile le hEochaíd Ó hEódhasa (m.sh: *O'Reilly* 31cd: *le baothghrádh don taoibh as-tigh / don chraoibh ó aobhChlár Fheimhin*; agus *DiD* 92.23cd *gníomh neamhchláith i n-uair fheadhma / fa chreachráith bhfuair bhfinnMheadhbha*), tá séimhiú curtha le leagan LS A sna línte seo a leanas:

- 2a *Gach rí riabh ó ré Cheasrach*
14b *nach aimhleasg d'Aodh Ú Dhomhnaill*
16a *Obair bhaoghach dá bharr thiogh*
17c *fearr dá dhreich ghríosnáraigh ghil*
17d *bheith ar chíoschánaidh chuíigidh*
19a *Móide is baoghach dá bharr chas*
22a *Tuigthe d'Ú Dhomhnaill dhúin Bhreagh*

- 24b *dá ghnúis chruithghil choinnealta*
-
- 25b *ní héidir d'Aodh Ú Dhomhnaill*
-
- 29a *Ní héidir dá earla shlim*
-
- 29c *géag ó bhrugh bhláthasnach Bhreagh*
-
- 29d *dul do ghnáthaslach Ghaoideal*
-
- 32b *gan rígh do ríoghraídh Ghaoideal*
-
- 36c *ós chrích (t)thairthigh Theamhrach Breagh*
-
- 41c *do shluagh bhoinngeal tholcha an Trír*
-
- 42c *roighne an tslóigh-se ó chathair Chuinn*
-
- 43a *A-táid ag tiomna Bhanbha¹⁰*
-
- 46d *dleaghair do chineadh (c)Chonuill.*
-
- 51b *ó Shriúibh Bhroin go Beinn Éadair*
-
- 53a *Grís i n-aighthibh ó ól fhleadh*
-
- 57d *dar ngort Chuinn-ne is córai-di*
-
- 58a *Rann as gach dán dá dhreich mhoill*

I bhfianaise samplaí de shéimhiú **ar lorg ginideach uatha a chríochnaíonn ar chonsan caol** i ndánta eile le hEochaíd Ó hEódhasa (m.sh. *AiD* 34.19cd: *ná an taobh soghráidh slisgheal slim / mar shlisneadh orláir fhuinnsin*), tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach uatha sna línte seo a leanas:

- 14a *An measaid Gaoidhil ghuirt Fhloinn*
-
- 23b *féachadh rí shíl sheanDálaigh*
-
- 30b *'s fa shruth Banna an bhruaich fhéarnaoi*
-
- 36c *ós chrích thairthigh (t)Theamhrach Breagh*
-
- 38c *i ndóigh fhollamhnaidh fhóid Bhreagh*
-
- 55c *ort, a mhaoir tabhaigh Theamhra*
-
- 56a *Ó Chruachain Mheadhbha an mhúir ghloin*

¹⁰ Maidir le séimhiú a bheith ann ar lorg ainm briathartha sa tuiseal tabharthach, féach *ABP* nota 1364–5, agus *RGH* línte 2141–3.

Sléagar: Níl séimhiú curtha ar fáil agam sna cásanna seo a leanas agus na riachtanais do shléagar arna gcomhlíonadh: in dhá áit i líne 33c *gasraidh sídh fionntolcha Fáil*; ar lorg tabharthach uatha firinscneach i líne 45a *Aithnidh do shliocht Gaoidhil Ghlaist*; agus ar lorg gairmeach uatha firinscneach (den chineál a shéimhíonn) i líne 55c *ort, a mhaoir tabhaigh Theamhra*.

Tá séimhiú curtha ar fáil agam i líne 23b ar lorg ainmneach uatha firinscneach *féachadh rí shíl sheanDálaigh*, agus ar lorg ginideach uatha firinscneach (den chineál nach séimhíonn go hiondúil) i líne 52a *Acht sníomh earla fheadh sgothach* atá ag teastáil le go mbeidh uaim sa líne.

Ní bhainim an séimhiú ar lorg gairmeach uatha firinscneach in 40b *riotsa, a rí fhréimhe Dálaigh*, ná ar lorg tabharthach iolra i líne 50d *fa sheanchlachaibh fháid Oiligh* atá deimhnithe ag an meadaracht; agus níl séimhiú bainte agam ar lorg ainmneach iolra i líne 52cb *cailge bheach mbionnghothach*.

Athruithe tosaigh eile: Tá urú curtha ar fáil agam ar lorg ginideach iolra i líne 19c *ós cionn bharr ngeagdhoire* agus i líne 23c *díol grádhaighthe gort mBreagh*. Tá urú bainte agam ar lorg ginideach uatha baininscneach i líne 34c *i gceann óghuidhe (b)fear bhFáil*¹¹, agus i líne 36c *ós chrích thairthigh Theamhrach (m)Breagh*. Tá séimhiú bainte agam ar lorg áinsígh uatha le hinfhilleadh i líne 22c *fiú a chumhacht tar chloinn M(h)íleadh*, agus i líne 55d *a haghaidh s(h)aoir s(h)oidealbhá*.

Réamhfhocail: Tá fianaise i bhfilíocht Uí Eódhasa go raibh sé de nós aige séimhiú a chur ar ainmfhocail a leanann an réamhfhocail ós; féach *LB 47.23ab: Grian nua ag ardachadh*

¹¹ Tugtar faoi deara go gcomhlíontar na riachtanais do shléagar sa chás seo, agus go gceadófaí séimhiú nó easpa séimhithe.

ós *fhiodh / triath Raghnallach na ruag mear*. Dá réir seo, tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg ós sna línte seo a leanas (féach freisin Ó Maolalaigh 2016):

36c ós *chrích thairthigh Theamhrach Breagh*

39c ós *chlár Té na dtoinnshreabh sídh*

‘Ó’ agus ‘Ú’: Ní fheicimid foirm an tabharthaigh uatha de ‘Ó’ (cuid de shloinne) sa leagan dioplómaitiúil ná i leaganacha na LSÍ eile. Dá ainneoin sin, tá *Ó* athraithe agam go foirm chuí an tabharthaigh uatha (.i. *Ú*) sna línte seo a leanas (féach *IGT* ii §168–9; agus *RGH*, líne 583):

14b *nach aimhleasg d’Aodh Ú Dhomhnoill*

22a *Tuigthe d’Ú Dhomhnaill dhúin Bhreagh*

25b *ní héidir d’Aodh Ú Dhomhnuill*

TÉACS, LÉAMHA AGUS AISTRIÚCHÁN

LS A

Eagrán Criticiúil

- | | |
|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 1. Diol fuatha flaithius éirionn
crioch neill na naoi righeibhionn
feidm as natharrdha fúair fear
brúaigh na hatharrdha dfheitheam | 1. Díol fuatha flaitheas Éireann,
críoch Néill na naoi ríghéibheann,
feidhm is nathardha fuair fear
bruaigh na hathardha d'fheitheamh. |
| 2. Gach rígh ríamh ó ré ceasrach
da ro an toilén imreasnach
na ratarbha ní díol dó
sniom na hathardha a hannró | 2. Gach rí riamh ó ré Cheasrach
dá ro an t-oiléan imreasnach
'na ratharbha ní díol dó
sníomh na hathardha a hannró. |
| 3. Mór rígh ga raibhe an innsi
riam do tuit na timcillsi
righe as neamháoibhne fa nimh
tíre gealáoibhne gáoidhil | 3. Mór ríogh 'gá raibhe an inse
riamh do thuit 'na timchill-se:
ríghé is neamhaoibhne fa nimh
tíre gealaoibhne Gaoidhil. |

LÉAMHA

1b. C Righgheibhionn. **1c.** CDF nathardha. **1d.** CDF hathardha.

2a. BCF rí; BCF cheasrach. **2c.** BCF rotharbha; B nior, CEF nír, D nir. **2d.** B hatharrdha; CD hanró.

3b. CDF riamh. **3d.** D gaoidheal

1. The sovereignty of Ireland is detestable—guarding the shores of the fatherland, the land of Niall of the nine hostages, is the most hostile task a man has ever undertaken.
2. Since the time of Ceasair, no king who attains the quarrelsome island takes any great benefit from securing the patrimony from hardship.
3. Many a king who ruled the island before has fallen because of the kingship of the bright, delightful land of Gaoidheal, the most miserable [kingship] on earth.

- | | |
|--------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|---------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| 4. Mór madh far muigheadh catha

mór <i>leacht</i> ríogh as rofhlatha

fa <i>creachdhoirsibh</i> na ccóig <i>neang</i>

don <i>tsheancloinnsin</i> fhóid <i>eireann</i> | 4. Mór magh far muidheadh catha,

mór leacht ríogh is rofhlatha

fa <i>chreachdhoirsibh</i> na gcóig n-eang

don <i>tseanchloinn-sin</i> fhóid Éireann. |
| 5. Iomdha cúis far cóir <i>neamhthoil</i>

da bfaicthi é <i>deirionnchuibh</i>

dinis <i>teamhrac</i> na ttrí <i>bfeair</i>

<i>neamhghut</i> don tí do <i>tuicfeadh</i> | 5. Iomdha cúis far cóir neamhthoil,

dá bhfaicthí é d'Éireannchaibh,

d'inis Teamhrach na dTrí bhFear;

<i>neamhghuth</i> don tí do <i>thuigfeadh</i> . |
| 6. Gid be <i>tairgfeas</i> a tabac

caithfid sé seal <i>urcradhach</i>

crioch linnte do cosain conn

ar tosaigh impe <i>dfulong</i> | 6. Gidh bé thairgfeas a tabhach,

caithfidh sé seal <i>urchradhach</i> ,

críoch linnte do chosain Conn,

ar tosaigh impe d'fhubhach. |

4a. F magh; F maoidheadh.

5a. C fana, D fan, F fár. **5b.** F bhfaicí í. **5c.** C teamhrugh, DF teamhrach. **5d.** CDF *neamhghuth*; CDF *thuigfeadh*.

6a. F thairgfeadh; C tobhach, DF tabhach. **6b.** CDF caithfidh; F orchradhach. **6c.** C críoch. **6d.** D thosaigh, F ttosuigh; F uimpe.

4. Many is the plain on which battles broke out, many is the grave of a king and of a great lord of that old family of Ireland [fighting] around the raided passes of the five provinces.
5. There are many reasons to dislike the island of Tara of the Three Men (.i. Ireland), if only Irishmen could see it; he who would understand is commendable.
6. Whoever attempts to rescue the land with warm lakes which Conn protected, he will first spend a difficult time of suffering over her.

- | | |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| <p>7. Righe cogthach chláir logha
iomdha déis a rochtona
da snádhmhadh tolaigh an trír
ádhbhar omhain da hairdrigh</p> <p>8. Mór mbáoghal bhíos na cinnsi
minic tnúth na timchillsi
s as gnáth foltanus gach fir
fa ráth noctholus nuisnigh</p> <p>9. Lór do dhochar na deaghaidh
ríoghdhacht ratha muireadhaigh
a faghla a cogad do coscc
pobal nach tarbha a tteagosc</p> | <p>7. Ríghe chogthach chláir Logha:
iomdha, d'éis a rochtana,
dá snadhmadh tolaigh an Trír,
adhbhar omhain dá hairdrígh.</p> <p>8. Mór mbaoghal bhíos 'na cinn-se,
minic tnúth 'na timchill-se,
's is gnáth foltanas gach fir
fa ráth n-ochtsholas nUisnigh.</p> <p>9. Lór do dhochar 'na deaghaidh,
ríoghdhacht rátha Muireadhaigh:
a faghla, a cogadh do chosg,
pobal nach tarbha a dteagosc.</p> |
|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|

7a. F ríghe. **7c.** D *tulaigh*, F *toluidh*. **7d.** C *ga*, F *gá*.

8b. CD *iomdha in áit minic*.

9a. D *deadhaidh*. **9b.** CF *rioghacht*, D *riogacht*; CDF *rátha*; C *Muireaghaidh*. **9c.** F *foghla*; C *cogaidh*, D *cogaidh* (?), F *cogadh*. **9d.** CD *pobail*.

7. After attaining the quarrelsome kingship of Ireland, there are many reasons for her high-king to be fearful, if he were to unite the mound of the Three.
8. There are many dangers entailed in [ruling] her, there is often envy surrounding her, and the enmity of every man is to be expected over the bright-breasted fort of Uisneach.
9. There is a great amount of damage in the wake of [holding] the kingship of Muireadhach's fort: stopping her plunderings and war, [and] a people who cannot be taught.

10. Gach lot ós aird no gan fhios gac turbadh tig na flaithios as é a rí as inleanta inn ní as nár bh inbeanta d'Éirinn	10. Gach lot ós aird nó gan fhios, gach turbadh tig 'na flaitheas, is é a rí is inleanta inn; ní as nár bh inbheanta d'Éirinn.
11. Iomdha a heagóir ré hathaidh móra huilc s a hanachain críoch iathglan na neatal tte deacar riaghladh na ríghe	11. Iomdha a héagóir re hathaidh, móra huilc 's a hanachain, críoch fhiadhghlan na n-eatal dte deacar riaghladh na ríghe.
12. Ceitre céad bliadain barr lais atá sí ar seachrán flathais an crioch feirmhín thoinngeal tte gan einrígh doirneadh uirthe	12. Ceithre chéad bliadhain 's barr leis a-tá sí ar seachrán flaithis, an chríoch fhéirmhín thoinngheal the, gan éinrígh d'oirneadh uirthe.

10b. F turbhuigh thig na bhflaithios. **10c.** CF rígh; CDF imdheargtha; D ann. **10d.** D inleanta.

11a. F hathuigh. **11b.** CDF iomdha *in áit* móra; C hanfhachain, D hanacfain. **11c.** CD fhiadhghlan; CDF neatal. **11d.** CDF deacair; CDF a *in áit* na.

12a. C bliaghain, F bliaghan; CD sbárr, F sbarr; C leis. **12b.** F seachráin; C flaitheis, D flaithis. **12c.** CF chríoch, D chrioch; CF fhéirmhín; CF toinngheal; C te, DF the. **12d.** D doirdneadh; CDF innte.

10. Every wound, declared or unknown, every trouble that comes with ruling her, her king is liable for it—a reason why one should have nothing to do with Ireland.

11. Many is the injustice against her for quite some time, great is the evil and harm done to her, it is difficult to rule the kingship of the pure land of warm sunbeams.

12. The warm, bright-surfaced land of fertile grasslands has been unruled for more than four hundred years without a single king being appointed over her.

13. Ata ón lósóin alle	13. A-tá ón ló-soin a-le—
fáth báoghail go mb<é> choídhche	fáth baoghail go mbia choidhche—
fuil sa bhfuil cion sa chionaidh	fuil san fhuil, coir san chionaidh,
guin sa guin ag gháoidhealaibh	guin san ghoin ag Gaoidhealaibh.
14. An measuidh góidhil ghuirt fluinn	14. An measaid Gaoidhil ghuirt Fhloinn
nach aimleasg daodh ó domhnuill	nach aimhleasg d'Aodh Ú Dhomhnoill
sa bfuir fá eining chóigidh	's a n-uair fa éineing chóigidh
búain fa éirinn urchóidigh	buain fa Éireinn urchóidigh?
15. Da measdaois an measfadh féin	15. Dá measdaois, an measfadh féin
nach cunnradh doiligh dhoiséin	nach cunnradh doiligh dhoi-séin
an eang bheannfhúair do bí ag art	an eang bheannfhuar do bhí ag Art?
neamhbhuan gach ri na ríoghdacht	Neamhbhuan gach rí 'na ríoghdhacht.

13a. CD Atá uimpe on lósa ale; F ale. **13b.** CDF mbia. **13c.** C coir, D cóir; C cionidh, chionuigh. **13d.** C goin sa ghuin, D goin san goin, F goin sa ghoin; C gaoidhealibh.
14a. DE measaid, F measuid; CD floinn, F fhloinn. **14b.** CD dhomhnoill, F dhómhnoill.
14c. C éineing, DE eineing; CDEF ccoigidh. **14d.** D fo; E nurchoidigh.
15b. CF conradh, D cunradh; F doilg. **15d.** D neamh mbuan; C righ; CDF rioghacht.

13. There is a danger from that day onward that Gaels will forever have blood for blood, crime for crime, a wound for a wound.
14. Do the Gaels of Ireland reckon that Aodh Ó Domhnaill is not reluctant, considering what [harm] he has suffered over one provincial territory (.i. Tír Chonaill), to have anything to do with troublesome Ireland?
15. If they reckoned so, would he himself reckon that the land of cold peaks which Art once ruled is not a difficult proposition for him? Every king who rules her has been unlasting.

16. Obair bháoghlach da bharr tiogh cosg fághla na ccóig ccóigeadh fuinn glanáoibne fán gnáth olc ní fáth ramháoidhmhe a ríoghdach	16. Obair bhaoghlach dá bharr thiogh cosg faghla na gcóig gcóigeadh; fuinn ghlanaoibhne fan gnáth olc, ní fáth ramhaoídhmhe a ríoghdhacht.
17. Faghail cheannuis chlár dha thí mun a ndearna a ndligh airdrí fearr da dreich griosnáruigh ghil bheith ar chioschánuidh cuigidh	17. Fagháil cheannais chláir Dhá Thí mun a ndearna a ndligh airdrí, fearr dá dhreich ghríosnáraigh ghil bheith ar chíoschánaidh chúigidh.
18. Gach tríath a ttús a ratha nach iomchair ainm ardfhlata do as goire turnam a tinn turbadh oilé fá eirinn	18. Gach triath i dtús a ratha nach iomchair ainm ardfhlatha, dó is goire turnamh a tinn— turbadh oilé fa Éirinn.

16b. C faghla, DF foghla; D cóigeadh. **16c.** F foinn; CD ghlanaoibhne, F ghlanaoibhnne.

16d. C romhaoídhme, D romhaoídhfe, F romhaoídhmhe; CD rioghocht, F ríoghocht.

17a. F Fagháil; C chlar, D chláir, F chlair. **17b.** C dearna, D dhearna; C an dhligheadh; D airdrigh. **17c.** D ga, F dhá; CD dhreich; C ghrísnarigh. **17d.** D a bheith; C chíoschánaigh, F chíoschánúigh; CF chúigidh, D ccúigidh.

18b. F airm. **18c.** CD theinn, E teinn.

16. Stopping the plundering of the five provinces is a dangerous task for [this man with] his thick head of hair; the kingship of the pure, delightful territories over which hardship is usual is no reason for any great boasting.
17. If he does not do what is expected of a high-king, it is better for his warm, bright, modest face to be exacting the taxes of a province than to get the leadership of [all of] Ireland.
18. Every lord in the beginning of his prosperity who is not known as a high-lord is nearest to losing his power—another trouble about Ireland.

19. Móide as báoghal da bharr cas as é an bile ard fhásas os cionn bharr géagdhoire nglan crann dan céadghoire cláonadh	19. Móide is baoghal dá bharr chas is é an bile ard fhásas ós cionn bharr ngéagdhoire nglan crann dan céadghoire cláonadh.
20. An bheann as airde ar úairibh ós cionn gach tuir tháobhnúaighil da bháoghluighe da mbí in tor ní hí as sáogluighe seasamh	20. An bheann is airde ar uairibh ós cionn gach tuir thaobhnuaignhil, dá bhaoghlaighe dá mbí an tor, ní hí is saoghlaighe seasamh.
21. Gach ard sleibhe a sía radhairc s as foigsi don fhiormamaint gnáth donnádhnad a sleas sin le teas ttromádhbhál ttinntigh	21. Gach ard sléibhe is sia radhairc 's is fhoigse don fhiormamhaint, gnáth donnadhnadh a sleas sin le teas dtromadhbhal dteainntigh.

- 19a.** CDF baoghlach. **19c.** C ceann, F chionn. C ngégdhoire, D ngeagdhoire, F ngéagdhoire.
20a. F bheann airde. **20b.** CD ceann; F túir; D taoibhnuaignhil, F taobhnuaignhil. **20c.** CDF an.
21a. BCD as; DEF radharc. **21b.** B foicsi; B ffirmamint, CF fhiormamant, D ffirmamant.
21c. D sleis. **21d.** BCEF re; B ttromadhbhadh(?), CDF tromadhbhal; B tteainntigh, C teintigh, DEF tinntigh.

19. What makes it all the more dangerous for [this man and] his curly head of hair is that the highest tree growing above the tops of the pure oak-grove boughs is the tree that is first to fall.
20. At times, the highest spire above every bright-sided tower, however formidable the tower may be, is not the longest standing.
21. Every mountain height with the farthest views and closest to the heavens, it is normal that its flanks are burned [by being struck] by the heat of great and mighty lightning.

22. Tuigthi dó domnaill dhúin bhreagh fiú a cumacht tar chloinn mhileadh dúamhan tar chách fa a cheann da mbúaladh im ráth raoileann	22. Tuigthe d'Ú Dhōmhnáill dhúin Bhreagh fiú a chumhacht tar chloinn Míleadh, d'uamhan tar chách ina cheann dá mbualadh im ráth Raoileann.
23. Búain impe as adhbur gábaidh feuchadh rígh sil seandhálaidh an diol grádhaighthe gort breagh námfairche olc is airgneadh	23. Buain impe is adhbhar gábhaidh; féachadh rí shíl sheanDálaigh an díol grádhaighthe gort Breagh, námfhairche olc is airgneadh.
24. Gidheadh dob ádbur deargtha da ghnuis cruithghil choinnealta críoch armdha na neachra mear seachna banbha ar a búaidhreadh	24. Gidh eadh dob adhbhar deargtha dá ghnúis chruthghil choinnealta, críoch armdha na n-eachra mear, seachna Banbha ar a buaidhreadh.

22a. B Tuicthe; CD dhōmhnáill, F dhómhnall; B dúin, C duin, D dhuin; BCD breagh. **22b.** B comhacht, CD chumhacht, F chomhacht. **22c.** BD ina, C na, F iná; B ceann, CD chionn.

22d. F um; C ráoirionn, D raoirionn.

23a. BF uime, C uimme, D ime; BF gabhaidh, E gabaidh. **23b.** BD fechadh, C féchadh, F féachadh; BCF rí, D ri; B shíl tsean ndhalaigh, C síol seandhalaigh, D síl seandalaigh, F síl seandáluigh. **23c.** B gradhaighe. **23d.** F imneadh *in áit* airgneadh.

24a. F is *in áit* dob; D teigte *in áit* deargtha. **24b.** D shuaimhneach shoileáirthe. **24c.** B ndheachra, F neachradh. **24d.** F seachnadh.

22. Ó Domhnáill of the fort of Breaga should understand that, were he to make a drive for the fort of Raoilinn, the extent to which his power over Míl's [other] descendants is the extent of the fear of him in his enemies.

23. Having anything to do with her is dangerous; let the king of old Dálach's descendants see if the field of Breaga, hostile district of hardships and plunderings, is something worthy of loving.

24. However, avoiding Ireland, the armed territory of swift horses, because of her troubles would cause his brightly-shaped, kind face to blush.

25. Gid bé mur ta teamhair chuinn ní hēidir dáodh ó domhnaill a léigeadh a laim oilé na treigeadh chláir chonoire	25. Gidh bé mar tá Teamhair Chuinn, ní héidir d'Aodh Ú Dhomhnuill a léigeadh i láimh oilé ná tréigeadh chláir Chonaire.
26. Ni diúlta ar dhoilge a fheithmhe dfhúath a huilc nó a haimsighthe inis neill na ngeigfiodh nglas éigion dréim ris an dúthchas	26. Ní diúlta ar dhoilghe a feithmhe d'fhuath a huilc nó a haimsighthe inis Néill na ngéigfiodh nglas— éigean dréim ris an dúthchas.
27. An lacha sa ló sheaca téid sí fan sreibh noighreata lór do chur doimheanma dhi tol na hoileamhna aice	27. An lacha san ló sheaca, téid sí fan sreibh n-oighreata; lór do chor doimheanma dhi tol na hoileamhna aice.

25a. B Gidh be, CD Gibe, F Gibé; B ata; F choinn. **25b.** B headir; CD dhomhnuill, F dhómhnoill. **25c.** B legadh, CF léigean, D leigean; BCDF láimh. **25d.** BCD no, F ná; B treégadh, CF tréigean, D treigean; BC conaire, D conoire.

26a. B diultha, F dhiultfa; CD dhuilghe; B feathmhe, CF feithmhe, DE feithme. **26b.** F ná *in áit* nó a. **26c.** B ngeaigfiodh, C nghéagfiodh, D ngeigfódh. **26d.** B eaigion, C éigin.

27a. BD san. **27b.** B bhan; B noighreatta. **27c.** B cor, C chuir, DF chor; D doimhneanma.

27d. D toil; B aicci.

25. Whatever way Conn's Tara is, Aodh Ó Domhnaill cannot abandon the plain of Conaire nor allow her to fall into the hands of another.
26. Ireland of the green, branching woods should not be rejected because of how difficult she is to guard, hatred for her hardships, or how trying she is—one must strive after hereditary rights.
27. The duck on a frosty day takes to the frozen stream; her love for what she has been brought up to do is enough to banish her low spirits.

28. O Dhomhnaill ní hiongnad dhó a bfuighbhe impe dannró ceart na lachan <i>ar</i> an linn a ceart ar achadh éirinn	28. Ó Domhnall, ní diongna dhó, a bhfuighbhe impe d'annró; ceart na lachan ar an lionn a cheart ar achadh Éirionn.
29. Ni héidir da earla slim da mbeith <i>nach</i> biadh ré héirinn géag ó bhrugh bláthasnac breagh d<o>l do ghnáthaslach gáoidheal	29. Ní héidir dá earla shlim, dá mbeath nach biadh re hÉirinn géag ó bhrugh bhláthasnach Bhreagh, dul do ghnáthaslach Ghaoidheal.
30. Bí an duine fa dhún báoi s fa sruth banna an brúaich fearnáoi s um ghealbhuiil ag guidhe lais as duine im <i>eangsruibh</i> iorrais	30. Bídh an duine fa Dhún Baoi 's fa shruth Banna an bhruaich fhéarnaoi 's um ghealBhúill ag guidhe lais 's an duine im eangshruíibh Iorrás.

28a. C dhiongna, D diongna, F diomdha. **28b.** B bfhuighe, F bhfuighe; D uimpe CD danró.
28d. BCDF cheart; B neirionn, C neirinn, D néirinn, F fhéilim.
29c. C bhlathasnach, F bhláthasnach; D bhreagh, F bhreadh. **29d.** F dul; F ghaoidheal.
30a. B Bidh, CF Bídh; B dún, C dhúin, D dhun; F mbaoi. **30b.** F s um; CDF shruth; B brúaigh, C bhruaich, D bhruaigh, F bhúird; B fhernáoi, CD fhérnáoi, F ghéagnaoi. **30d.** BCE sa, DF san; CDF um; D eing *in áit* eangsruibh, F eashruimh; BCD niorrais.

28. Ó Domhnall will not be surprised at the hardship he suffers over her; his right to the plain of Ireland is like the right of the duck to the lake.
29. [Even] were this not a branch from the blooming land of Breaga who was involved with Ireland, [he with] his smooth hair can not escape the continuous pleading of the Gaels.
30. The man in Dunboy, and by the Bann of the fresh grassy banks, and by the bright Boyle river, and the man on the notched headland of Iorrás are [all] praying for him.

31. Maith do geibhid a ghuidhe frioth roimhe a ré chonaire	31. Maith do-gheibhid a nguidhe; fríoth roimhe i ré Chonaire
lúagh a síorghuidhe mar sin	luagh a síorghuidhe mar sin
lé slúagh fíonmuighe fuinigh	le sluagh fíonmuighe Fuinidh.
32. Do bhí teamhair mur tá aniogh gan rígh do ríoghruidh gáoidhiol <i>tar eis an ríogh núadhadh neacht</i> <i>dar líon uamhan an toireacht</i>	32. Do bhí Teamhair mar tá a-niogh gan rígh do ríoghraídha Ghaoideal tar éis an ríogh Nuadhadh Neacht dar líon uamhan an t-oireacht.
33. Tionólid go teamhraigh neill guidhid a náoinfheacht ainnséin gasroidh síodh fionntolcha fáil le ríogh ionntogtha dfhaghail	33. Tionólid go Teamhraigh Néill, guidhid i n-aoinfheacht ainnséin, gasraidh sídh fionntolcha Fáil le rígh iontoghtha d'fhagháil.

- 31a.** BCF a nguidhe, D an ghuidhe, E a guidhe. **31b.** BCD frith, F fríth; D *i in áit a*; B conaire, D conuire. **31c.** F shíorghuidhe; DF soin. **31d.** CE re; C fíonmuighe; BDF fuinidh.
- 32a.** B teamhair ata; C teamar; CD aniodh. **32b.** B gan rioghraídha gaoidheal, C rí do macraíd; D rí. **32c.** D nuadat, F nuadhan.
- 33a.** D tineólaid, F tionóluid. **33b.** B guidit; B náoineacht, CDF naoineacht. **33c.** F gasruigh; BD shídh, CF sídh; D fhionntolcha, F fionntoluigh. **33d.** D fa rí; B rígh, CF rígh; B nionntoghta, CD niontoghtha, F iontoghtha.

31. Well they receive what they pray for; the host of Ireland's wine-plain received what they prayed for once before in the time of Conaire.
32. Tara was then as it is today, without a king of the dynasty of the Gaels after [the death of] the king, Nuadha Neacht—a fact which filled the royal court with fear.
33. The peaceful host of Ireland's bright hill gather at Niall's Tara and then pray together to receive an electable king.

34. Gearr go ttainic an tansin conaire a ccruth éuccosmhail <i>ceann</i> ógbuidhe bfear bfháil na ógruire mhear mhacáimh	34. Gearr go dtáinig an tan-sain Conaire i gcruth éagcosmhail i gceann ógbuidhe fear bhFáil 'na ógruire mhear mhacáimh.
35. A mhic ar maithe bánbha ní dleacht oirneadh hionnamhla ós tiormthulaigh na ttrí bfionn níad rí iomchubaidh eirionn	35. “A mheic,” ar maithe Banbha, “ní dleacht oirneadh h’ionnamhla ós tiormthulaigh na dTrí bhFionn; niad rí iomchubhaidh Éirionn.”
36. Freagra an mhic maith a thoradh ga dulc oigre easlabhar ós chrích ttairtigh ttéamhruch mbreagh <i>neamhghuth ar</i> naitgin dóirneadh	36. Freagra an mheic, maith a thoradh: “Gá dulc oighre easlabhar ós chrích thairthigh Theamhrach Breagh? Neamhghuth ar n-aithghin d’oirneadh.”

34a. B ttanicc, C ttanaig, F ttáinig; BCF tansoin. **34c.** B a cceand, CD i cceann, E i cceann F a cceann; B nóbuidhi, D ógbuidh; CD fear.

35a. CD mheic, F mic. **35b.** CD oirdneadh; B ionntshamhla, C tionnamhla, D thionnamhla, F hionnnshamhla. **35d.** C at *in áit* niad, D niat rí.

36a. B in; CD mheic; D toradh. **36b.** F atá *in áit* ga; B óigrigh, C óigrí, D oigrí, F óigríogh; F easlabhair. **36c.** B thartuidh, F thairthigh; BF theamhrach, CD teamhrach; BD breagh, C bhreagh, F breadh. **36d.** B naithginn, CF naithghin, D maithghin; C doirdneadh, D dóirdneadh.

34. It was not long then until Conaire, a young lively prince, came in a strange guise to meet the men of Ireland.

35. “Young man,” said the nobles of Ireland, “it is not lawful to appoint someone like you [to rule] over the dry mound of the Three Fionns; you are not a fitting king of Ireland.”

36. This was the response of the young man, and good were its results: “What harm is a generous heir over the fruitful land of Ireland’s Tara? It is no disgrace to appoint someone like me.”

37. Seinbhean cuinn ní cúis mháoidhim	37. “Seinbhean Chuinn—ní cúis mháoidhimh—
do bhí ar sé gar seandháoinib	do bhí,” ar sé, ““gar seandaoeinibh;
nach díongmhala don mhnáoi me	nach diongmhála don mhnaoi mé
ní hionnrádha ar áoi móige	ní hionrádha ar aoi m’óige.”
38. Ciodh óg me ní misde linn	38. “Ciodh óg mé, ní meisde linn—
fiafróchat fios a ndlighim	Fiafróchad fios a ndlighim,
a ndóigh fhollamhnaidh fhóid breagh	i ndóigh fhollamhnaidh fhóid Bhreagh,
dollamnoib na ccóig ccóigeadh	d’ollamhnaibh na gcóig gcóigeadh.”
39. Do mholsat maithe banbha	39. Do mholsad maithe Banbha
a náoineacht a urlabra	i n-aoineacht a urlabhra;
ós clár té na ttoinnsreabh sídh	ós chlár Té na dtoinnshreabh sídh
do hoirneadh é na airdrígh	do hoirneadh é ’na airdrígh.”

37a. C Seanbhean; CDF chuinn. **37c.** D i *in áit a.* **37d.** C hionrádha, D hiomradha.

38a. CDF meisde; BCF sinn, D sin. **38b.** B fiarfocchad, CF fiafróchad; C fós, D fos; D an *in áit a.* **38c.** CD follamhnaidh, F ollamhnuidh; D foid; BC bhreagh, F breadh. **38d.** D dfollamhnaibh.

39a. BF mholsad. **39c.** BC te; B ttonnsrebh, toinnsreabh; C síodh. **39d.** CD hoirdneadh; F mar áirdríogh.

37. “The old wife of Conn (i.e. Ireland) was ruled by my ancestors,” he said; “it is not a reason to boast; it cannot be said that I am not worthy of this woman because of my youth.”
38. “Though I am young, I do not believe it matters—I will ask the ollamhs of the five provinces for the knowledge required of me to rule Ireland.”
39. The nobles of Ireland unanimously acclaimed what he had said; he was appointed high-king of Tara’s plain of the peaceful waters.

40. Ata cúis nach cosmhuiil soin riotsa a rí fhreimhe dálaign <i>feadh</i> sáorbhanbha ó mhuir go muir gan fear áonlábhra at aghaidh	40. A-tá cúis nach cosmhail soin riotsa, a rí fhréimhe Dálaigh: feadh saorBhanbha ó mhuir go muir gan fhear aonlabhra it aghaidh.
41. Ní thoighéubha tnúth áoinfir ní deargfa dreach áoingháoidhil do shlúagh boinngheal tholcha an trír thoirneadh ortha mur airdrigh	41. Ní thoigéabha tnúth aoinfhir, ní dheargfa dreach aoingháoidhil do shluagh bhoinngheal tholcha an Trír thoirneadh ortha mar airdrigh.
42. Dar leó ní malairt mheallta ní ísleocha a naigeanta róighne an tshlóighsi ó chathair cuinn fóibhsí na bflathoibh fearuinn	42. Dar leó ní malairt mheallta, ní ísleócha a n-aigeanta, róighne an tslóigh-se ó chathair Chuinn fóibh-se 'na bhflathaibh fearuinn.

- 40a.** B sin. **40b.** B righ, F rígh; BD freimhe, F réimhe. **40d.** ni uil, CF ní fhuil, D ni bfuil *in áit* gan fear; F aon=labha.
41a. B toigebhae. **41b.** BCDF dheargfa; B engaoidhil, C fhionnghaoidhil, D fionnghaoidhil.
41c. F shlógh; D boingheal; C tholcha. **41d.** BF hoirneadh, D doirdneadh; B orrha, CD orra.
42a. B meallta, C mhealta. **42b.** F aigeannta. **42c.** CDF a *in áit* ó; C chathar, F ccathuibh; CDF chuinn. **42d.** B, bflathibh, C flathaibh.

40. There is one reason why that is not like you, o king of Dálach's root: throughout the length of noble Ireland from sea to sea, there is not a single man speaking against you.
41. Not a single man of the white-footed host of the mound of the Three will become envious, not a single Gael's face will be reddened by your appointment over them as high-king.
42. The best of this host from the dwelling of Conn do not consider it a deceitful deal, it will not lower their spirits to become underlords under you.

43. Atáid ag tiomna banbha	43. A-táid ag tiomna Bhanbha
dhuit ó rígh go ríoghdámhna	dhuit ó rígh go ríoghdhamhna,
na sloigh a seanchatháoir bhreagh	na slóigh a seanchathaoir Bhreagh
neamhthatháoir dhóibh a dhéineamh	neamhthathaoir dhóibh a dhéineamh.
44. Atáid agad a áodh rúaidh	44. A-tá agad, a Aodh Ruaidh,
gan lá éigin gan anbhúain	gan lá éigin, gan anbhuan,
íath creachbhanbha madh loinn libh	iath creachBhanbha, madh loinn libh,
ó chloinn mhearchalma mhílidh	ó chloinn mhearchalma Mhílidh.
45. Aithnid do shliocht gáoidhil ghais	45. Aithnidh do shliocht Gaoidhil Ghais—
móide a numla úa mághnais	móide a n-umhla, a ua Maghnais,
dot ghnúis náir da niamthor mionn	dod ghnúis náir dá niamhthar mionn—
do chóir ar íathmagh éirionn	do cháir ar iathmhagh Éirionn.

43a B bhanbha. **43b.** B doit; D rí; B rídhámhna, D riodhamhna. **43c.** C o sheanchathaoir; BCD breagh, F *breadh*. **43d.** B deinimh, C dhéineam, D dheanamh.

44a. B ata, CDF atá, E atait; CD agaibh. **44b.** F ló; B éaigne, CDEF éigne. **44c.** banbha *in áit* íath creachbhanbha. **44d.** B mearchalma.

45a. BCD aithnidh, F aithne; BC glais. **45b.** BCD a úa, F a ua. **45c.** BF dod; B nár; D niamhthoir minn. **45d.** B chair, CF cháir; C iathmhaigh, D iathmhoigh, F iathmhadh; D éirinn.

43. The hosts of Ireland's old throne are bequeathing Ireland to you, [everyone] from king to one eligible for kingship; there is no reproach for them in doing so.

44. The plundered land of Ireland is yours if you desire it, o Aodh Ruadh, from the fiercely brave descendants of Míl, without a day of violence [and] without a struggle.

45. The descendants of Gaoidheal Glas recognise your right to the land of Ireland; all the greater, as a result, is their humility towards your modest face, o grandson of Maghnas for whom a crown is polished.

46. Téaghdhais airt an fhuinn gríanaigh	46. Teaghdhais Airt an fhuinn ghrianaigh
ó tiomna na neill náoighiallaigh	ó thiomna Néill Naoighiallaigh,
láoich lér tileadh teamhair chuinn	laoich ler tileadh Teamhair Chuinn,
dleaghthair do chineadh cconuill	dleaghair do chineadh Chonuill.
47. Flaitheas éirionn deóigh a ndeóigh	47. Flaitheas Éirionn deóidh i ndeóidh,
gnáth aca dáis is daimhdheóin	gnáth aca d'áis is d'aimhdheóin,
láoich ruaignmheara da bfhíar fiodh	laoich ruaidhmheara dá bhfiar fiodh,
úraithneadh glíadh na ngáoidheal	uaidhneadha gliadh na nGaidheal.
48. Da mbeith nach dlighfidhe duit	48. Dá mbeath nach dlighfidhe duit
íath fódhla fearann cormaic	iath Fódla, fearann Cormaic,
ar deighreacht do tuill tusa	ar deighreacht do thuill tusa
eigreacht an fhuinn únusa	eighreacht an fhuinn Úna-sa.

- 46a.** B teaghais; CD ghrianaigh, F ghríanaigh. **46c.** B lear thileadh; B cuinn, F choinn. **46d.** BCF dleaghair, D dleaghár. **46d.** B chonuill, CD conuill, F chonoill.
47a. BCD deóidh; BCD ndeóidh. **47b.** C ní gnath; F nó *in áit* is; BD daindeóin. **47c.** F ruaidhmheara. **47d.** B uaithneadh; D glaith, F ghliadh.
48a. B dhoit. **48b.** CD corbmaic, F chormaic. **48c.** B dheaighreacht, CDF dheighreacht; BCDF thuill. **48d.** B eaighreacht, C eadhreacht; DF fhuinn; F úghnusa.

46. Since the command of Niall of the Nine Hostages, the kin of Conall, heroes who once ruled Conn's Tara, are entitled to Art's dwelling place of the sunny territory.
47. [These] fierce heroes to whom a wood bends down, battle pillars of the Gaels, usually control the kingship of Ireland one after another, by consent or by force.
48. [Even] were it the case that the land of Ireland, Cormac's land, was not legally due to you, by your good rule you have earned the heirship of Ireland.

49. Do chuiris <i>criocha</i> banbha	49. Do chuiris <i>críocha</i> Banbha
a nathruigibh <i>eaxamhla</i>	i n-athraighthibh éagsamhla,
aisling a <i>neagar</i> anois	aisling a n-eagar a-nois,
a <i>dreagain</i> bháislim bhéarnois	a dhreagan baisslim Bearnais.
50. Na bíodhbaidh do bhí anuraidh	50. Na biodhbhaidh do bhí a-nuraidh
ré cogthaibh re conghalaibh	re cogthaibh, re conghalaibh,
na <i>ttreabhthachaibh</i> atáid sin	'na dtreabhthachaibh a-táid sin
fa <i>seanchlachaib</i> fháid oiligh	fa sheanchlachaibh fháid Oiligh.
51. Gan <i>eimhghe</i> gan fhaire cruidh	51. Gan <i>éimhdheadh</i> , gan fhaire cruidh,
ó sruibh bruin go <i>beinn eadair</i>	ó Shrúibh Bhroin go Beinn Éadair,
gan fhear bfóghla <i>ar fheadh bfeagha</i>	gan fhear bhfogha ar feadh bhfeadha,
gan cómhla <i>ar theagh ttaisgeadha</i>	gan chomhla ar theagh dtaisgeadha.
49a. D chímis. 49b. B nathruighthibh, C naithraighibh; BF eagsamhla, C éccsamhla, D eccsamla. 49c. F <i>neagar</i> . 49d. B <i>dreagan</i> , C <i>dhreaghan</i> , DF <i>dhreagain</i> ; B <i>baisslim</i> , C <i>baisslim</i> , D <i>barrshlim</i> ; C <i>bearnais</i> , D <i>beárnois</i> , F <i>bearnois</i> .	
50a. F <i>anuraigh</i> . 50b. B <i>coctaiph</i> . 50c. D <i>treabhthachaibh</i> . 50d. B <i>fóid</i> , D <i>fhóidh</i> , F <i>fhóid</i> ; C <i>oilidh</i> .	
51a. B <i>eagheamh</i> , C <i>eigheamh</i> , D <i>éigheamh</i> , F <i>éigean</i> . 51b. F <i>shruith</i> ; C <i>brain</i> , D <i>bróin</i> , F <i>broin</i> ; B <i>nédair</i> , C <i>gulbain</i> , D <i>ghulbain</i> . 51c. CD <i>foghla</i> , BCDE <i>feadh</i> . 51d. B <i>comhladh</i> ; F <i>tteagh taisgeadha</i> .	
49. You have brought many changes to the territories of Ireland; the way they are now organised is [like] a dream (?), o smooth-palmed dragon of Barnesmore.	
50. The enemies who were engaged in wars and conflict last year are now farmers around the old stones of the land of Aileach.	
51. Without complaint, without [the need] to guard cattle, without a bandit throughout the length of a wood, without [the need for] a door [to be put] onto a storehouse from Inishowen Head to Howth.	

52. *Acht sniomh earla feadh sgothach*
no cailgead bheach mbinnghothach
no learcc muighe ag céucht da creim
gan éucht oile fa eirinn
52. Acht sniomh earla fheadh sgothach,
nó cailge bheach mbionnghothach,
nó learg mhoighe ag céacht dá creim
gan éacht oile fa Éireinn.
53. Grís a naichthibh ó ól fleadh
grúadha donna ag dáil mháoineadh
as e a bful don ádhnadhbh ann
nó goil ag ádhnadhbh abhann
53. Grís i n-aighthibh ó ól fhleadh,
gruadha donna ag dáil mhaoineadh,
is é a bhfoil don adhnadh ann,
nó goil ag adhnadh abhann.
54. Ní thig le hurchoid eile
na le hiomláoid aimseire
fáoiibh a rí barrglan bearta
acht ní as ádhbur aigeanta
54. Ní thig le hurchóid eile
ná le hiomlaoid aimseire
faoibh, a rí barrghlan Bearta,
acht ní is adhbhar aigeanta.
- 52a.** F fheadh. **52b.** B cailge, F cailgeadh; B mbhionngothach, F mbionnghothach. **52c.** B lear; B moighe, F mhoighe. **52d.** B eirinn.
53a. BCDF naighthibh. **53b.** BCDF gruaidhe; BD maoineadh, C móineadh. **53c.** BC bhfoil.
54a. B thic hurchoid; C urchóid; F ré *in áit* le;. **54b.** CD no; F re. **54c.** BCD fúd, F fút. **54d.** D aigeantata.
52. Except for long bushy hair becoming knotted, or the stings of sweet-sounding bees, or the slope of a field being harrowed by a plough, there are no other injuries throughout Ireland.
53. The only burning is the heat in faces flushed from drinking, cheeks rosy from sharing out wealth, or rivers evaporating [from the heat of good weather].
54. You do not encounter any other malefaction or change of weather, o bright-haired king of Burt, only things that raise spirits.

55. Do chuiris dhíot do dhocra

tug an toice domhanta

ort a mháoir tabaigh teamra

a thaghaidh sháoir shoidhealbha

56. O chrúachain meadhba an mhuir gloin

ní muirfidhe an agh eallaigh

go teamraigh gan toil do mhaoir

s ó breaghmuigh soir go seandhaoil

57. Súan na hoighe *ar* inis bfloinn

bith uaibhsí a áodh í domhnaill

gan chuimhne *ar* gach nolc aice

dar ngort cuinne as coruide

55. Do chuiris dhíot do dhocra,

tug an toice dhomhanta

ort, a mhaoir tabhaigh Theamhra,

a haghaidh saoir soidhealbha.

56. Ó Chruachain Meadhba an mhúir ghloin

ní muirbfidhe an agh alloidh

go Teamhraigh gan toil do mhaoir

's ó Bhreaghmhoigh soir go sean Daoil.

57. Suan na hoighe ar inis bhFloinn,

bídh uaibh-se, a Aodh Í Dhomhnoill;

gan chuimhne ar gach n-olc aige,

dar ngort Chuinn-ne is córai-di.

55a. C chuiris do. **55b.** B domanda, CF dhomhanta, D dhomhonta. **55c.** C tobhaidh, F tabhuidh. **55d.** BCD haghaidh; F aghuidh a *in áit* a thaghaidh; D saoir; B soidhealbha, D soidhealbhda, F shoidhealbhda.

56a. CD meidhbhe, F mheadhbha; BCDF mhúir ghloin; **56b.** D muirbfidhi; B adh; BCDF alloidh. **56d.** C bhreaghmhaigh, D bhreamhoigh, F bhreadhmhuigh.

57a. F hóige; CD floinn. **57b.** B biedh, CD bidh, F bíodh; BCD ui. **57c.** BCDF aige. **57d.** BCD cuinne, F ccuinne.

55. You have gotten through your troubles, worldly fortune has turned her noble, beautiful face towards you, o steward of Tara.

56. From Meadhbh's Cruacha of the noble rampart to Tara, and from the plain of Breлага over to the old river Deel, not [even] a wild deer would be killed without the permission of your steward.

57. Thanks to you, o Aodh Ó Domhnaill, the deer of Ireland may sleep; our field of Conn should have no memory of all its [past] evils.

58. Rann as gach ndán da dreich muill

ata ag áodh dfhíachaibh oruinn

ar ccéidcheile ar ccridhe dil

bile *eichtfréimhe* huidhir

58. Rann as gach dán dá dhreich mhoill

a-tá ag Aodh d'fhiachaibh oroinn,

ar gcéidchéile, ar grídhe dil,

bile éichtfhréimhe hUidhir.

58a. BCDF dán; B *deirc*, CDF dheirc; BCDF mhoill. **58c.** B cédchéle; CD ccroidhe. **58d.** C hudhir.

58. A quatrain from every poem for his noble face is due from me to Aodh, my first patron, my dear love, the tree of the accomplished root of Odhar.

NÓTAÍ

1a. Is é seo aistriúchán Minahane (2011).

1c. Ba litriúla ‘serpent-like’ mar aistriúchán ar *nathardha*. Tá sé aistrithe ag O’Grady ina aistriúchánsan mar ‘invidious’ (féach Aguisín 2).

2b. Tá *ra-* agus *ro-* inghlactha mar leaganacha na réimíre, agus tá an litriú *ratharbha* (in áit *rotharbha* mar atá i LSÍ B, C agus F) ag teastáil anseo don chuibheas inmheánach anseo (*ratharbha : hathardha*).

2c. Bheadh léamh B, C, D, E agus F (*níor dhíol dó* in áit *ní díol dó*) go breá anseo freisin.

3a. Bheifí ag súil le ginideach iolra tar éis *Mór* anseo (BST 206.9) agus tá *Mór rígh* na LSÍ athraithe agam go *Mór ríogh* san eagrán. Tá an t-aon sampla eile, cé nach bhfuil deimhniú meadarachta ann, de *mór ríogh* a bhfuil teacht agam air sa chorpas in McLaughlin (2005, 50–51), 14ab: *Mór ríogh dá rug a n-anáir / córaide é d'iongabháil* ‘Many are the kings whose honour it has destroyed; it is better, then, to avoid it’.

Tá an dara *-n-* in *innsi* (IGT ii §3) ann chun an síneadh meánach a léiriú, glacaim leis, agus tá sé bainte agam san eagrán de réir an pholasaí eagarthóireachta. Tá sé ag glacadh páirte i gcuibheas deiridh an rainn seo (*inse : timchill-se*). Glacaim leis gur leagan inghlactha eile (ainmneach uatha) é *innse* den ainmfhocal *inis* (IGT ii §150), cé go ndéanann Armstrong idirdhealú idir *inis* agus *innse* ina għluais (Armstrong 1985, 352–3). Tá sampla eile den fhoirm seo agus nóta fúithi in McManus (2008, 140, 151): *teacht tar iongnadh inse Cuinn / an inse fionnghlan álúinn*.

4a. Maidir le *muigheadh* (LS A) agus *maoidheadh* (LS F; níl an rann áirithe seo in aon cheann de sna LSÍ eile), glacaim le léamh A san eagrán, á athrú ó *muigheadh* go *muidheadh* (DIL s.v. *maidid* I) de réir an pholasaí eagarthóireachta. D’fhéadfai glacadh

le léamh F freisin, agus an t-aistriúchán a athrú go ‘battles were boasted / declared’ (féach *DIL* s.v. *moídem* (a), (b)).

4c. Déanann Herbert (2012, 456–62) plé ar an iomháineachas a bhaineann le doirse i gcomhthéacs na cogáiochta san filíocht mar shiombail mheafarach do chumas ceannairí a dtíortha a chosaint.

5d. Bainim an chiall ‘insult’ as an bhfocal *guth* sa chomhthéacs seo (féach *DIL* s.v. *guth* II) agus bainim an chiall litriúil ‘a non-insult to whomever would understand’ as an líne.

6a. I bhfianaise an bhriathair san aimsir fháistineach sa chéad líne eile (.i. *caithfidh sé*), cloím le léamh A (.i. *t[h]airgfeas*, 3 uatha aimsir fháistineach coibhneasta den bhriathar *tairgidh*) seachas le léamh F (.i. *thairgfeadh*, 3 uatha modh coinníollach).

6c. Maidir le *críoch linnte* ‘land with warm lakes’, féach *DMU* 2.1c: *críoch na n-iath linnte leabhar* ‘the country of the wide **territories with warm lakes**’.

8a. Is mar *cionn* (tabharthach uatha *IGT* ii §65) leis an mbarr caol -se (féach *IGT* i §14. agus *ABP* nota 217) a thuigim *cinn-se* anseo.

8c. Is díol suntais é nach bhfuil *fir* séimhithe anseo ar lorg *gach*, agus go bhfuil an easpa séimhithe seo deimhnithe ag an meadaracht (‘*s is gnáth ḡfoltanas gach ḡfir*’). Tá dornán samplaí eile sa chorpas a bhfuil an easpa séimhithe seo ann, mar shampla: *LClAB* 39.10ab: *Dob í freagra gach fir dhíobh / re faicsin aighte an airdríogh*.

Féach freisin go bhfuil séimhiú thúslitir *fir* (ginideach uatha) ar lorg *gach* deimhnithe ag uaim i ndán eile de chuid Eochaíd Uí Eódhasa: *ABM* 183.2cd: *do f(h)illedh álg[h]as gach f[h]ir / rángas grinniol an ghaisgidh*.

8d. Tá sampla eile den chomhfocal *ochtsholas* (.i. *ucht + solas*) in *DG* 60.5cd: *mór fá a cheann d'fholtanas ort / a sheang ochtsholas* éadrocht; agus in *TD* 8.10cd: *niamh a corn*

n-ochtsholus *n-óir / boltonus a corm gcomhóil.* ‘the brilliance of its bright-surfaced goblets, and the fragrant odour of its banquet ales’.

9b. Ar mhaithe le ciall an rainn, tá síneadh fada curtha ar fáil agam ar *rátha* le tacaíocht ó léamha C, D agus F.

9cd. Cloím le léamh A anseo maidir le *cogadh* agus *pobal* (*IGT* ii §17). Dá nglacfaí le léamha C agus D (*cogaíd : pobail*), bheadh *cogadh* sa ghinideach uatha, agus *pobal* san ainmneach iolra agus ba dheacair brí shásúil a bhaint as sin.

10cd. Tagann na LSÍ salach ar a chéile sna línte seo: 10c A *inleanta*, CDEF *imdheargtha* (*DIL* s.v. *imdergad*). Cloím le léamh A san eagrán, ach dá nglacfaí le léamh na LSÍ eile, d’athróinn an líne mar seo: *is é, a rí, is imdheargtha inn* ‘...that (.i. every trouble), o king, is what is reproachful...’

Maidir le líne 10d, *inbheanta* atá i ngach LS seachas LS D, áit a bhfuil *inleanta*. Arís, d’fhéadfaí glacadh leis an léamh seo agus an t-aistriúchán a athrú go ‘...a reason why one should not pursue Ireland...’

Tá an dá fhocal *imdheargtha* agus *inleanta* in úsáid le chéile i ndán eile le hEochaidh Ó hEódhasa, is é sin *AiD* 34.16cd: *ní fhuil lí mh ‘imdheargtha ort / ní ní as inleanta a n-éabhort* ‘the mark of my scorching is not on thee; my words are not a thing to be punished.’

Is mar shamplaí den aidiacht bhriathartha leis an réimír *in-* (a thugann an bhrí ‘should or must be done’) a thuigim *inleanta* (‘should or must be pursued’) agus *inbheanta* (‘should or must be taken’) (féach Greene 1966, 85).

11cd. Tá *iathghlan* athraithe agam go *fhiadhghlan* le tacaíocht ó léamha C, D agus E, athrú a chuireann comhardadh slán ar fáil sa leathrann (*fhiadhghlan : riaghla*).

12a. Tá séimhiú curtha ar fáil agam ar *chéad* sa líne seo ar lorg na huimhreach *Ceithre* (féach *IGT* i §20, agus *ABP* nota 299–311).

Bheifí ag súil leis go mbeadh an t-ainmfhocal *bliadhain* (*IGT* ii §10) sa ghinideach iolra anseo (.i. *bliadhan*) ar lorg *Ceithre chéad*, ach faightear ainmneach uatha freisin i gcásanna mar seo (féach McManus 1994, 426–7).

Le tacaíocht léamha C, D, E, agus F, tá 's curtha ar fáil agam sa líne seo ar mhaithe le brí an rainn.

12ab. Tá *lais : flathais* na LSe athraithe agam go *leis : flaithis*. Glactar leis an dá litriú *leis* agus *lais* in *BST* 194.15, ach ní ghlactar leis an litriú *flathas* in áit *flaitheas* in *IGT* ii §38 ná *DIL* s.v. *flaithius*. An t-aon sampla sa chorpas den litriú seo a bhfuil deimhniú meadarachta ann ná *SVBDL* 26.22cd: *gan chathas san slighe a bhos / acht flathas nimhe is parrhas*.

13a. Ní bháitear ó san iarméarla *ón* tar éis *a-tá* sa líne seo, le dhá ghuta fhada ag teacht le chéile. D'fhéadfaí glacadh le léamha C agus D anseo chomh maith (.i. *A-tá uimpe ón ló-sa a-le*) agus is beag difríocht a dhéanfadh an léamh sin ó thaobh brí de: ‘There is a cause for danger **about her** from **this** day onward...’

13b. Fágann smál beag i LS A doiléire sa léamh, ach táim beagnach cinnte de gurb é *mbé atá* i gceist. Is é *mbia* atá in C, D, agus F, agus *mbiaidh* in E. De réir *IGT* iii §7, is é *-bé* foirm spléach (3 uatha foshuiteach láithreach) an bhriathair *bheith* agus is é *-bia* an fhoirm spléach (3 uatha aimsir fháistineach). Glacaim le léamha C, D agus F sa chás seo, mar go mbraitheim gur fearr a thagann *mbia* leis an gcomhthéacs ná *mbé* ach d'fhéadfaí glacadh freisin le *mbé*, agus an t-aistriúchán a athrú ó ‘...that Gaels **will** forever...’ go ‘...that Gaels **might** forever...’.

13c. Le tacaíocht léamha C, D agus E, tá *cion* athraithe agam go *coir* chun cuibheas inmheánach a chur ar fáil le *ghoin*.

14a. Ar mhaithe le ciall an rainn, agus le tacaíocht léamha C, D, E agus F, tá *fluinn* athraithe agam go *Fhloinn*.

14c. Tá *bfuair* na LSe athraithe agam go *uair* chun uaim a chur ar fáil sa líne (*°uair fa °éineing*) (féach *IGT* iii §22).

14cd. Is mar *éan-* (*DIL* s.v. *óen*) leis an ainmfhocal *eang* (*DIL* s.v. 2 *eng* (b), ‘land/territory’) sa tabharthach uatha a thuigim *éineing* anseo. Cloím leis an litriú seo, atá in C, D agus E, in áit *éining*, atá in A agus F. Tá litriú *Éirinn* athraithe go *Éireinn* dá bharr seo de réir an pholasaí eagarthóireachta.

17a. *faghail* (= ‘plunder, ruin’) atá i ngach finné seachas F, áit a bhfuil *fagháil* (‘getting, receiving’ srl.). Cloím le léamh F mar go mbraithim gur fearr a oireann sé sin don chomhthéacs, ach dá nglacfaí le léamh A, d’athróinn an t-aistriúchán ó ‘**getting** the leadership...’ go ‘**the ruin of** the leadership...’

Tá *chlár* athraithe agam go *chláir* anseo i bhfianaise D, E agus F. D’fhéadfaí *chlár* a léamh mar ghinideach iolra (*IGT* ii §96) ach sa chás sin bheadh gá le hurú a chur ar fáil ina dhiaidh.

18c. Glactar le *teinn* (atá in C, D agus E) agus le *tinn* (in A agus F) mar ghinideach uatha *teann* ‘strait’ in *IGT* ii §63. Dá nglacfaí le *teinn* san eagrán, bheadh *Éirinn* le hathrú go *Éireinn* de réir an pholasaí eagarthóireachta.

19a. Bheadh léamh A (*baoghal*) nó léamh C, D, E agus F (*baoghlach*) ceart go leor anseo.

20c. Tá dá *bhaoghlaighe* aistrithe agam mar ‘however formidable’ (féach *DIL* s.v. *báeglach*).

21ab. Tá léamh A agus C (*radhairc*, seachas *radharc* in D, E agus F) deimhnithe anseo ag an meadaracht (*radhairc : fhiormamhaint*).

21d. Tagann na finnéithe salach ar a chéile sa líne seo i leith athruithe tosaigh. Tá C, D, agus F gan athrú tosaigh ar bith, agus A agus B le hurú ar *dtromadhbhal* agus *dteinnigh* ar lorg áinsíoch uatha, *teas*. Is féidir glacadh le hurú nó le heaspa uraithe ar lorg áinsíoch uatha nach bhfuil infhillte (féach McManus 1994, 359; agus *ABP* nota 781–4).

Tá *ttinntigh* athraithe agam go dtí *dteinntigh* (féach *IGT* ii §12; agus *DIL* s.v. 2 *tein(n)tech*, *tein(n)trech*).

22b. Níl séimhiú ar lorg an phorainm shealbhaigh *a* in A, B ná E, ach is léir gurb é an 3 uatha firinsneach atá i gceist agus tagairt déanta don phátrún i líne 22a. Coinním an séimhiú ar *ina cheann* i líne 22c chomh maith, d'ainneoin séimhiú a bheith ar iaraidh i leaganacha B agus E.

22c. Tá siolla ar iaraidh i leagan A agus, le tacaíocht na bhfinnéithe ar fad eile, tá *fa a cheann* athraithe agam go *ina cheann*.

22d. *Raoireann* atá in C agus D in áit *Raoileann*. Is é *Raoileann* atá ag *IGT* ii §129, ach tá trí shampla eile agam de *Raoireann* i ndánta a cumadh déanach sa tréimhse chlasaiceach; féach *Lúireach Chríosd fan gCalbhach Ruadh*, 3d: *an ghlainghrian ó ráith Raoireann* (Mac Cárthaigh 2003, 133); *Dia libh, a uaisle Éireann*, 11d: ‘*fa mhúr rathfhoirbhthe Raoireann*’ (Mac Cárthaigh 2002, 97); agus *Cion suirghe ag Éirinn ar Aodh*, 3d: *do fhoillsigh do Raith Raoireann* (*ABM* 104). Tugtar faoi deara go dtagann na samplaí thusaileas as LS D agus seans maith gur leagan scríobhaí é *Raoireann*.

23d. Bheadh léamh F *imneadh* ‘sorrows’ (*DIL* s.v. *imned*) in áit *airgneadh* ‘plunderings’ go breá anseo freisin.

Is sampla é *námhfhairche* (.i. námha + fairche) de *chomhfhocal canamhna*, ina mbáitear an guta ag deireadh na chéad mhíre. Féach *ABP* §94, agus nota 77.

24ab. Tá an éagsúlacht i LS D pléite agam thuas (lgh 7–8)

25cd. Cé nach bhfuil na foirmeacha seo (.i. *léigeadh / léigean* ná *tréigeadh / tréigean*) de *léagadh / tréagadh* in *IGT* ii–iii, is iomaí sampla díobh i ndánta eile agus, mar sin, coinním leagan na LSe san eagrán. Féach go bhfuil sampla eile de *léigeadh : tréigeadh* i ndán eile le hEochaíd Ó hEódhasa; *LB* 61.7cd: *dí do tréigeadh a togha / do léigeadh í a n-aontomha.*

26a. Is i LS A amháin atá séimhiú ar an ainmfhocal *feitheamh* (anseo sa ghinideach uatha *feithmhe*; *IGT* ii §101, §150). Tagraíonn an forainm sealbhach *a roimhe d'Éirinn féin*, is cinnte, ach d'fhéadfadh sé a bheith ag tagairt don ainmfhocal firinscneach *clár* i líne 25d (agus sa chás sin choinneofaí an séimhiú ina dhiaidh), nó don ainmfhocal baininscneach *inis* i líne 25c. I bhfianaise an fhorainm shealbhaigh bhaininscnigh eile sa rann (.i. 26b *a haimsighthe*), banim an séimhiú san eagrán.

26b. Bheifí ag súil le *ná* (mar atá i LS F) in abairt dhiúltach mar seo seachas *nó* (mar atá sna LSÍ eile ar fad).

28a. Tagann na finnéithe salach ar a chéile anseo: AB *hiongnadh*; CDE *d(h)iongna*; F *diomdha*. Ní féidir glacadh le léamh A, a d'fhágfadh an líne gan uaim. Tá *iongnadh* agus *diongna* ar aon bhrí lena chéile ('unusual'; féach *DIL* s.v. *ingnad, ingnáth* II (a), agus *DIL* s.v. 2 *dingna*) agus as sin tugaim an t-aistriúchán '...will not be surprised' ar *ní diongna dhó*. D'fhéadfai glacadh le léamh F chomh maith, cé nach dtiocfadh sé go maith le brí an rainn: *Ó Domhnaill, ní diomdha dhó...* 'Ó Domhnaill will not be dissatisfied (?)...'.

28cd. Teastaíonn foirm an ghinidigh uatha ag deireadh an rainn seo; mar sin, tá *éirinn* na LSe athraithe agam go *Éirionn*. Tá *linn* (28c) athraithe agam go *lionn* freisin chun comhardadh slán a choinneáil (glactar leis an dá fhoirm in *IGT* ii §191).

Le tacaíocht léamha B, C, D, E agus F, tá séimhiú curtha ar fáil agam ar lorg an fhorainm shealbhaigh *a* sa líne seo, óir is fearr a thagann *a cheart* le ciall an rainn.

29b. *dá mbeith* atá sna finnéithe ar fad (ach amháin go bhféadfaí *mbeith* nó *mbeath* a léamh i gcás LS B), ach tá sé seo athraithe agam go dtí leagan cuí an 3 uatha modh foshuiteach caite (.i. *dá mbeath*; féach *IGT* iii §7, agus McManus 1994, 416). Féach freisin nota 48a thíos.

Tá an briathar *a-tá* leis an réamhfocal *re* sa líne seo (*nach biadh re hÉirinn*) agus tá sé aistrithe agam mar ‘involved with’ faoi anáil ghluais McKenna (1940, 268): *a-tú re* ‘I deal with’.

30a. Tá siolla ar iaraidh i leagan A, agus tá *Bí* athraithe agam go dtí an fhoirm neamhspleách *Bídh*, a thagann le léamha B, C, E agus F. Fágann an t-athrú seo an lín ceart siollaí sa líne.

30d. Tagann na finnéithe salach ar a chéile ag túis na líne seo (A *as*, BCE *sa*, DF *san*). Is fearr a thagann *'s an* (léamh D agus F) leis an rann seo agus glacaim leis sin san eagrán. Tá sé tugtha faoi deara ag McManus (2019, 162–7) go gcailleann an t-alt (*an*) an *-n* go minic tar éis an chónaisc *is* (*agus*) i LSÍ, agus déanann sé plé air le samplaí eile ó LSÍ éagsúla.

31a. Le tacaíocht B, C agus F, tá *a ghuidhe* athraithe agam go *a nguidhe*, a thagann níos fearr leis an gciall ar lorg *do-gheibhid*. Níl séimhiú ann ar lorg an fhorainm shealbhaigh *a* i líne 31c (*a síorghuidhe*) ach amháin i leagan F, agus tacaíonn an easpa séimhithe sin

sna LSÍ leis an gcinneadh *a nguidhe* a léamh anseo. D’fhéadfaí *an ghuidhe* ‘the prayer’ a léamh chomh maith, mar atá i LS D.

32cd. Féach an ginideach comhaisnéiseach *Nuadhadh* (: *uamhan*) anseo. Tá neart samplaí sa chorpas den fhocal *rí* agus ainm dílis i gcomhaisnéis agus sa tuiseal céanna. Féach, mar shampla, *DiD* 60.6ab: *Mac Dé Athar, an Airdríogh* (: *ríomh*) ‘Son of God the Father, the Lord’; *IF* 16.49ab: *le Corc Caisil 's le na fhréimh / i bhfiadhnaise an ríogh rígh Néill* ‘with Corc of Caiseal and his tribesmen in the presence of King Niall’; *ABM* 123.16ab: *Té mhíolla muime an fhleadhóil / bean ríogh Éireann Éireamhónin* ‘Gentle Té, mistress of the drinking fest, wife of Éireamhón, king of Ireland.’¹²

33cd. Tá *síodh* athraithe agam go foirm an ghinidigh uatha, *sídh* (*IGT* ii §46), agus tá *ríogh* athraithe agam go dtí foirm an áinsígh uatha, *rígh* (*IGT* ii §21). Tacaíonn léamha B, C agus F leis an athrú seo.

34b. Tá *cruth éagcosmhail* aistrithe agam mar ‘a strange guise’. I scéal Chonaire, deirtear linn go raibh sé lomnocht nuair a shroich sé Teamhair: *Luidseom íarum in chruthsa & bádar trí ríg cacha sráite dina ceithri sráitib díá tíagad do Themair oca urnaideseom, & étach acco dó, ar is lomnacht da-rairngiread a thaideachd.* (Knott 1936), “So in this wise Conaire fared forth; and on each of the four roads whereby men go to Tara there were three kings awaiting him, and they had raiment for him, since it had been foretold that he would come **stark-naked.**” (Stokes 1902).

36b. Bheadh léamh B, C, D, agus F (i. *óigrí* ‘young king’ in áit *oighre* ‘heir’) ceart go leor anseo freisin.

¹² Táim buíoch de Damian McManus as na samplaí seo, agus na haistriúcháin orthu.

37c. Cé gurb é *diongadháil* an litriú stairiúil (*DIL* s.v. *dingbháil*), tá an litriú *diongmháil* an-choitianta freisin agus is é atá in *IGT* ii féin (§148). Tá sé aistrithe agam mar ‘worthy’ (féach *DIL* s.v. *dingbháil* II (b)).

38b. Tá normalú déanta agam ar litriú an bhriathair (1 uatha aimsir fháistineach) anseo, *fiafróchat* > *fiafróchad* (féach McManus 1994, 400).

39a. Tá normalú déanta agam ar litriú an bhriathair (3 iolra aimsir chaite) anseo, *do mholsat* > *do mholsad* (féach McManus 1994, 408).

39c. D’fhéadfaí *síodh* (ginideach uatha: *sídh*) a thuisceint mar ‘peace’ nó mar ‘fairy mound’ (féach *DIL* s.vv. 1 *síd*, *síth* agus 2 *síd*, *síth*).

40cd. Tá an dá fhocal aiceanta ag deireadh líne 40c ag déanamh comhardadh le déanach líne 40d (.i. *mhuir go muir* : *aghaidh*). Tá dornán samplaí de seo sa chorpas, mar shampla *DiD* 121.11cd: *do bhí an cruinne ó mhuir go muir / ní rí duine gan dúthaigh*. Féach freisin *BST* 24–5. D’fhéadfaí glacadh le léamh na LSÍ eile freisin, agus *gan shear* an leagain dhioplómaitiúil a athrú go *ní fhuil* (: *muir*).

Ba litriúla ‘without a man of a single utterance against you’ mar aistriúchán ar líne 40d.

41c. Tá an comhfocal *boinnheal* aistrithe agam mar ‘white-footed’ (féach *DIL* s.v. *bonn* I).

42c. Bheadh léamh F ceart go leor anseo freisin ó thaobh meadarachta de (ó *chathraibh Cuinn* ‘from the dwellings of Conn’), ach is fearr léamh A ó thaobh brí de (ó *chathair Chuinn* ‘from the dwelling of Conn’).

43c. Tá *seanchathaoir* aistrithe agam mar ‘old throne’ (féach *DIL* s.v. *cathair* (a)).

44a. Ar mhaithe le ciall an rainn, glacaim le léamh B, C, D agus F (.i. *A-táid*). Is dócha gur léigh scríobhaí *A-táid* (líne 43a) faoi dhó i gcás LS A.

D'fhéadfaí glacadh le léamh C agus D anseo freisin, *agaibh* in áit *agad*.

44b. Glactar le *éigin* agus *éigne* mar fhoirmeacha an ghinidigh uatha de *éigean* in *IGT* ii §53–4. Cloím le léamh A (.i. *éigin*) san eagrán, agus tá sé aistrithe agam mar ‘violence’ (féach *DIL* s.v. *éicen* (2)).

45b. Tá an mhír ghairmeach *a* ar iarraigdh i leagan A, agus tá sé curtha ar fáil agam ar mhaithle ciall, le tacaíocht na bhfinnéithe eile.

Tá *ua* aiceanta sa líne seo agus ag glacadh páirte san uaim (*ºn-umhla*, *aºua*).

45d. Is díol suime é go leanann an tuiseal áinsíoch *do cháir ar* sa líne seo. Féach go bhfuil sampla eile de *cáir ar* + áinsíoch i nDán 1.11: *Rí Éirne, acht gidh aithnidh dhamh / troma a fhiach ar fhonn Cruachan / ar séan a bhiodhbhadh, báidh linn / a cháir ar fhionnmhagh Oilill.*

46b. Tá ó *thiomna Néill* aistrithe agam mar ‘since the command of Niall’ (féach *DIL* s.v. *timne* I), ach d’fhéadfaí é seo a thuiscint mar ‘from the inheritance of Niall’ chomh maith (féach *DIL* s.v. *timne* III (a)).

47ab. Féach an chosúlacht idir an leathrann seo agus an leathrann sa dán *Gabhla Fódla fuil Chonaill*, 13ab: *A-táid uile, deóigh i ndeoigh / síol gConaill d'áis is d'aimhdheóin* (Mac Cárthaigh 1994, dán 4). Féach freisin nóta 50b thíos.

47d. Tá *uaithneadh* athraithe agam go *uaidhneadh* (*IGT* ii §2), atá ag teastáil don chuibheas inmheánach (*ruaighmheara* : *uaidhneadh*).

48a. Tagann na LSÍ go léir le léamh A ag túis na líne seo *dá mbeith* (ach amháin go bhféadfaí *mbeith* nó *mbeath* a léamh i gcás LSÍ B agus E), ach tá sé seo athraithe agam go dtí leagan cuí an 3 uatha modh foshuiteach caite (.i. *dá mbeath*; féach *IGT* iii §7, agus McManus 1994, 416). Féach freisin nóta 29b thusa.

49c. Tá *aisling a n-eagar a-nois* aistrithe agam ‘the way they (.i. the lands) are now organised is [like] a dream’, ach d’fhéadfaí *a* an leagain dhioplómaitiúil a léamh mar an réamhfocal *i*ⁿ agus an líne a aistriú mar ‘a dream now set forth’ (féach *DIL* s.v. *ecor, ecar* I).

49d. Bheifí ag súil le foirm an ainmnigh uatha seachas foirm an ghnidigh uatha i gcás an ainmfhocail fhirinsnigh *dreagan* agus é á úsáid go meafarach (féach McManus 1994, 369), agus dá réir seo ní fheicimid caolú ná athrú tosaigh ar na focail a thagann ina dhiaidh.

50. ‘The criminals who last year devoted themselves to war and conflict now farm the lands around the ancient castles of Oileach’ an t-aistriúchán a thugann McManus (2006) ar an rann seo bunaithe ar leagan an dáin i gcló in *ABM* 173.

50b. Tá an líne chéanna seo i ndánta níos deireanaí: *ABM*, 287.2b: *re cogthaibh ré coinghaluibh*; agus sa dán *Gabhla Fódla fuil Chonaill*, 12b. *i gcathaibh, i gconghalaibh* (Mac Cárthaigh 1994, dán 4). Féach freisin nota 47ab thusas.

Ní mar ‘cluster, branch’ (féach *DIL* s.v. 2 *congal*) atá *re conghalaibh* aistrithe agam ach mar ‘engaged in [...] conflict’ (féach *DIL* s.v. 1 *congal*).

51. ‘No cries [of fear], no watching over cattle from Srubh Brain to Beann Éadair; no plunderer anywhere in the woods; no lock [required] on storehouses’ an t-aistriúchán a thugann McManus (2006) ar an rann seo bunaithe ar leagan an dáin i gcló in *ABM* 173.

51a. Tá *Gan eimhghe* athraithe agam go *Gan éimhdheadh* ‘Without complaint’ (*IGT* ii §102; *DIL* s.v. *éimded, féimded*). Ba litriúla an t-aistriúchán ‘Without refusal/rejection’ air seo. D’fhéadfaí glacadh le léamh BCD freisin agus *Gan éigheamh* a chur ar fáil san eagrán ‘Without crying out’ (*IGT* ii §101; *DIL* s.v. *éigem*), nó le léamh F *Gan éigean* ‘Without violence’ (*IGT* ii §53–4; *DIL* s.v. *éicen* (2)).

51b. Bheadh léamh C agus D go breá anseo freisin, *go Beinn Gulbain* in áit *go Beinn Éadair*. D’athródh an léamh seo an chiall sa mhéid is go mbeadh an file ag tagairt do Thír Chonaill (.i. an dúiche ó Inis Eoghain go tuaisceart Cho. Shligigh), seachas do Leath Cuinn, nó d’Éirinn b’fhéidir (.i. Tír Chonaill go hÁth Cliath; féach Léarscáil 2). Féach go bhfuil an líne ó *Shruíibh Broin go Beinn Gulboin* in GB 3.7b; agus go bhfuil an líne ó *shruibh Bruin go Beinn Éadoir* in LCLAB 10.22b.

51c. Tá séimhiú bainte agam de thúsliitir *f(h)eadh* ar lorg an réamhfhocail *ar*. Tá an t-athrú seo ag teastáil chun uaim a chur ar fáil sa líne (*°feadh °bhfeadha*).

51d. Tá an t-ainmfhocal *teagh* sa tuiseal áinsíoch anseo ar lorg an réamhfhocail *ar*, rud a thugann le fios go bhfuil gluaiseacht i gceist. Dá bharr seo, tá *gan chomhla ar theagh aistrithe* agam mar ‘without [the need for] a door [to be put] onto a storehouse’ seachas mar ‘without a door on a storehouse’.

52b. Tá *cailgead* (le haghaidh *cailgeadh*, ginideach iolra, *IGT* ii §14) athraithe agam go *cailge* (ainmneach iolra).

53a. Tá léamh A *aichthibh* athraithe agam go *aighthibh* (*IGT* ii §4) le tacaíocht ó na finnéisithe eile.

Bheadh léamh F go breá anseo freisin, *Gríos* (*IGT* ii §39) in áit *Grís* (*IGT* ii §14).

53b. D’fhéadfaí glacadh le léamh B, C, D, E agus F anseo (.i. *gruaidhe*, *IGT* ii §14) in áit léamh A (.i. *gruadha*, *IGT* ii §39).

53cd. Tá *b[h]fuil* LS A athraithe agam go *bhfoil* (mar atá in LSÍ B agus C) chun cuibheas inmheánach a chur ar fáil (*bhfoil* : *goil*).

Tá an aidiacht *donn* (san ainmneach iolra anseo, *donna*) aistrithe agam mar ‘noble’ (féach *DIL* s.v. 2 *donn* II).

54ac. Ba litriúla ‘No other malefaction ... is possible under you (.i. during your reign)’ mar aistriúchán ar *Ní thig le hurchóid eile ... faoibh.*

55d. Ar mhaithe le ciall an rainn, tá *thaghaidh* athraithe agam go *haghaidh* san eagrán le tacaíocht na bhfinnéithe eile.

56abc. ‘From Meadhbh’s splendid Cruachain to Tara no one would dare kill a wild deer without the permission of your game-steward’ an t-aistriúchán a thugann McManus (2006) ar na línte seo bunaithe ar leagan an dáin i gcló in *ABM* 173.

56b. Mar a mholtar in *ABM* nóta 173, tá *eallaigh* athraithe agam go *alloidh* le tacaíocht léamha B, C, D agus F.

56d. Tá, ar a laghad, cúig abhainn in Éirinn ar a thugtar *an Daoil*; ceann acu i gCo. Dhún na nGall a ritheann trí Chonmhaigh agus trí Bhaile an Droichid sula ritheann sí isteach san Fheabhal gar do Leifear. Tá abhainn leis an ainm céanna i gCo. Mhaigh Eo, Co. Luimnigh, Co. na hIarmhí, agus Co. Chill Mhantáin.

Níl ciall leis an líne seo sa mhéid is go bhfuil an Daoil, más i gCo. Dhún na nGall atá sí, níos faide siar ná mar atá Co. na Mí, agus mar sin ní féidir dul *soir ó Bhreaghmhagh* go dtí an Daoil.

57a. D’fhéadfáí glacadh le léamh F anseo chomh maith, *Suan na hóige* in áit *Suan na hoighe*, agus é a aistriú mar ‘The slumber of youth (.i. care-free sleep).’ Cloím le léamh A anseo toisc go bhfuil an focal *agh* ‘deer’ (ginideach uatha: *oighe*; féach *IGT* ii §45) i líne 56b.

57c. Tá *aice* athraithe agam go *aige* le tacaíocht na bhfinnéithe eile. Tá an t-athrú seo ag teastáil chun cuibheas deiridh (comhardadh slán) a chur ar fáil (*aige* : *córai-di*). Bheadh *aice* ag déanamh tagartha don ainmfhocal baininscneach *inis* sa chéad líne (*ar inis*

bhFloinn, i. Éire) agus is féidir an leagan firinscneach a léamh mar thagairt don ainmfocal firinscneach *gort* sa chéad líne eile (*dar ngort Chuinn-ne*, i. Éire).

57d. Tá an comhardadh slán anseo idir *chuimhne* agus *Chuinn-ne* inghlactha (tuilleadh plé in McManus 2014).

AGUISÍN 1

Tras-scríbhinn ar Dhán 6 as LS E

Léiríonn na huimhreacha ar clé uimhreacha na rann comhfhereagrach i leagan A.

Feicimid na héagsúlachtaí is suntasaí idir línte 29d agus 32a, agus idir líne 55a agus an deireadh.

1. Diol fuatha flaithios eirenn • críoch Neill na naoi **gh(?)** gheibhionn feidhm is **nathardha** **fuir fear** • **bruaigh** na **hathardha** **dfeachaint**
2. Gach rígh ríamh o re ceasrach • da gó an toilen **imresain** no rotharbha **nír** dhiol do • sniomh na hathardha a **hoileamhain**
3. Mor rígh ga raibhe an **innsi** • ríamh do thuit na timchiollaírighe as **neamhaoibhne** fa nímh • thíre **gealaíd** (?) góidhal
5. Iomdha cuis **fan** cóir neamhthoil • da **bhfaiceadh** a hiomad dinnis teamhrach na trí fear • neamhghuth **dá mor** éd
6. Ge be tairccfeas a **tobhach** • caithfidh se seal **aighacht** crioch linnte do chosain **conn** • ar **tocht** impe dfulang
7. Righe **cochtuch** clair logha • iomdha deis **úr ochtona** da snadhmadh **tolaigh** an trí • adhbhar omhuin dá hairdrigh
8. Mor mbaoghal **bis** na cínnsi • **iomdha** truth na timcillsi s as gnath foltanus gach fir • fa rath noctsolus **nuisnnigh**
10. Gach lot ar aird no **gach** fios • **gach turbadh** tig na flaithios as e a **rígh** as **imdeargtha** inn • ni as narbh innbeanta deirinn
9. Lor do dhochar na **deaghaidh** • **rioghachtus** (?) ratha muireadhaidh a faghla cogaidh do chosg • **popuil** nach tarbha a tteagasc
11. Iomdha a heccoir re **hataidh** • **iomdha** a huilc **sá** sa hanachain crioch **fiadhghlan** na **neatal** tte • **deacuir** riaghlaídh na righe
12. Ceithre. c **bliadnan** (?) s barr **leis** • atá sí ar seachran **flaithio<fa>thís** an crioch fermhin **toinngeal** **te** • gan enrí doirneadh **innte**
13. Ata on losin **ale** • **fa** baoghail **co mbiaidh** choidhche ful sa bhfuil **coir** sa cionid • guin sa **goín** ag gaoidhiolaibh

14. An measaid gaoidil guirt **floinn** • nach **aimhleisg** daodh ó dhomnaill sa bhfúair fa eineing **ccoigidh** • buain fa eirinn **nurchoidigh**
15. **An** measdais an measfadhbh féin • nach **connradh** doiligh doisein **búain fa** eing beandfhúair do bhi ag airt • **neamhbuán gach** ri na **righacht**
16. **Nir** **da** baoghlach da barr toigh • cosg **fhaghla** na ccoig ccoigeadh a **neirinn** glanaoibhne fan gnath olc • ní **fa romhaoidhimh** a riogacht
17. Faghail ceannais **clair** da thi • muna **dearna** i ndligh **ardrigh** **taire dot** gríosnaraigh ghil • beith ar **cioscain** cuigidh
18. **Maith** a ttus a ratha • nach iomcuir ainm **ardflaithe** **tire tuirnamh** a teinn • **turbadh** oile fa eirinn
19. **Fa** baoghlach da barr cas • as e an bile ard **fashas** os **ceann** barr **ngeagdoire** nglan • **crann** dan céadghoibre claonadh
20. An bheann as airde air uairibh • os cionn gach tuir taobhnuaghil da bhaoghlaigne da mbí **an** tor • ní hi as saoghlaigne seasamh
21. Gach ard sleibhe as sia **radharc** • s as foicci don **fíormamint** gnath donnadhnadh a sleas sin • **re** teas **dromadbadh** (?) tinntigh
22. **Tuicthe** do domnaill duin **breagh** • fiu a cumacht ar **cloinn** **mileadh** duaman ar chach **ina ceann** • da **mbuaileadh** im rath raoileann
23. Buain imme as **adhbhadh** (?) gabaidh • **fechad ri** sil seandalaigh an diol gradhaighthe gort **breagh** • namhfairche olc is airccneadh
24. Gidheadh dob adhbar dearghtha • da **gnuis** cruithghil **coinnellta** **criochh** armdha na neachra mear • seachna banbha ar a buaidreadh
25. **Gidh be** mar ta teamhair cuinn • ní **he s deireadh**(?) daodh ó domhnaill a **leigean** i **llaimh** oile • **no tregean** clair conoire
26. Ni diulta ar doilghe a **feithme** • dfuath a huilc no **hairmeadh** inis neill ... **ngeigfheadh** nglas • **eigean** dreim ris an duthcas
27. An lacha sa lo seaca • teid si fan **sreabh** **noighreachta** lor do **cor** doimheanma dhi • **toil** na hoileamna aice
28. O domhnaill ni **diongna** do • **bfaighhe** impe **danródh** **ceart** na lachan ar an linn • a **cheart** ar achadh **eirionn**
29. Ni heidir da **earla** slim • da mbeith nach **biaidh** re heirinn geg ó brugh bláthasnach **breagh** • dul do gnathaslash ...

30. **Bidh** an duine fa dhun **baoidh** • s fa sruth **banda deigmhín**
s uim ghealbuill ag guidhe lais • sa duine im **dhun durlas**
31. Maith do gheibhid a guidhe • **frith** roimhe a re ...
luagh a siorghuídhe mar sin • ~~fíomh~~ **re sluagh fiomnaigh** ...
32. Do bhi teamhuir mar **ata niodh** • gan righ **da aithniodh**
tair eis an **righ** nuadhadh neacht • dar líon uamhan an toireacht
33. Tionoilit go **teamraigh** neill • **guidh** in naoinnfeacht ainnsean
gasraídh siodh fionntolcha fail • le riogh **niontoghtha** dfaghail
34. Gearr co ttainic an tansoin • conaire i **ccruthhadh eccasmhoil**
i **cceann ogbuidhe** fear fail • na ogruire mear **macamh**
35. A mic ar maithe banbha • ni dleacht oirneadh **tionnamhla**
os tiormhulaigh na **trit ffionn** • **niodh** ri iomcubaigh eirionn
36. **Ffreagra** an mic maith a **toradh** • ga dulc oighre **easlabhra**
os crich ttairtigh **teamhrach breagh** • neamhghuth ar **naithghin** doirneadh
37. Seinbean cuinn ní cuis mhaoidhimh • do bhi ar se gar **seandaoinbh**
nach diongmala don mnáoi mé • ni hionradha ar aoí mhoige
38. **Gidh** óg me ní meisde **sin** • fiafrochat fios a ndlighim
a ndoigh follamhnaidh fhoild **breagh** • dollamhnaibh na ccoig ccoigeadh
39. Do molsat maithe banbha • i **naoinfheacht** a urlabhra
os clar te na toinnsreabh sidh • do hoirneadh é na **airdrigh**
40. Ata cuis nach cosmail soin • riots a rí **fhreamhi** daloigh
feadh saorbanbha o muir **co** muir • **ní fuil** aonlabhra it aghaidh
41. ... toigebha truth aoinfhír • ni deargfa dreach **fíonn**gaoidil
do **sluagh** boinneal tolcha an trir • **toireonadh** (?) ortha **mair** airdigh
42. Dar leó ni malairt meallta • ní isleocha a naígeanta
aithne an tsloighsi a **cathair** cuinn • foibhsí na fflathaibh **fearuinn**
43. Taid ag tiomna banbha • duit o righ go rioghdhamhna
suigh a **seanchathaoir** **breagh** • neamhthatháoir dóibh a **deinaimh**
44. Atait ... a aodh rúaidh • gan lá **éigne** gan anbuain
seachbanbha madh loinn libh • o cloinn mearcalma milidh
45. **Seinsliocht** gaoidil glais • moide a numhla a ua Maghnais
dot gnuis nair <niam>thar **minn** • do chóir ar iathmagh **erinn**

46. Teagdhais airt an fuinn gríanaigh • dleaghair ó thiomna neill naoighiallaigh laoich ler tileadh teamhair cuinn • dleaghair do chíneadh conuill
47. Flaithos eareann deóigh i ndeóidh • gnath aca dais is daimhdheoin laoich rúaighmeara fa bhfiar fiodh • uaithneadh glíadh na ngaoideal
48. Da mbeith nach dliughfidh duit • íath fodhla fearann corbhmuc ar deighreacht do tuill tusa • eighreacht an fuinn unussa
49. Do cuiris críocha banbha • i nathruighibh ecosamhla aisling a neagaranois • a dhreagain baisslim bearnois
50. Na biodbaidh do bhi anuraidh • re cogthaibh re conghuluibh na treabhthacaibh ataид sin • fa seanchlochaibh foid oiligh
51. Gan eigein gan faire cruidh • o shrubh bruin co beinn eidir gan fear foghla ar feadh bhfeadha • gan comhla ar teagh taisgeadh
52. Dus (?) sníomh earla fheadhh scottach • na cailge bheach mbinnngotach no learg mhoighe ag ceacht da creim • gan eacht oile fa eirinn
53. Gris i naughtibh col fleadh • gruaidhe donna ag dail maoineadh as e a bhfuil don adhnadh ann • no goil ag adhnadh abhann
54. Ni tig le húrchoid eile • no le hiomlaoid aimsire fad a rí barrglan bearta • acht ni as adhbhar aigeanta
55. Do chuiris diot do dhochra • tucc an toice do muinntire ort a mhaoir tobaigh teamra • a haghaidh saoir soidhealbhida
56. O cruachain Mheidhbhe an mhuir gloin •ní muirfidhe fiadh no gearrfhiadh cco teamhraigh gan toil do mháoir • s o bhreaghmoigh eoi sa deistaoibh
57. Suan na hoige ar inis floinn • bidh uaibhsí a aodh i dhomhnaill gan cuimhne ar gach olc age • dar i gort ... conuill
58. Rann as gach dan da deirc moill • ata ag aodh u domnail ar ccedchele ar ccridhe dil • bile an fuinn fheridh (?)

Aistriúchán O'Grady ar chodanna de Dhán 6 (rann 1, rainn 32–9)

1. A mark of hatred is the sovereignty of Ireland—land of Niall of the nine royal fetters [i.e. regal hostages] ; task most invidious that man has ever had is the guarding of his patrimony's borders.'

32–9. After king *Nuadha Necht* once Tara was (and so to-day she is) reft of a king of the Gaels' royal line, whereby dismay filled all the populace. To Niall's Tara they flock together then, where with one accord they intreat the gentles of that fair hill of Innisfail to find a king worthy of election. But a short time it was hereupon when to meet the warriors of the Men of Innisfail *Conaire* came in guise unlikely, for he was but an impetuous youthful chieftain and a stripling. The chiefs of Ireland said : Son, to inaugurate the like of thee over the dry [i.e. comfortable and pleasant] hill of the three Finns is not beseeming ; no fitting king of Ireland art thou. The youth's answer—one that bore good fruit—was this : what manner of evil may a young king and a generous be ? to inaugurate just such a one as we over the fruitful land of Bregia's Tara would be a course devoid of blame. Conn's spouse of old, he said, and 'tis a matter for meeding not loud proclamation, belonged to our 'old people' [i.e. forebearers] ; that I am not a good match for the woman is not to be asserted by reason of my youth. If young we be, yet are we none the worse for that : the knowledge of all that which in order to the ruling of Bregia's soil is incumbent on me I will enquire [and so learn] of the ollaves of the five provinces. As one man Ireland's chiefs approved his eloquence ; and therefore he was ordained king supreme over the temperate region of peaceful rippling streams [i.e. Ireland]. But yet, a cause there is why his case is not identical with thine, O king of *Dálach*'s stock : from sea to sea

throughout all Ireland no single utterance is heard to oppose thee. It will not raise envy of any man—will not flush the cheek of a single Gael—that the white-footed host of *Tulach in trír* should inaugurate thee as archking over them.

(O'Grady 1926, 470–1)

GIORRÚCHÁIN

- ABM* Damian McManus and Eoghan Ó Raghdhaigh (eds.), *A bardic miscellany: Five hundred bardic poems from manuscripts in Irish and British libraries* (Dublin: Trinity College Dublin, 2010).
- ABP* Eoin Mac Cártáigh, *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 2014).
- AFM* John O'Donovan (ed.), *Annála Ríoghachta Éireann: Annals of the kingdom of Ireland by the Four Masters, from the earliest period to the year 1616* (Dublin 1854; ceadaíodh ar líne: <https://archive.org/details/annalsofkingdomo05ocleuoft>).
- AiD* Lambert McKenna (ed.), *Aithdiogluim Dána* (Dublin: Irish Texts Society, 1939 and 1940).
- AÓD* Lambert McKenna (ed.), *Dánta do chum Aonghus Fionn Ó Dálaigh* (Dublin and London: Maunsel and Co., 1919).
- AU* *The Annals of Ulster* (Cork: Corpus of Electronic Texts; ceadaíodh ar líne: <https://celt.ucc.ie//published/T100001A/>).
- BST* Lambert McKenna (ed.), *Bardic Syntactical Tracts* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1944).
- Butler* James Carney (ed.), *Poems on the Butlers of Ormond, Cahir and Dunboyne (A.D. 1400–1650)* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1945).

- Dán Dé* Lambert McKenna (ed.), *Dán Dé: the poems of Donnchadh Mór Ó Dálaigh, and the religious poems in the Duanaire of the Yellow Book of Lecan* (Dublin: Educational Company of Ireland, 1922).
- DG* Thomas F. O’Rahilly, *Dánta Grádha: an anthology of Irish love poetry (1350–1750)* (Dublin and Cork: Cork University Press, 1926).
- DiD* Láimhbheartach Mac Cionnaith (eag.), *Dioghlúim dána* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1938).
- DIL* Gregory Toner, Máire Ní Mhaonaigh, Sharon Arbuthnot, Marie-Luise Theuerkauf and Dagmar Wodtko (eds.) *Electronic Dictionary of the Irish Language* (accessed online: www.dil.ie).
- DMU* David Greene (ed.) *Duanaire Mhéig Uidhir: the Poembook of Cú Chonnacht Mág Uidhir, lord of Fermanagh 1566–1589, edited from the Copenhagen manuscript* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1972).
- GB* Nicholas J.A. Williams (ed.), *The poems of Giolla Brighde Mac Con Midhe* (London: Irish Texts Society, 1980).
- IF* Lambert McKenna (ed.), *Iomarbhágh na bhfileadh: The contention of the bards* (London: Irish Texts Society, 1918).
- IBP* Osborn Bergin (ed.), *Irish Bardic Poetry: Texts and translations, together with an introductory lecture by Osborn Bergin with a foreword by D.A. Binchy compiled and edited by David Greene & Fergus Kelly* (Dublin: Dublin Insititute for Advanced Studies, 1970).
- LB* Seán Mac Airt (ed.), *Leabhar Branach: The Book of the O’Byrnes* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1944).

- LClAB* Tadhg Ó Donnchadha (eag.), *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1931).
- Magauran* Lambert McKenna (ed.), *The Book of Magauran: Leabhar Méig Shamhradháin* (Dublin: 1947).
- O'Hara* Lambert McKenna (ed.), *The Book of O'Hara: Leabhar Í Eadhra* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1951).
- O'Reilly* James Carney (ed.), *Poems on the O'Reillys* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1950).
- PB* Lambert McKenna (eag.), *Philip Bocht Ó hUiginn* (Baile Átha Cliath: Talbot Press, 1931).
- POD* J. Fraser and J.G. O'Keefe (eds.), *Poems on the O'Donnells: 1200 to 1600* (London: Sheed and Ward, 1931).
- RGH* Parthalán Mac Aogáin (ed.), ‘Rudimenta Grammaticae Hibernicae’, *Graiméir Ghaeilge na mBráthar Mionúir* (Baile Átha Cliath, 1931).
- State Papers* *Calendar of the State Papers relating to Ireland, of the Reigns of Henry VIII., Edward VI., Mary, and Elizabeth, 1509–1573* (London: Longman. H.M.S.O. 1860–1912).
- SVBDL* William J. Watson (ed.), *Scottish Verse from the Book of the Dean of Lismore* (Edinburgh: Scottish Gaelic Texts Society, 1937).
- TD* Eleanor Knott (ed.), *A bhfuil aguinn dár chum Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591): The bardic poems of Tadhg Dall Ó hUiginn (1550–1591)*, Vols I and II (London: Irish Texts Society, 1922, 1926).

LEABHARLIOSTA

Abbot, T. K. and E. J Gwynn, *Catalogue of the Irish Manuscripts in the Library of Trinity College, Dublin* (Dublin: 1921).

Armstrong, John, ‘A glossarial index of nouns and adjectives in Irish grammatical tracts II–

IV’, *Proceedings of the Harvard Celtic Colloquium* 5 (1985) 187–410.

Black, Ronald, ‘A manuscript of Cathal Mac Muireadhaigh’, *Celtica* 10 (1973) 193–209.

Brackett, Virginia, *The Facts on File Companion to British Poetry: 17th and 18th Centuries* (New York: Facts on File Publishing, 2008).

Bradshaw, Brendan, ‘Manus “The Magnificent”: O’Donnell as Renaissance prince’, *Studies in Irish history presented to R. Dudley Edwards*, Art Cosgrove and Donal McCartney (eds.) (Dublin: University College Dublin, 1979), 15–36.

Breatnach, Diarmuid, agus Máire Ní Mhurchú, ‘Ó hEODHASA, Eochaíd (c.1568–1612)’ (ceadaíodh ar líne Meitheamh 2020: <https://www.ainm.ie/Bio.aspx?ID=1446>).

Breatnach, Pádraig A., ‘A covenant between Eochaíd Ó hEódhusa and Aodh Mág Uidhir’, *Éigse* 27 (1993), 59–66.

Breatnach, Pádraig A., ‘Ornamentation in *Rannaigheaccht*’, *Dá dTrian Feasa Fiafraighidh: Essays on the Irish Grammatical and Metrical Tradition*, Gordon Ó Riain (ed.) (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 2017), 293–337.

Cameron, Alexander, *Reliquiae Celticae: Texts, papers and studies in Gaelic literature and philology*, Alexander Macbain and John Kennedy (eds.), Vol. 2: *Poetry, history and philology*, Inverness, 1894.

Carney, James (ed.), *Poems on the O'Reillys* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1950).

Carney, James, *The Irish Bardic Poet* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1967).

Carney, Maura, ‘III. Agreement between Ó Domhnaill and Tadhg Ó Conchobhair concerning Sligo Castle (23 June 1539)’ *Irish Historical Studies* 3, No. 11 (1943) 282–296.

Dinneen, Patrick, *Foclóir Gaedhilge agus Béarla* (Dublin: Irish Texts Society, 1927).

FitzPatrick, Elizabeth, *Royal Inauguration in Gaelic Ireland c.1100–1600: a Cultural Landscape Study* (Woodbridge: Boydell and Brewer, 2004).

Greene, David (ed.), *Duanaire Mhéig Uidhir: the Poembook of Cú Chonnacht Máig Uidhir, lord of Fermanagh 1566–1589, edited from the Copenhagen manuscript* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1972).

Greene, David, ‘The prefix *in-*’, *Ériu* 20 (1966) 82–6.

Greene, David, ‘Middle quantity in Irish’, *Ériu* 16, (1952) 212–8.

Hayes-McCoy, Gerard Anthony, *Irish Battles: A Military History of Ireland* (Belfast: Appletree Press, 1990).

Herbert, Trevor, ‘Móitífeanna agus íomháineachas míleata sa dándíreach’ (tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe; Baile Átha Cliath: Roinn na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, 2012).

Hill, George, *An historical account of the Macdonnells of Antrim : including notices of some other septs, Irish and Scottish* (Belfast: Archer, 1873).

Hoyne, Mícheál, ‘On stressed monosyllables ending in a short vowel in Classical Modern Irish’, *Celtica* 28 (2016) 186–200.

Knott, Eleanor, *An introduction to Irish syllabic poetry of the period 1200–1600*, 2nd ed. (Cork: Cork University Press, 1934).

Knott, Eleanor, *Togail Bruidne Da Derga* (Dublin Institute for Advanced Studies, 1936), ceadaíodh ar líne Bealtaine 2020: <https://celt.ucc.ie/published/G301017/>.

Mac Cáरthaigh, Eoin, *Poems on the Uí Dhomhnaill (circa 1641)*, unpublished PhD thesis (Trinity College Dublin, 2008).

Mac Cáरthaigh, Eoin, ‘Three Poems by Maol Muire Ó hUiginn to An Calbhach Ruadh Ó Domhnaill’, *Ériu* 48, (1997) 59–82.

Mac Cáरthaigh, Eoin, ‘Dia libh, a uaisle Éireann (1641)’, *Ériu* 52 (2002) 89–121.

Mac Cáरthaigh, Eoin, ‘Lúireach Chríosd fan gCalbhach Ruadh’, *Celtica* 24 (2003) 130–9.

Mac Cáरthaigh, Eoin, *The Art of Bardic Poetry: A New Edition of Irish Grammatical Tracts I* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 2004).

Mac Cáरthaigh, Eoin, “‘Mo mhallacht ort, a shaoghail’ (c.1655): Dán is a sheachadadh”, *Ériu* 63 (2013) 41–77.

Mac Cáरthaigh, Eoin, ‘Gofraídh Óg Mac an Bhaird cecinit: 1. “Deireadh flaithis ag féin Gall”’, *Ériu* 65 (2015) 57–86.

Mac Cáरthaigh, Eoin, ‘Gofraídh Óg Mac an Bhaird cecinit: 3. “As truagh cor chríche Banbha”’, *Ériu* 67 (2017) 99–139.

McKenna, Lambert (ed.), *Aithdiogluim Dána*, Vols I and II (Dublin: Irish Texts Society, 1939, 1940).

McKenna, Lambert, ‘Geall in Irish Poetry’, *Féil-sgríbhinn Eóin Mhic Néill: Essays and studies presented to professor Eoin MacNeill on the occasion of his seventieth birthday, May 15th 1938*, John Ryan (ed.) (Dublin: Three Candles, 1940), 62–71.

McKenna, Lambert (ed.), ‘Some Irish Bardic Poems: LXXX. Christ Our Saviour’, *Studies: An Irish Quarterly Review* 38 (1949), 183–8.

McKernan, Owen, “‘Treóin an cheannais’ by Gofraídh Óg Mac an Bhaird”, *Éigse* 5 (1945–1947) 8–24.

McLaughlin, Róisín, ‘A Threat of Satire by Tadhg (mac Dáire) Mac Brúideadhá’, *Ériu* 55 (2005) 37–57.

McManus, Damian, ‘An Nua-Ghaeilge Chlasaiceach’, *Stair na Gaeilge: in ómós do Pádraig Ó Fiannachta*, Kim McCone, Damian McManus, Cathal Ó Háinle, Nicholas Williams, agus Liam Breathnach (eag.) (Maigh Nuad: Roinn na Sean-Ghaeilge, Coláiste Phádraig, 1994), 335–445.

McManus, Damian, ‘An Elegy on the Death of Aodh Ó Conchobhair († 1309)’, *Ériu* 51 (2000) 69–91.

McManus, Damian, “‘The smallest man in Ireland can reach the tops of her trees’: images of the king’s peace and bounty in bardic poetry’, *Memory and the modern in Celtic literatures* (2006), 61–117.

McManus, Damian, ‘Niall Frosach’s ‘act of truth’: a bardic apologue in a poem for Sir Nicholas Walsh, Chief Justice of the common pleas († 1615)’, *Ériu* 58 (2008) 133–68.

McManus, Damian, ‘Varia II. Classical Irish miscellanea’, *Ériu* 64 (2014) 213–27.

McManus, Damian, ‘Cormac mac Airt in Classical Irish Poetry: Young in Age but Old in Wisdom, and not Entirely Flawless’, *Ollam: Studies in Gaelic and Related Traditions in Honor of Tomás Ó Cathasaigh*, Matthieu Boyd (ed.) (Maryland: Fairleigh Dickinson University Press, 2016), 117–140.

McManus, Damian, ‘On the use of the *urlann* in *deibhidhe* and *séadnadh* metres in Classical Irish verse’, *North American Journal of Celtic Studies* I (2017) 61–81.

McManus, Damian, ‘Early Modern Irish miscellanea’, *Ériu* 69 (2019) 155–70.

Minahane, J., ‘Documents of a spiritual resistance’, *Dublin Review of Books* (Winter 2011), ceadaíodh ar líne Bealtaine 2020: <http://www.drb.ie/essays/documents-of-a-spiritual-resistance>.

Moody, Theodore William, Francis Xavier Martin, and Francis John Byrne (eds.), *A new History of Ireland*, Vol. III: *Early modern Ireland, 1534–1691* (New York: Oxford University Press, 1976).

Ní Dhomhnaill, Cáit, *Duanaireacht* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1975).

Ní Shéaghda, Nessa, *Catalogue of Irish Manuscripts in the National Library of Ireland: Fasciculus V, MSS. G 161 – G 207* (Dublin: Dublin Institute for Advanced Studies, 1979).

Ó Baoill, Colm, ‘Person-shifting in Gaelic Verse’, *Celtica* 21 (1990) 377–92.

Ó Caithnia, Liam, *Apalóga na bhfilí 1200–1650* (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 1984).

Ó Cleirigh, Tomás, ‘A poem book of the O’Donnells’ [parts 1 and 2], *Éigse* 1/1–4, (1939–40) 51–61, 130–142.

Ó Concheanainn, Tomás, ‘Dán molta ó Fhearghal Óg Mac an Bhaird’, *Celtica* 16 (1984) 73–85.

Ó Cuív, Brian, ‘Ionmhain an triúr théid san luing’, *Celtica* 9 (1971) 191–9.

Ó Cuív, Brian, ‘The Earl of Thomond and the poets, A.D. 1572,’ *Celtica* 12 (1977) 125–45.

Ó Donnchadha, Tadhg (eag.), *Leabhar Cloinne Aodha Buidhe* (Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair, 1931).

Ó Donnchadha, Tadhg (eag.), *Leabhar Muimhneach maraon le suim agusíní* (Baile Átha Cliath: Foillseacháin Rialtais, 1940).

Ó Fiannachta, Pádraig, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig, Má Nuad*, Fascúl II (Má Nuad: Cuallacht Choilm Cille, 1965).

O’Grady, Standish Hayes, *Catalogue of Irish Manuscripts in the British Library*, Vol. 1 (London: British Museum, 1926).

Ó Hainle, Cathal G., ‘Teora dréachta adhmholta do chuinghidh shíodha’, *Saoi na hÉigse: Aistí in ómós do Sheán Ó Tuama*, Pádraigín Riggs, Breandán Ó Conchúir, agus Seán Ó Coileáin (eag.) (Baile Átha Cliath: An Clóchomhar Tta, 2000), 1–22.

Ó Maolalaigh, Roibeard, ‘The mutational effects of the preposition ós: *Bile ós Chrannaibh* and Related Matters’, *Scottish Gaelic Studies* 30 (2016) 73–111.

Ó Raghallaigh, Eoghan (ed.), *Poems from the Nugent Manuscript* (unpublished PhD thesis, Trinity College Dublin, 2008).

O’Rahilly, Thomas, *A Miscellany of Irish Proverbs* (Dublin: The Talbot Press, 1922).

O’Rahilly, Thomas, *Dánta Grádha: An Anthology of Irish Love Poetry (A.D. 1350–1750)*, (Dublin and Cork, Cork University Press, 1926).

O’Rahilly, Thomas, *Catalogue of Irish Manuscripts in the Royal Irish Academy*, Fasc. I (Dublin: Royal Irish Academy, 1926).

Plummer, Charles, *Betha Náem nÉrenn: Lives of the Irish Saints*, Vol. I (Oxford: Clarendon Press, 1922).

Quiggin, E.C., ‘A poem by Gilbride MacNamee in praise of Cathal O’Conor’, *Miscellany presented to Kuno Meyer*, Osborn Bergin and Carl Marstrander (eds.) (Halle: Max Niemeyer Verlag, 1912), 167–77.


Sims-Williams, Patrick, ‘Person-switching in Celtic panegyric: Figure or fault?’, *Heroic poets and poetic heroes in Celtic tradition*, J.F Nagy and L.E. Jones (eds.) (Dublin: Four Courts Press, 2005).

Stokes, Whitley (trans.), *The Destruction of Da Derga's Hostel*, (LU, Paris 1902), ceadaíodh ar líne Bealtaine 2020:
<https://sourcebooks.fordham.edu/source/1100derga.asp>.

Walsh, Paul (ed.) *Beatha Aodha Ruaidh Uí Dhomhnaill*, electronic edition compiled by Benjamin Hazard (Cork: University College Cork, 2012), ceadaíodh ar líne Bealtaine 2020: <https://celt.ucc.ie/published/T100080.html>.

Williams, Nicholas J. A (ed.), ‘A Poem by Seán Ó Neachtain’, *Éigse* 16 (1975–6) 29–49.

LÉARSCÁIL 1
Tiarnais agus teaghlaigh na hÉireann c. 1534




Tá an léarscáil thuas bunaithe ar “Map 1, LORDSHIPS, c. 1534”
le K.W. Nicholls (Moody 1976, 2–3)

Eochair Learscáil 1

1. **Mac Domhnaill**, Dán 1.43b; Dán 5.26b, 41a, 49b
2. **Mac Donnchadha**, Dán 1.50a
3. **Mac Mathghamhna**, Dán 5.8b
4. **Mac Suibhne Boghaineach**, Dán 1.44c; Dán 5.11a, 14d, 37a
5. **Mac Suibhne Fánad**, Dán 1.44c; Dán 5.11a, 16d, 37a
6. **Mac Suibhne na dTuath**, Dán 1.44c; Dán 5.11a, 15a, 37a
7. **Mac Uibhilín**, Dán 1.42b
8. **Mac Uilliam Uachtarach**, Dán 1.13d
9. **Mág Uidhir**, Dán 1.8c, 47b; Dán 6.58d
10. **Ó Baoighill**, Dán 1.45b; Dán 5.18a, 38a
11. **Ó Briain (i. Tuamhain, Clann Chéin, Clann Táil)**, Dán 2.9a; Dán 5.48
12. **Ó Catháin**, Dán 1.42b
13. **Ó Conchobhair**, Dán 1.49b
14. **Ó Dochartaigh**, Dán 1.45a; Dán 5.39a
15. **Ó Domhnaill**, *passim*
16. **Ó Donnghaile**, Dán 5.27b
17. **Ó Fiachra**, Dán 1.50b
18. **Ó Gallchobhair**, Dán 1.46b; Dán 4.13c; Dán 5.19a, 40a
19. **Ó Néill**, Dán 1.7a, 40c; Dán 5.2a, 7c, 18b, 32a
20. **Ó Néill (Clann Aodha Buidhe)**
21. **Ó Raghallaigh**, Dán 1.48a
22. **Ó Ruairc**, Dán 1.10d, 48a

LÉARSCÁIL 2
Logainmneacha a luaitear sna dánta




Eochair Léarscáil 2

- A. **An Bhanna (abhairn)**, Dán 6.30b
- B. **An Bhúill (abhairn)**, Dán 6.30a
- C. **An Daoil (abhairn)**, Dán 6.56a
- D. **An Duibh (abhairn)**, Dán 1.9d
- E. **An Éirne (abhairn) / Loch Éirne**, Dán 1.11a; Dán 4.6a, 28b
- F. **An Fhinn (abhairn)**, Dán 5.2c, 29a, 47a
- G. **Bearnas**, Dán 3.5a, 7a, 15a; Dán 6.49d
- H. **Beann Éadair**, Dán 6.51b
- I. **Cáirlinn**, Dán 5.29b
- J. **Ceann Coradh**, Dán 1.12b
- K. **Ceann Maghair**, Dán 1.17b
- L. **Coirrshliabh**, Dán 1.9d
- M. **Díseart Dá Chríoch**, Dán 5.31a
- N. **Doire**, Dán 1.12d; Dán 4.19c; Dán 5.25d, 30a
- O. **Dún Baoi**, Dán 6.30a
- P. **Eamhain Mhacha**, Dán 4.9c; Dán 5.12d, 24a, 35d
- Q. **Eas Ruaidh**, Dán 3.9b
- R. **Fánaid**, Dán 1.22d; Dán 5.16d
- S. **Fearsaid Mhór (Leitir Ceanainn, Ard an Gháire)**, Dán 5.1a, 2c, (3b), 21a, 23d, 30d, 35b, 36d, 44c
- T. **Gaillimh**, Dán 1.13a
- U. **Iorras**, Dán 6.30d
- V. **Mullach Maisdean**, Dán 5.46a
- W. **Murbhach**, Dán 3.8b; Dán 4.11b
- X. **Saingeal**, Dán 5.46c
- Y. **Sligeach**, Dán 1.49b; Dán 4.20b; Dán 5.46b
- Z. **Srúibh Brain**, Dán 6.51b
- AA. **Teamhair**, Dán 1.32d, 52a; Dán 2.15a; Dán 5.3c; Dán 6.5c, 25a, 32a, 33a, 36c, 46c, 55c, 56c

- Dún Breagh**, Dán 6.22a
- Seanchathaoir Bhreagh**, Dán 6.43c
- Té**, Dán 6.39c
- Teagh Oilill**, Dán 4.33d
- Tiormthulach na dTrí bhFionn**, Dán 6.35c
- Tolach an Trír**, Dán 6.7c, 41c
- Tolach Dá Thí**, Dán 2.3b

CRAOBH GHINEALAIGH CHLANN DÁLAIGH

Scaradh Chineál Chonaill agus Chineál Eóghain



CÉADLÍNTÉ NA NDÁNTA

<i>Díol fuatha flaitheas Éireann</i>	150
<i>Dlighidh file fagháil aisig</i>	63
<i>Fada a gcairt ó chloinn Dálaigh</i>	39
<i>Gréas dearbhtha Duan na Feirsde</i>	113
<i>Tréan ríogh uaisligheas ollamh</i>	68
<i>Truagh gan Mhaghnas 'na mhac ríogh</i>	58